# Athsmaoinigh. Athnuaigh. Athneartaigh.

Bord na Móna

Tuarascáil Bhliantúil 2021



# Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais

**Ábhar** | **Leathanach**


| Ábhar | Leathanach |
|---|---|
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 2 |
| Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach | 5 |
| **Tuarascáil ar Rialachas** | |
| Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca | 7 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 11 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 17 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | 18 |
| **Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite** | |
| Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite | 21 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach Iomlán | 22 |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite | 23 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas | 24 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid | 25 |
| Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | 26 |
| **Ráitis Airgeadais Eintitis** | |
| Clár Comhardaithe na Cuideachta | 66 |
| Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas | 67 |
| Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais na Cuideachta | 68 |

# Ráiteas ón gCathaoirleach

Tá áthas orm thar ceann an Bhoird an Tuarascáil Bhliantúil do Ghrúpa Bhord na Móna don bhliain fhioscach dar críoch 31 Márta 2021 a chur i láthair.

I mí na Nollag 2020, cheadaigh baill Bhord na Móna straitéis nua 10 mbliana agus plean Airgeadais. Is é straitéis Bord na Móna a bheith ina cuideachta réitigh aeráide, ag treorú na hÉireann i dtreo todhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de. I mí Eanáir 2021 dheimhnigh Bord na Móna go scoirfeadh sé go buan de mhóin a bhaint ar a thailte agus go ndíreodh sé a ghnó ar fhuinneamh in-athnuaite, athchúrsáil, athchóiriú tailte portaigh agus soláthar earraí agus seirbhísí ísealcharbóin eile.

Tá Bord na Móna ag tabhairt faoi roinnt gníomhartha suntasacha chun tacú le beartas aeráide agus fuinnimh. Is éard atá i gceist leis na gníomhartha seo ná claochlú ó bhonn agus dícharbónú ar nach mór an gnó ar fad. Cinnteoidh siad freisin go leanfaidh Bord na Móna de bheith ina ghineadóir suntasach fostaíochta in Éirinn, go háirithe ar fud réigiún lár na tíre.

Ag deireadh 2020, sheol Bord na Móna, de réir an bheartais náisiúnta agus le tacaíocht ón Rialtas, an Scéim um Ghníomhaíocht Aeráide ar Thailte Móna. Úsáidfidh an Scéim seo cumhacht nádúrtha tailte portaigh chun stór de níos mó ná 100m tonna carbóin a shlánú go suthain, astaíochtaí a ghearradh, agus na milliúin tonna níos mó a ghabháil sna blianta amach romhainn. Cuideoidh an Scéim gan fasach seo le dul i ngleic lenár ndúshláin náisiúnta maidir le bithéagsúlacht agus soláthróidh sí raon tairbhí sláinte agus comhshaoil tábhachtacha eile do na pobail in aice láimhe.

Tá Fuinneamh Inathnuaite ar cheann de phríomhspreagthaí an fháis i mBord na Móna, ag soláthar deiseanna suntasacha margaidh chun ár sócmhainní talún, ár scileanna forbartha tionscadail agus ár dtaithí theicniúil a ghiaráil maidir le sócmhainní fuinnimh in-athnuaite a oibriú. Cuirfidh sé seo go mór le spriocanna na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite faoi 2030. Beimid in ann an tríú cuid de thithe na hÉireann a sholáthar ó fhuinneamh in-athnuaite faoi 2030. Leanann an athchúrsáil lena aidhm a bheith mar bhailitheoir agus phróiseálaí mór dramhaíola, agus mar sholáthróir réitigh cóireála deiridh chun tacú le feachtas na hÉireann i dtreo bainistíocht inbhuanaithe dramhaíola.
Ag teacht le cinneadh Bhord na Móna deireadh a chur le gníomhaíochtaí bainte móna tá an gnóthas Táirgí Tomhaltóirí tar éis a straitéis a luathú chun aistriú go meáin 100% fáis Glas agus táirgí téimh tí ag úsáid comhábhair inbhuanaithe. Le bliain anuas, mhéadaigh an tAonad Gnó Nua a fhócas ar dheiseanna tráchtála agus comhpháirtíochta a bhaineann amach lánacmhainneacht ár dtalún, ár ndaoine, agus ár sócmhainní atá ailínithe lenár ngnó lárnach mar chuideachta réitigh aeráide.

Tá fás na Cuideachta indéanta mar gheall ar an athstruchtúrú a rinneadh le trí bliana anuas, le tacaíocht ón bhfoireann go léir, agus os cionn €50m de chostais a thógáil amach, chomh maith leis na hAonaid Ghnó agus na foirne Bainistíochta a athmhúnlú chun na forbairtí uaillmhianacha nua a chumasú.

Leanann an Bord ag tabhairt tosaíochta do chur chuige i leith rialachas corparáideach atá bunaithe ar an dea-chleachtas agus ar rialáil agus treochtaí atá ag teacht chun cinn.Gabhaim buíochas ó chroí le mo chomhghleacaithe Boird as a dtacaíocht agus a dtiomantas i rith na bliana. Bhí roinnt athruithe againn ar an mBord i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Phillip Casey as a chuid oibre luachmhaire ar son an Bhoird agus as a thacaíocht dom féin agus don Chuideachta ar a thuras. Táim ag tnúth le bheith ag obair le baill uile an bhoird de réir mar a leanann Bord na Móna ag cur a straitéis nua i bhfeidhm.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide atá ann faoi láthair, an tUasal Eamon Ryan agus a réamhtheachtaí an tUasal Richard Bruton. Gabhaim buíochas freisin leis an Uasal Mark Griffin, Ard-Rúnaí na Roinne, Patricia Cronin, Uasal, Ard-Rúnaí Cúnta agus Barbara Leeson, Uasal agus Jenny O'Hora, Uasal, Príomhoifigigh agus oifigigh eile na Roinne as a dtacaíocht agus a gcomhairle. I rith na bliana, rinne an Chuideachta idirghníomhú ar bhonn rialta ar chúrsaí rialachais leis an rannán NewERA de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na hoifigigh in NewERA agus leis na hoifigigh éagsúla sa Roinn as a dtacaíocht i rith na bliana.

Agus muid ag féachaint i dtreo thodhchaí Bhord na Móna, táim muiníneach go gcinnteoidh an Bord, in éineacht leis an mBainistíocht faoi stiúir ár bPríomhfheidhmeannaigh Tom Donnellan, go seachadfaidh an Chuideachta réitigh aeráide go náisiúnta agus go leanfaidh sí ag seachadadh tionscadail nua fostaíochta ionas gur féidir léi leanúint ar aghaidh lena sainordú a chomhlíonadh i leith Lár Tíre na hÉireann. Táim ag tnúth le comhlíonadh Bhord na Móna ar ár bplean uaillmhianach 10 mbliana agus á dhéanamh sin, chun ár seasamh mar chuideachta réitigh aeráide a dhaingniú, ag cabhrú le hÉirinn a threorú i dtreo todhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus trasdul cóir a sholáthar dóibh siúd is mó a mbeidh tionchar ag an ngá le dícharbónú.

**Geoffrey Meagher**
Cathaoirleach


Tá Bord na Móna ag tabhairt faoi roinnt gníomhartha suntasacha chun tacú le beartas aeráide agus fuinnimh. Is éard atá i gceist leis na gníomhartha seo ná claochlú ó bhonn agus dícharbónú ar nach mór an gnó ar fad.



Tá tús á chur leis an Scéim um Ghníomhú ar son na hAeráide ar Thailte Móna. Mar thoradh ar an scéim seo déanfar níos mó ná 30,000 heicteár de thailte portaigh a dheisiú agus a athbheochan, stór carbóin 100 milliún tona a chothabháil agus na milliúin tona breise carbóin a sheachaint agus a ghabháil freisin.

# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach

Le bliain anuas tá Bord na Móna tar éis a aistriú a thabhairt chun críche chun bheith ina phríomhchomhlacht Réitigh Aeráide in Éirinn, ag cinntiú go gcomhlíonfaidh an stát a thiomantas i leith a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.

Léiríonn na torthaí airgeadais don bhliain fhioscach 2021 (BF21) an rath seo go simplí. In BF18 rinne an chuideachta caillteanas réamhchánach de bheagnach €15m. An bhliain ina dhiaidh sin ghlac an chuideachta an straitéis Donn go Glas chuici féin agus thabhaigh sí míreanna eisceachtúla a d'eascair as athstruchtúrú suntasach agus as clár luathaithe dícharbónúcháin. I mbliana, tá gach réimse den ghnó ag feidhmiú go láidir agus den chéad uair ó BF17 tá an chuideachta ag tuairisciú brabúis roimh cháin de bheagnach €28m. Tá ár gclár comhardaithe fós láidir le glan-staid dhearfach airgid de €14.1 milliún ag deireadh na bliana. Ligeann an fheidhmíocht láidir airgeadais seo dúinn tacú le pinsin, ár ngnó a infheistiú agus a fhorbairt agus ligeann sí dúinn níos mó a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Chuir sé ar chumas na cuideachta a mbonn fostaíochta a mhéadú go suntasach freisin de réir mar a leathnaíonn Bord na Móna a ghnóthaí glasa.

B'fhéidir an dul chun cinn seo ar fad a dhéanamh de bharr gur ghlac Bord na Móna go hiomlán lena ról nua mar phríomhchomhlacht Réitigh Aeráide na hÉireann. Is díol suntais ar leith é tús a chur le hoibríochtaí na Scéime Gníomhaíochta Aeráide ar Thailte Móna agus muid ag glacadh leis an ról ceannaireachta seo i ngníomh aeráide. Déanfaidh an scéim seo breis agus 30,000 heicteár de thailte portaigh a dheisiú agus a athbheochan, stór carbóin 100m tona a chothabháil agus na milliúin tonna breise carbóin a sheachaint agus a ghabháil freisin. Cuideoidh na hoibreacha seo le dul i ngleic leis an ngéarchéim bhithéagsúlachta ach réimsí móra áilleachta nádúrtha a chruthú agus a chaomhnú agus cuirfidh siad go mór le forbairt áiseanna ar fud an réigiúin freisin.

Rinne Bord na Móna dul chun cinn suntasach freisin i bhforbairt codanna eile dá chlár gníomhaíochta aeráide. Tá píblíne fuinnimh in-athnuaite €1.6 billiún i gceist le go leor de seo agus soláthróidh an chuideachta fuinneamh in-athnuaite do thrian de thithe na hÉireann faoi 2030. Fuair an chuideachta cead pleanála do shaoráid díleá anaeróbach, saoráid gréine, cuireadh tús le tógáil ar dhá fheirm ghaoithe nua, agus d'fhógair sí roinnt tionscadail eile lena n-áirítear an fheirm ghaoithe is mó in Éirinn i mBaile Mhic Dhiarmada, Co. Chill Dara. Leathnaigh gnó athchúrsála na cuideachta, atá dírithe chun tacú le beartas náisiúnta an gheilleagair chiorclaigh, a bhonn custaiméirí ar fud réigiún Laighean agus an iarthair-láir agus fuair sé roinnt éadálacha tábhachtacha lena n-áirítear Diúscairt Dramhaíola an Inbhir Mhóir i gCill Mhantáin. Chomh maith leis sin, lean an chuideachta ag cur tairiscintí inbhuanaithe nua in ionad breoslaí ardcharbóin agus táirgí gairneoireachta, tairiscintí a fhreastalaíonn ar riachtanais an mhargaidh reatha agus ar riachtanais mhargaí amach anseo. De réir mar a chuir an gnóthas a chlaochlú bunaithe ar ghníomhaíocht aeráide i gcrích, d'fhorbair an chuideachta féiniúlacht nua do Bhord na Móna freisin. Tá an t-aitheantas nua dírithe chun íomhá Bhord na Móna a ailíniú lena chuspóir mar phríomhchomhlacht Réitigh Aeráide na hÉireann. Is príomhchuspóir do Bhord na Móna é feasacht a mhúscailt i measc ár bpríomhlucht tacaíochta go náisiúnta agus go réigiúnach ar fhéiniúlacht agus ar chuspóir nua na cuideachta sa bhliain amach romhainn.

Tharla rath uile na cuideachta agus forbairt do roinnt tionscadail thábhachtacha amach anseo faoi shrianta phaindéim Covid-19, a leanann go fóill. Chinntigh fostaithe Bhord na Móna gur thugamar aghaidh láidir ar dheacrachtaí uile na bliana seo caite agus ár straitéis curtha chun cinn go forleathan. Tá an mianach iontach seo le brath go smior i mBord na Móna. Chothaigh sé an chuideachta trí go leor dúshlán, rinne sé é a athrú go cuideachta Réitigh Aeráide agus tá todhchaí spreagúil agus shlán in ann dár gcuideachta, dár ndaoine agus do na pobail ina n-oibrímid a bhuí leis.

**Tom Donnellan**
An Príomhfheidhmeannach

# Tuarascáil ar Rialachas

| Ábhar | Leathanach |
|---|---|
| Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca | 7 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 11 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 17 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | 18 |





# Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca

## Bainistíocht Riosca

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as bainistíocht riosca, lena n-áirítear cineál agus méid na rioscaí suntasacha a bhfuil sé sásta glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibríochta a bhaint amach a chinneadh. Chuige sin, bhunaigh an Bord córas bainistíochta riosca a fhorálann do shainaithint, measúnú agus cur i bhfeidhm gníomhartha agus rialuithe maolaithe go leanúnach, agus do mhonatóireacht agus tuairisciú ar na rioscaí suntasacha i mBord na Móna.

Tá an Coiste Riosca agus Iniúchóireachta freagrach, faoi údarás tarmligthe, as cabhrú leis an mBord a oibleagáidí a chomhlíonadh i dtaobh measúnú, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí is dual don ghnó agus na próisis rialaithe chun na rioscaí sin a bhainistiú. Tacaíonn Príomhoifigeach Rioscaí ceaptha leis an gCoiste.

Tá an Príomhoifigeach Rioscaí freagrach as maoirsiú na ngníomhaíochtaí bainistíochta riosca ó lá go lá agus as a chinntiú go bhforbraítear agus go gcothaítear córas bainistíochta riosca éifeachtach, a thagann le nádúr, scála agus castacht an Ghrúpa. Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag Bord na Móna ar fud an fhiontair, córas a chuireann béim láidir ar rioscaí straitéiseacha ag leibhéal an Ghrúpa (clár na rioscaí straitéiseacha) agus ar rioscaí straitéiseacha ag leibhéal an ghnó (cláir na rioscaí gnó). Sa chóras bainistíochta riosca sin, dírítear go mór ar bhainistiú na rioscaí a bhfuil an lucht bainistíochta in ann tionchar a imirt orthu tríd an bpróiseas riosca chomh maith le béim ar ghníomhartha amach anseo agus tá tábhacht faoi leith le freagracht as na nithe sin. Tá an bhainistíocht riosca leabaithe i ngach aonad gnó ag leibhéal oibríochta.

Soláthraíonn an córas bainistíochta riosca struchtúir chuí rialachais chun tacú le cleachtais bainistíochta riosca, sannadh foirmiúil na bhfreagrachtaí riosca i measc an Ghrúpa agus na nósanna imeachta a úsáidtear, gníomhartha agus rialuithe maolaithe ábhartha ina measc.

**Áirítear leis an gcóras bainistíochta riosca na príomhghnéithe seo a leanas:**

- Straitéis rioscaí a bhfuil cuspóirí agus prionsabail mar chuid di;
- Dhá chlár rioscaí, clár na rioscaí straitéiseacha agus clár na rioscaí gnó;
- Sannadh míreanna soiléire gníomhartha maolaithe agus freagrachtaí as clár na rioscaí straitéiseacha agus cláir na rioscaí gnó;
- Creat agus timthriall tuairiscithe chun na rioscaí a bhfuil nó a bhféadfadh Bord na Móna a bheith nochta dóibh a shainaithint, a mheasúnú, a mhonatóiriú agus chun tuairisciú orthu;
- Plean monatóireachta rioscaí ina dtugtar breac-chuntas ar athbhreithniú, dúshlán agus freagrachtaí maoirsithe an Phríomhoifigigh Rioscaí agus na foirne Bainistíochta;
- Nósanna imeachta tuairiscithe a chinntíonn go ndéantar monatóireacht ghníomhach, bainistiú agus cumarsáid chuí maidir le heolas faoi rioscaí ag gach leibhéal laistigh de Bhord na Móna. Tugann na nósanna imeachta breac-chuntas ar fhreagrachtaí an lucht bainistíochta, an Phríomhoifigigh Rioscaí, an Choiste Riosca agus Iniúchóireachta agus an Bhoird;
- Cultúr láidir bainistíochta riosca a leabú i ngach leibhéal sa Ghrúpa; agus
- Ráitis foinn rioscaí a forbairt i dteannta an phróisis rioscaí straitéiseacha, agus ansin tabhairt faoi mhonatóireacht agus tuairisciú ar na ráitis sin.

# **Bainistíocht Riosca** ar lean
## Rioscaí Straitéiseacha

Méadaithe Riosca Aeráid | Laghdaithe Riosca Aeráid | Gan athrú Riosca Aeráid

| | Riosca agus Tionchar | Aeráid Riosca | Gníomhartha Maolaithe |
|---|---|---|---|
| Airgeadas | **Saoráidí Baincéireachta**<br>An riosca go dteipfí ar shaoráidí leordhóthanacha baincéireachta cuí a sholáthar chun riachtanais athmhaoinithe agus gnó a chomhlíonadh agus go dteipfí ag bainistiú rátaí úis agus nochtadh airgeadra eachtraigh. Tá sé rí-thábhachtach go dtugtar dóthain cistithe ag costas cuí chun an plean straitéiseach a mhaoiniú, leachtacht a choinneáil chun freastal ar cheanglais na todhchaí agus teagmhas a sholáthar in aghaidh cúinsí nach mbeadh aon choinne leo. | Gan athrú | Tá cistíocht an Ghrúpa freagrach as gníomhaíochtaí cistíochta ar fud an Ghrúpa ó lá go lá, lena n-áirítear díorthaigh shonracha a shocrú. D'fhaomh an Bord beartas cistíochta ina sonraítear an chaoi a mbainistítear gníomhaíochtaí cistíochta ar fud an Ghrúpa. Glacann an Grúpa le seasamh drogallach roimh rioscaí nuair a bhíonn beartas airgeadra eachtraigh agus ráta úis á shonrú. Tá fálaithe nádúrtha eacnamaíocha áirithe sa Ghrúpa agus tá sé mar pholasaí airgeadraí a mheaitseáil agus a theorannú i measc na ngnóthaí. Chun seasmhacht na sreafaí airgid a chinntiú agus ar an gcaoi sin riosca sa ráta úis a bhainistiú, tá sé mar pholasaí ag an nGrúpa 50% ar a laghad dá fhiachas fadtéarmach a choinneáil ar rátaí seasta.<br><br>Amhail an 31 Márta 2021, bhí saoráidí creidmheasa imrothlaigh dar luach €125 milliún ag an nGrúpa, agus ní raibh aon cheann díobh tarraingthe. Le bliain anuas, chuir an Grúpa maoiniú tionscadail neamhiontaofa ar fáil d'fheirmeacha gaoithe a bheidh mar fhoinse thábhachtach cistithe don Ghrúpa sa todhchaí. Tá Bord na Móna ag cur straitéis mhaoinithe 10 mbliana i gcrích faoi láthair a leagfaidh amach an chaoi a maoineofar an Grúpa thar an tréimhse sin. Úsáidtear ionstraimí airgeadais chun riosca ráta úis agus airgeadais a bhainistiú. Ní ghlacann an Grúpa páirt i ngníomhaíocht amhantraíochta agus bíonn beartas oibríochta na cistíochta drogallach roimh rioscaí. |
| Oibríocht | **Aeráid**<br>An riosca ginearálta a bhaineann le héiginnteacht bhunúsach na bpatrún aimsire difriúil ar feidhmíocht oibríochta agus airgeadais an Ghrúpa. Áirítear leo sin tionchar na haimsire boige ar líon na ndíolachán le linn an gheimhridh sa ghnó Breoslaí, tionchar earrach fliuch ar líon na ndíolachán sa ghnó Gairneoireachta, agus tionchar airgeadais torthaí ísle gaoithe ar fheirmeacha gaoithe sa ghnó Powergen, agus bíonn tionchar acu seo go léir ar bhrabúsacht an Ghrúpa. Cruthaíonn éiginnteacht na haimsire riosca don bhrabús a ghineann an Grúpa. | Gan athrú | Trí phunann chothrom gnóthaí a fhorbairt, fuair an Grúpa "fálú" in aghaidh aon drochaimsir faoi leith i ngnó ar leith. D'fhorbair an Grúpa pleananna teagmhais freisin chun brabúsacht a chosaint ar fud an Ghrúpa má tharlaíonn droch-eachtra aimsire ar leith. D'oibrigh sé lena chuid fostaithe agus ceardchumainn chun lucht saothair níos solúbtha a fhorbairt. |
| | **Cead Pleanála**<br>An riosca nach bhfaigheadh an Grúpa cead pleanála le haghaidh tograí tábhachtacha bonneagair atá sa phlean straitéiseach. | Méadaithe | Tá foireann bainistíochta oilte ag an nGrúpa a léirigh go bhfuil siad in ann tograí móra bonneagair a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a chur i gcrích, agus a léirigh cumas chuige sin. Tá próiseas cruthaithe i bhfeidhm chun a chinntiú go seolfar an cháipéisíocht agus faisnéis riachtanach ar fad chuig na húdaráis ábhartha le gach iarratas pleanála. Anuas air sin, tugann an Grúpa faoi phróisis fhorleathana comhairleoireachta le pobail. |





# **Bainistíocht Riosca** ar lean
## Rioscaí Straitéiseacha

| | Riosca agus Tionchar | Aeráid Riosca | Gníomhartha Maolaithe |
|---|---|---|---|
| Oibríocht ar lean | **Sláinte agus Sábháilteacht**<br>An riosca go dteipfí cloí le reachtaíocht agus beartais sláinte agus sábháilteachta i ngeall ar easpa forfheidhmithe ar fud an Ghrúpa, nó toisc nach leanfadh an lucht bainistíochta agus fostaithe na nósanna imeachta cearta nó nach gcuirfí oiliúint orthu, rud a mbeadh gortú féideartha nó bás fostaí nó damáiste do mhaoin mar thoradh air, agus as a n-eascródh smachtbhanna airgeadais, caillteanas airgeadais agus dochar do chlú an Ghrúpa. | Gan athrú | Tá nósanna imeachta mionsonraithe Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa agus oibrítear na córais sin bunaithe ar chineál agus scála na rioscaí i ngach gnó ar leith. Cuireann an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta oiliúint ar gach ball foirne freisin agus cuirtear leis sin le hiniúchtaí seachtracha a dhéanann tríú páirtithe. Coinnítear clúdach árachais ag leibhéal an Ghrúpa le haghaidh gach riosca inárachais shuntasaigh agus tugann ár n-árachóirí faoi iniúchtaí cuimsitheacha. Bíonn oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir réimse rialachán agus iniúchtaí atá ag éirí níos déine de réir a chéile agus ceapadh nósanna imeachta stuama chun sárú ábhartha oibleagáidí reachtúla nó oibleagáidí rialaithe eile a chosc. |
| | **Cibearshlándáil**<br>An riosca go gcuirfí teicneolaíocht faisnéise agus/nó córais bhaincéireachta Bhord na Móna i mbaol mar gheall ar bhriseadh isteach, haiceáil nó ionsaí ó pháirtithe seachtracha nó inmheánacha as a n-eascródh caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú. Aithnítear anois an riosca cibearshlándála mar cheann de na rioscaí is tapa ag fás i measc eagraíochtaí go hidirnáisiúnta. | Méadaithe | D'aithin an Grúpa an tábhacht a bhaineann leis an riosca seo a bhainistiú agus déanann sé athbhreithniú leanúnach ar an gcibearshlándáil ar fud an Ghrúpa, agus fostaítear saineolas inmheánach agus seachtrach chuige sin. Déantar infheistíocht i dteicneolaíocht agus daoine chun slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise a choinneáil ar chaighdeán cuí. |
| | **Praghsáil Ghinearálta Leictreachais & soláthar Bithmhais do Stáisiún Cumhachta Éadan Doire (EPL)**<br>An riosca nach n-oibreoidh EPL mar gheall ar neamhábaltacht Bhord na Móna síneadh a fháil ar a chead pleanála tar éis Nollaig 2023, a neamhábaltacht méideanna leordhóthanacha bithmhaise dúchasaí agus allmhairithe a fháil ar phraghsanna inmharthana ar bhonn tráchtála agus an riosca go bhfuil cumhacht íseal aige praghsanna sa mhargadh leictreachais aonair ar fud ár sócmhainní agus an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na praghsanna seo ar thorthaí oibriúcháin an Ghrúpa. D'fhéadfadh caillteanas suntasach airgeadais don Ghrúpa eascairt as aon cheann de na rioscaí sin. | Méadaithe | D'éirigh go han-mhaith leis an nGrúpa le blianta beaga anuas ag aimsiú bithmhaise le haghaidh EPL. Bunaíonn foireann thiomnaithe chun tuilleadh bithmhais dhúchasach a aimsiú agus slabhra soláthair a fhorbairt le haghaidh bithmhais iompórtáilte chun EPL a sholáthar. Beidh an bhithmhais iompórtáilte sin ag líonadh éilimh, fad is a fhorbraíonn an margadh tuilleadh bithmhais dhúchasach ón earnáil foraoiseachta phríobháideach de réir mar a aibíonn sí agus a dtagann sí ar an margadh. Tá praghas carbóin sa todhchaí á fálú chun tosaigh go dtí Nollaig 2023, agus, i dteannta díolachán ar aghaidh cumhachta a ghineann an stáisiún, tugann sé sin cinnteacht corrlaigh. Oibríonn an Grúpa sócmhainní difriúla ginte leictreachais a úsáideann breoslaí difriúla lena n-áirítear bithmhais, gaoth, gás agus móin. Rinne an Grúpa comhaontuithe ceannacháin cumhachta 15 bliana do roinnt de na stáisiúin sin, rud a chinntíonn praghas na cumhachta ginte i gcás na sócmhainní sin. D'fhorbair an Grúpa punann éagsúlaithe go leanúnach ina bhfuil sócmhainní ginte chun an riosca a bhaineann le haon bhreosla ar leith a mhaolú. Tá foireann ar leith ann freisin atá ag obair faoi láthair ar chead pleanála athbhreithnithe don stáisiún EPL.<br><br>Aithníonn an Grúpa go bhféadfadh praghas ard carbóin i dteannta praghsanna ísle leictreachais tionchar tromchúiseach a imirt ar bhrabúsacht agus indéantacht EPL sa todhchaí. |

## **Bainistíocht Riosca** ar lean
## Rioscaí Straitéiseacha

| | Riosca agus Tionchar | Aeráid Riosca | Gníomhartha Maolaithe |
|---|---|---|---|
| Oibríocht ar lean | **COVID-19**<br>An riosca go mbeadh tionchar ag paindéim COVID-19 ar ár ngnóthaí mar gheall ar chur isteach suntasach ar an slabhra soláthair, tinneas/bás fostaithe, caillteanas gnó, cúlú eacnamaíochta, etc. Níltear cinnte go fóill faoi thionchar eacnamaíoch fadtéarmach na n-imeachtaí seo ach tá an baol ann go mbeidh caillteanas airgeadais suntasach agus impleachtaí acu don Ghrúpa sa todhchaí. | | Bunaíodh grúpa bainistíochta ilréimsiúil chun dul i ngleic leis na ceisteanna a bhaineann le paindéim COVID-19. Rinneadh infheistíocht bhreise inár gcumas IT le gur féidir le formhór na foirne bainistíochta agus riaracháin oibriú ón mbaile. D'éirigh go han-mhaith leis seo go dtí seo. Ceannaíodh trealamh cosanta don fhoireann i ngnóthaí éagsúla. Mionathraíodh roinnt den trealamh oibríochta agus cuireadh acmhainní breise ar fáil chun a chinntiú go bhfuil na cleachtais oibre sábháilte. Tá grúpa filleadh ar obair curtha ar bun chun breathnú ar uainiú agus impleachtaí na foirne ag filleadh ar a n-ionaid oibre. |
| | **Foireann a Choinneáil agus a Mhealladh**<br>An riosca go dteipfeadh ar an nGrúpa na scileanna, an tallann agus na hacmhainní a theastaíonn chun a phleananna gnó a chur i gcrích a choinneáil, a mhealladh agus a fhorbairt. Sa chás sin, chaillfeadh sé go leor eolais, agus d'fhéadfadh bearnaí forbairt sna sainscileanna a theastaíonn chun straitéis an Ghrúpa a chur i gcrích, agus d'imreodh sé sin ar fad tionchar ar na haidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach. | | Cuireann an Grúpa béim láidir ar an réimse seo agus tá cláir pleanála comharbais struchtúrtha i bhfeidhm anuas ar chláir forbartha bainistíochta. Tá clár earcaíochta céimithe i bhfeidhm le blianta beaga anuas.<br>Táimid tiomanta do dheiseanna fostaíochta d'ardchaighdeán a sholáthar agus táimid ag infheistiú i gcláir forbartha bainistíochta a bhfuil d'aidhm acu éagsúlacht níos mó a bhaint amach i bpoist shinsearacha ar fud an Ghrúpa. |
| | **Fás Gnó Nua**<br>An riosca go dteipfeadh ar an nGrúpa gnóthaí, margaí agus tograí bonneagair nua a fhorbairt, a theastaíonn chun teacht in áit a ghnóthaí traidisiúnta atá ag dul i léig. D'fhéadfadh sé sin tarlú mar gheall ar easpa béime i measc an lucht bainistíochta, caipiteal daonna agus airgeadais, deiseanna caillte, agus chothóidís uile meath i scála an Ghrúpa, leibhéil fostaíochta laghdaithe go mór agus caillteanas airgeadais. | | D'fhaomh an Bord straitéis mhionsonraithe chun réimsí gnó nua a fhairsingiú níos mó i measc Ghrúpa Bhord na Móna. Bhunaigh an Grúpa foirne thiomnaithe chun gnó a fhorbairt i measc a thrí ghnó, i.e. Aisghabháil Acmhainní, Powergen agus Gnó Nua. Cuimsíonn na foirne ilréimsiúla sin innealtóireacht, airgeadas, dlí agus bainistíocht tionscadal. Tá go leor caipiteal airgeadais curtha i dtreo na gnóthaí reatha sin agus an rannán gnó nua a fhorbairt tuilleadh. Breathnaíonn an Grúpa ar chomhfhiontair freisin, mar bhealach chun taithí sheachtrach a thabhairt isteach agus riosca a roinnt. |
| Rialála | **Rialála/Polaitiúil**<br>An riosca a bhaineann le droch-athruithe rialála agus an tionchar a d'fhéadfaidís a imirt ar shamhail airgeadais agus ghnó an Ghrúpa. Mura gcloítear leo d'fhéadfadh go dtarlódh gníomhartha forfheidhmithe, dliteanais dhlíthiúla, damáiste do chlú an Ghrúpa agus caillteanas tacaíochta ó scairshealbhóirí.<br>Tá siad seo a leanas i measc na rioscaí tábhachtacha rialála atá os comhair an Ghrúpa: cur i bhfeidhm féideartha na cánach carbóin méadaithe ar bhrícíní móna; an treocht i dtreo ábhar nach bhfuil bunaithe ar mhóin a úsáid in áit móna i dtáirgí miondíola Gairneoireachta i margadh na Ríochta Aontaithe; Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite nua agus an próiseas ceantála nua a tugadh isteach le haghaidh íocaíochtaí tuillidh le haghaidh stáisiúin fuinnimh; athruithe leanúnacha sa timpeallacht rialála atá ag spreagadh níos mó bithmhaise a úsáid i stáisiún cumhachta Éadan Doire ag a bhfuil impleachtaí ar an slabhra soláthair agus ar chostais. | | Agus a phlean straitéiseach á fhorbairt, cinntíonn an Grúpa go bhforbraítear pleananna chun dul i ngleic leis na rioscaí rialála a bhíonn ag na gnóthaí agus go gcuirtear na pleananna i bhfeidhm nuair is féidir. Trí nuálaíocht agus forbairtí sa slabhra soláthair, leanann an Grúpa ag dul i ngleic leis an athrú rialála a mbíonn tionchar aige ar feidhmíocht oibríochta na ngnóthaí. Faomhadh infheistíocht chaipitil chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí rialála áirithe. I gcásanna áirithe nuair atáthar ag dul i ngleic le rioscaí Rialála, níl an dara rogha ag an nGrúpa ach glacadh leis na rioscaí sin.<br>Tá an Grúpa ag bainistiú aon rioscaí sa slabhra soláthair a bhaineann leis an mBreatimeacht go gníomhach. |





# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta Bhord na Móna cpt ar fáil don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Márta 2021.

### Príomhghníomhaíochtaí, Athbhreithniú Gnó agus Forbairtí Amach Anseo

Is cuideachta réitigh aeráide é Bord na Móna atá dírithe ar fhuinneamh in-athnuaite, athchúrsáil agus scéim leathnaithe athshlánaithe tailte portaigh thar níos mó ná 30,000 heicteár.

Sa Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach ar leathanach 5 tá an t-athbhreithniú gnó agus athbhreithniú ar fhorbairt ghnó grúpa cuideachtaí Bhord na Móna (an "Grúpa") i rith na bliana, staid chúrsaí na ngnólachtaí ar an 31 Márta 2021, imeachtaí le déanaí agus forbairtí dóchúla sa todhchaí.

### Torthaí don bhliain and Díbhinní

Tugtar sonraí faoi thorthaí airgeadais Bhord na Móna cpt don bhliain airgeadais dar críoch 31 Márta 2021 ar leathanaigh 21–72. Níor íocadh aon díbhinn i rith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Márta 2021.

### Rialachas Corparáideach

#### Rialachas

Bunaíodh Bord Bhord na Móna cpt faoi réir fhorálacha na nAchtanna Forbartha Móna 1998. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in ailt 18-32 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann an Bord faoin tasc sin ach cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó ar fad. Tá an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as gnáthbhainistíocht, rialú agus treo Bhord na Móna cpt. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta Bhord na Móna cpt.

#### Stiúrthóirí

Cinneann Bord ar a bhfuil dháréag comhaltaí beartas Bhord na Móna agus is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a cheapann na comhaltaí sin. Ceaptar seachtar de na Stiúrthóirí le haghaidh téarma cúig bliana go hiondúil. Ceaptar ceathrar de na Stiúrthóirí le haghaidh téarma ceithre bliana, de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Ceaptar an Príomhfheidhmeannach ar an mbord nuair a cheaptar sa phost sin é/í. Ba iad na Stiúrthóirí i rith na tréimhse airgeadais:

| | | |
|---|---|---|
| **Geoffrey Meagher (An Cathaoirleach)** | Neamh-fheidhmiúcháin | Ceaptha Deireadh Fómhair 2017 |
| **Tom Donnellan (An Príomhfheidh-meannach)** | Feidhmiúcháin | Ceaptha Aibreán 2018 |
| **Denise Cronin** | Neamh-fheidhmiúcháin | Ceaptha Meán Fómhair 2011, athcheaptha Bealtaine 2016 |
| **Gerard O'Donoghue** | Neamh-fheidhmiúcháin | Ceaptha Deireadh Fómhair 2012, athcheaptha Deireadh Fómhair 2017 |
| **Paddy Rowland** | Oibrí is Stiúrthóir | Ceaptha Eanáir 2019 |
| **Elaine Treacy** | Neamh-fheidhmiúcháin | Ceaptha Iúil 2012, athcheaptha Iúil 2017 |
| **Barry Walsh** | Neamh-fheidhmiúcháin | Ceaptha Deireadh Fómhair 2012, athcheaptha Deireadh Fómhair 2017 |
| **Philip Casey** | Oibrí is Stiúrthóir | Ceaptha Eanáir 2015, athcheaptha Aibreán 2019 ar scor 31 Nollaig 2020 |
| **Mary Rose Burke** | Neamh-fheidhmiúcháin | Ceaptha Meán Fómhair 2019 |
| **Margot Slattery** | Neamh-fheidhmiúcháin | Ceaptha Meán Fómhair 2019 |
| **Eddie Tynan** | Oibrí is Stiúrthóir | Ceaptha Meán Fómhair 2019 |
| **Kevin Healy** | Oibrí is Stiúrthóir | Ceaptha Samhain 2019 |

#### Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm acu lena chinntiú go gcloífear leis an gCód. Chomhlíon Bord na Móna cpt go hiomlán an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh na tréimhse airgeadais.

### Ráiteas Tuairiscithe Neamhairgeadais

Bíonn sé d'aidhm ag Bord na Móna cloí le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Nochtadh Faisnéise Neamhairgeadais agus Éagsúlachta ag gealltanais móra agus grúpaí áirithe) 2017. Dearadh an tábla thíos chun cabhrú le geallsealbhóirí dul chuig na rannóga ábhartha sa tuarascáil ina dtugtar faisnéis bhreise ar chur chuige an Ghrúpa i leith ár bhfaisnéise neamhairgeadais.

| Ceanglas Tuairiscithe | Beartais agus Caighdeáin a Rialaíonn ár gCur Chuige | Faisnéis Bhreise agus Bainistíocht Riosca |
|---|---|---|
| Cúrsaí Comhshaoil | > Réitigh ar son na hAeráide<br>> Scéim Gníomhaíochta Aeráide na dTailte Portaigh<br>> Comhlíonadh aeráide[1]<br>> Inbhuanaitheacht an Bithmhais[1] | > Tá Éire tiomanta do spriocanna uaillmhianacha aeráide; tá réitigh nuálaíocha deartha againn le cuidiú iad a bhaint amach. **www.bordnamona.ie/climate-solutions/overview**<br>> Táimid ag athbhunú agus ag athshlánú phortaigh na hÉireann chun cabhrú le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach. **www.bordnamona.ie/peatlands/overview**<br>> Comhlíonann go hiomlán ár gCeadúnais um Rialú Comhtháite ar Thruailliú, P0499-01 go P0507-01. Oibríonn faoi láthair faoi naoi gCeadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú a rialaíonn ár gcuid gníomhaíochtaí bainte móna ar fad faoin Acht faoin nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.<br>> Tá ocht láithreán Dramhaíola Cheadúnaithe agus láithreán Dramhaíola Ceadaithe amháin againn. Comhlíonann gach láithreán na caighdeáin NSAI ISO 9001 (Bainistíocht Cáilíochta), ISO 14001 (Bainistíocht Comhshaoil), OHSAS 18001 (Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta).<br>> Tá Bord na Móna tiomanta do bhithmhais inbhuanaithe a aimsiú chun caighdeáin an Aontais Eorpaigh agus caighdeáin Náisiúnta a chomhlíonadh. |
| Fostaithe | > Sochair d'fhostaithe<br>> An Cód Iompair1<br>> An Beartas um Nochtadh Cosanta1<br>> An Beartas Sláinte agus Sábháilteachta1<br>> Ráiteas Éagsúlachta & Cuimsithe<br>> Sláinte & Folláine | > Tá réimse buntáistí ag ár bhfostaithe agus iad ag forbairt gairmeacha dinimiciúla, dúshlánacha agus sásúla. **www.bordnamona.ie/careers/working-at-bord-na-mona**<br>> Bíonn beartais agus nósanna imeachta uile Bhord na Móna ar fáil do na fostaithe ar fad, tríd an ionduchtú ar dtús agus ansin de réir mar a nuashonraítear iad ar ár n-ardán inlín inmheánach. Déantar nuashonrú rialta ar na beartais agus cuirtear in iúl do na fostaithe ar fad iad.<br>> Tá beartais a thagann leis an gCóras Bainistíochta Riosca i bhfeidhm chun tacú le rialachas cuí na heagraíochta.<br>> Córais Sláinte agus Sábháilteachta (leathanach 9 an Tuarascáil ar Riosca, Riosca Oibríochta Sláinte agus Sábháilteachta).<br>> Tá Bord na Móna tiomanta d'éagsúlacht agus do chuimsiú a chur chun cinn agus tá "Cairt Éagsúlachta na hÉireann" sínithe againn. **www.bordnamona.ie/careers/working-at-bord-na-mona**<br>> Díríonn ár gclár Sláinte & Folláine ar théamaí na sláinte ginearálta, sláinte an choirp, cothú agus sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. |
| Cúrsaí Sóisialta | > Gnóthachan Pobail an Droichid<br>> Gnóthachan Pobail Mount Lucas<br>> Tacaíocht Bhord na Móna do Charthanas Athchúrsála<br>> Áiseanna Poiblí | > Táimid ag cabhrú le cáilíocht na beatha a fheabhsú do dhaoine ar fud na tíre, trí chistí pobail, ranníocaíochtaí carthanúla agus áiseanna áitiúla. **www.bordnamona.ie/who-we-are/community**<br>> Táimid ag tógáil áiseanna poiblí ar ár dtailte portaigh chun na spásanna seo a oscailt ionas go mbainfidh gach duine taitneamh astu. **www.bordnamona.ie/peatlands/public-amenities** |
| Cearta an Duine | > Ráiteas um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha<br>> An tAcht um Thús Áite do Leanaí, an Ráiteas coimircithe leanaí1 | > Tá Bord na Móna tiomanta do chur i gcoinne na sclábhaíochta nua-aimseartha, agus tá ceanglais an Achta um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha na Ríochta Aontaithe curtha i bhfeidhm aige ar fud na heagraíochta iomláine **www.bordnamona.ie/wp-content/uploads/2021/05/Modern-Slavery-1.pdf** |
| Frithbhreabaireacht agus frithéillitheacht | > An Cód Iompair1<br>> An Beartas Frithbhreabaireachta agus Frithéillitheachta1 | > An Tuarascáil ar Rialachas. |
| Cur síos ar na príomhrioscaí agus tionchar na gníomhaíochtaí gnó | > An Beartas Bainistíochta Riosca1 | > An Tuarascáil ar Rialachas: An Tuarascáil ar Bhainistíocht Riosca leathanaigh 7-10. |
| Cur síos ar ár Samhail Ghnó | > Is cuideachta réitigh aeráide é Bord na Móna a chuidíonn le hÉirinn a threorú i dtreo todhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de. | > Clúdaíonn ár réitigh fuinneamh in-athnuaite, athchúrsáil, bainistíocht dramhaíola, ceapadh carbóin agus caomhnú bithéagsúlachta. **www.bordnamona.ie/who-we-are/overview**<br>> Féach freisin ár bhfreagra straitéiseach ar réitigh aeráide atá leagtha amach i Ráiteas an POF ar leathanach 5. |
| Príomhtháscairí feidhmíochta neamhairgeadais | | > Bhí gineadh 316,927 MWh ann ón ngaoth i rith na bliana (gan comhfhiontair a áireamh).<br>> Ba é ár Ráta Teagmhas Intaifeadta Iomlán ar an meán ó thaobh sláinte agus sábháilteachta 1.28 don bhliain. |

[1]Ní fhoilsítear Caighdeáin agus beartais áirithe go seachtrach.





### An Bord

**Oibríochtaí an Bhoird**

Tá an Bord freagrach as maoirseacht agus stiúradh Ghrúpa Bhord na Móna agus as a rath fadtéarmach a chinntiú. Déantar cinntí i ndiaidh eolas cuí a chur ar fáil do na comhaltaí Boird agus ag tabhairt aird ar na rioscaí a sainaithníodh tríd an bpróiseas bainistíochta riosca. Chuir an Bord sceideal ar fáil d'ábhair atá le cinneadh aige, lena n-áirítear:

> Faomhadh Straitéis an Ghrúpa, Plean Cúig Bhliana, Buiséid Bhliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha agus bhliantúla;

> Athbhreithniú ar feidhmíocht oibríochta agus airgeadais;

> Faomhadh caiteachas caipitil mór;

> Athbhreithniú ar chóras rialaithe airgeadais agus bainistíochta riosca an Ghrúpa;

> Ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh; agus

> Ceapadh Rúnaí na Cuideachta.

Tugtar faisnéis rialta don Bhord ar bhonn tráthúil, lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta do gach réimse den ghnó. Dáiltear tuarascálacha agus páipéir ar na Stiúrthóirí agus iad ag ullmhú do chruinnithe Boird agus Coistí

Tá fáil ag na comhaltaí Boird ar fad ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta atá freagrach don Bhord agus as comhlíonadh nósanna imeachta an Bhoird a chinntiú. Tá comhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa ar fáil má theastaíonn seirbhísí sainchomhairleoireachta ó na Stiúrthóirí. Féadfaidh Stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a iarraidh de réir nósanna imeachta sonraithe. Fuair gach Stiúrthóir seisiún eolais cuí tráth a c(h)eaptha ar an mBord agus cuireann an Grúpa oiliúint ar fáil i rith téarma oifige Stiúrthóra.

**Cruinnithe Boird**

Tháinig an Bord le chéile 12 uair i rith na bliana airgeadais.

**Measúnú an Bhoird**

Thug an Bord faoi mheasúnú inmheánach ar a fheidhmíocht le linn na tréimhse dar críoch 31 Márta 2021, lena n-áirítear feidhmíocht gach ceann de chúig choiste sheasta an Bhoird. Ina theannta sin, coimisiúnaíodh Meastóireacht Bhoird arna éascú go neamhspleách ó dheireadh na bliana airgeadais. A luaithe a bheidh siad críochnaithe, socrófar moltaí maidir le feabhsúcháin agus cuirfear i bhfeidhm iad.

**Comhrá le Geallsealbhóirí**

Bíonn an Bord ag plé go leanúnach le geallsealbhóirí faoi cheisteanna straitéiseacha.

**Neamhspleáchas na Stiúrthóirí**

Measann an Bord go bhfuil gach Stiúrthóir neamhspleách i gcarachtar agus breithiúnas. Dá ainneoin sin, luann an Bord gur ceapadh an Príomhfheidhmeannach agus ceathrar Stiúrthóirí de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988 agus go bhfuil conarthaí fostaíochta acu le Bord na Móna.

### Coistí Boird

Tá cúig Choiste sheasta ag an mBord a oibríonn faoi réir téarmaí tagartha foirmiúla.

**1. An Coiste Riosca agus Iniúchóireachta**

De réir fhorálacha alt 167 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (an "tAcht"), deimhníonn na Stiúrthóirí go bhfuil Coiste Riosca agus Iniúchóireachta acu a chomhlíonann ceanglais alt 167 den Acht.

Amhail an 31 Márta 2021, ba iad comhaltaí an Choiste Riosca agus Iniúchóireachta Denise Cronin (an Cathaoirleach), Margot Slattery agus Barry Walsh. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire le linn na bliana airgeadais. Tagann an Coiste le chéile ó am go chéile leis an iniúchóir inmheánach, leis an iniúchóir seachtrach agus le Bainistíocht Shinsearach chun plé a dhéanamh ar rialuithe cuntasaíochta inmheánacha an Ghrúpa, an fheidhm iniúchta inmheánaigh, an rogha beartas cuntasaíochta agus teicnící meastachán, an plean iniúchóireachta seachtraí, an tuarascáil iniúchóireachta reachtúla, tuairisciú airgeadais, próiseas Riosca an Ghrúpa, comhlíonadh soláthair, nochtadh cosanta agus nithe gaolmhara eile. Tá fáil gan teorainn ag an iniúchóir inmheánach agus an iniúchóir seachtrach ar an gCoiste Riosca agus Iniúchóireachta. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste don Bhord maidir le gach ceist shuntasach a bhí faoi chaibidil ag an gCoiste agus seoltar tuairiscí a chruinnithe chuig gach Stiúrthóir.

**2. An Coiste Luach Saothair**

Pléann an Coiste Luach Saothair le luach saothair agus speansais an Phríomhfheidhmeannaigh agus na hardbhainistíochta laistigh de threoirlínte an Rialtais, Pleanáil Caipitil Dhaonna, Bainistíocht Comharbais, Pinsin agus ceisteanna Acmhainní Daonna eile. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn na bliana airgeadais. Amhail an 31 Márta 2021, ba iad comhaltaí an Choiste Geoffrey Meagher (an Cathaoirleach), Elaine Treacy agus Gerard O'Donoghue. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, Tom Donnellan, ar an gCoiste seachas nuair atáthar ag plé a phoist féin.

**3. An Coiste Airgeadais**

Déanann an Coiste Airgeadais breith ar ghnéithe airgeadais na gceisteanna a chuirtear faoi bhráid an Bhoird, lena n-áirítear an Buiséad Bliantúil agus an Plean Cúig Bliana, éadálacha nó diúscairtí suntasacha sócmhainní nó maoine agus téarmaí mórchonarthaí. Amhail an 31 Márta 2021, ba iad comhaltaí an Choiste Geoffrey Meagher (an Cathaoirleach), Tom Donnellan, Mary Rose Burke agus Barry Walsh. Tháinig an Coiste le chéile sé huaire le linn na bliana airgeadais.

**4. An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta**

Cuireann an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta comhairle ar an mBord maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta laistigh de Ghrúpa Bhord na Móna. Amhail an 31 Márta 2021, ba iad comhaltaí an Choiste Gerard O'Donoghue (an Cathaoirleach), Tom Donnellan, Eddie Tynan agus Kevin Healy. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn na bliana airgeadais.

**5. Coiste Measúnaithe an Bhoird**

Éascaíonn Coiste Measúnaithe an Bhoird próiseas measúnaithe feidhmíochta don Bhord gach bliain, lena n-áirítear próiseas neamhspleách tríú páirtí gach trí bliana agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir le toradh an phróisis measúnaithe agus aon ghníomhartha ceartaithe a theastaíonn. Amhail an 31 Márta 2021, ba iad comhaltaí an Choiste Barry Walsh (an Cathaoirleach), Paddy Rowland agus Elaine Treacy. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire le linn na bliana airgeadais.

**Freastal ar Chruinnithe Boird agus Coiste**
Tugtar achoimre sa tábla anseo thíos ar fhreastal na Stiúrthóirí ar na cruinnithe Boird agus Coiste a raibh siad incháilithe le freastal orthu i rith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Márta 2021.

| | Cruinnithe Boird: i láthair/ incháilithe | Cruinnithe Coiste: i láthair/ incháilithe |
|---|---|---|
| G Meagher (An Cathaoirleach) | 12/12 | 8/8 |
| T Donnellan (An Príomhfheidhmeannach) | 12/12 | 10/10 |
| D Cronin | 12/12 | 5/5 |
| G O'Donoghue | 11/12 | 6/6 |
| E Treacy | 12/12 | 7/7 |
| P Rowland | 12/12 | 5/5 |
| B Walsh | 12/12 | 16/16 |
| P Casey (go dtí an 31 Nollaig 2020) | 9/9 | 3/3 |
| MR Burke | 12/12 | 6/6 |
| M Slattery | 12/12 | 5/5 |
| E Tynan | 11/12 | 4/4 |
| K Healy | 12/12 | 1/1 |

**Táillí an Bhoird/Luach Saothair na Stiúrthóirí**
Cinneann an Rialtas na táillí do na Stiúrthóirí agus leagann an tAire Cumhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide amach i scríbhinn iad. Tugtar breac-chuntas ar luach saothair na Stiúrthóirí i nóta 5 de na ráitis airgeadais ar leathanaigh 39-40.

B'ionann na speansais iomlána a íocadh leis na Stiúrthóirí sa bhliain airgeadais dar críoch an 31 Márta 2021 agus €107 (BF20: €12,357).

**Taifid Chuntasaíochta**
Creideann an Stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir leis an oibleagáid taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, trí fhoireann le saineolas cuí a fhostú agus acmhainní dóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid cuntasaíochta ag oifig chláraithe an Ghrúpa: An Phríomhshráid, Droichead Nua, Co. Chill Dara, W12 XR59.

## Acht na gCuideachtaí 2014

**Ráiteas um Chomhlíonadh an Stiúrthóra**
Tá sé mar pholasaí ag Bord na Móna cpt oibleagáidí ábhartha na Cuideachta a chomhlíonadh, mar a shainítear in alt 225 den Acht. Aithníonn gach aon Stiúrthóir go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh "oibleagáidí ábhartha" na Cuideachta agus deimhníonn siad mar a leanas:

> Cuireadh ráiteas beartais comhlíonta i dtoll a chéile ina leagtar amach beartais na Cuideachta maidir le comhlíonadh "oibleagáidí ábhartha" na Cuideachta;

> Dearadh socruithe agus struchtúir chuí chun comhlíonadh "oibleagáidí ábhartha" na Cuideachta a chinntiú agus cuireadh i bhfeidhm iad; agus

> Rinneadh athbhreithniú ar na socruithe agus struchtúir thuasluaite i rith na bliana airgeadais.

**Faisnéis Ábhartha faoin Iniúchadh**
De réir fhorálacha alt 330 den Acht, deimhníonn gach aon Stiúrthóir an méid seo a leanas:

> go bhfios do na Stiúrthóirí, níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchta ann nach bhfuil ar eolas ag na hiniúchóirí reachtúla; agus

> ghlac na Stiúrthóirí gach céim ar cheart dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchta a aimsiú agus tá sé deimhnithe acu go bhfuil na hiniúchóirí reachtúla ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Rialú Inmheánach

Thar ceann na Cuideachta, aithníonn na Stiúrthóirí an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialuithe inmheánacha a choinneáil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh. Ceaptar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta ach ní deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go ndéantar taifeadadh ceart ar idirbhearta, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBord na Móna don tréimhse dar chríoch an 31 Márta 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Áirítear leis na príomhnósanna imeachta a chuir an Bord i bhfeidhm:

> struchtúr eagraíochta ina bhfuil nósanna imeachta soiléire oibríochta agus tuairiscithe, teorainneacha údaraithe, roinnt dualgais agus údaráis tarmligthe;

> cód iompair a éilíonn go gcloíodh na Stiúrthóirí agus fostaithe ar fad leis na caighdeáin eiticiúla is airde agus iad i mbun gnó;

> freagrachtaí bainistíochta sonraithe go soiléir ar fud an Ghrúpa agus seirbhísí pearsanra cáilithe cinntithe agus dualgais leithroinnte mar is cuí ina measc;

> ráiteas cinntí curtha ar leataobh don Bhord;

> próiseas bainistíochta riosca trínar féidir rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú, rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmíocht agus cuspóirí gnó agus trína gcinntítear go bhfuil pleananna maolaithe cuí á gceapadh chun an riosca iarmharach a laghdú a oiread agus is féidir;

> próiseas buiséadaithe cuimsitheach do gach gnó, Lean Centre agus seirbhísí gnó as a n-eascraíonn buiséad bliantúil an Ghrúpa a fhaomhann an Bord;

> próiseas pleanála cuimsitheach do gach gnó, Lean Centre agus seirbhísí gnó as a n-eascraíonn plean fadtéarmach bliantúil an Ghrúpa a fhaomhann an Bord;

> córas tuairiscithe airgeadais cuimsitheach trína dtuairiscítear go míosúil don Fhoireann Ardcheannaireachta agus don Bhord faoi fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid le buiséid, an bhliain roimhe, réamhaisnéisí, táscairí feidhmíochta agus difríochtaí suntasacha;

> beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibríochta agus airgeadais lena n-áirítear caiteachas caipitil;





> Beartas um Nochtadh Cosanta chun bealach rúnda a thabhairt d'fhostaithe agus daoine eile chun aon chalaois nó ábhar imní eiticiúla a thuairisciú;

> nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais rioscaí móra gnó, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta airgeadais, cleachtais tarmligin, agus deighilt dualgas agus tacaíonn maoirseacht iomchuí leo seo;

> tá an lucht bainistíochta ar gach leibhéal freagrach as rialú inmheánach ar a fheidhmeanna gnó féin agus as ráitis dearbhaithe bainistíochta bliantúla agus ceistneoir féinmheasúnaithe a sholáthar; agus

> i measc na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh tá athbhreithnithe bainistíochta, úsáid sainchomhairleoirí seachtracha agus Iniúchadh Inmheánach agus obair an Choiste Riosca agus Iniúchta.

Déanann an iniúchóireacht inmheánach measúnú ar chórais rialaithe an Ghrúpa trí scrúdú ar rialuithe airgeadais, tástáil ar chruinneas na n-idirbheart agus dearbhú bainistíochta a fháil ar bhealaí eile go bhfuil na córais rialaithe ag oibriú de réir bheartais agus cheanglais rialaithe an Ghrúpa. Tuairiscíonn an iniúchóireacht inmheánach go díreach chuig an gCoiste Riosca agus Iniúchta ar an bplean iniúchta inmheánaigh riosca-bhunaithe lena n-áirítear oibriú rialuithe inmheánacha agus déanann moltaí maidir le feabhsúcháin ar an timpeallacht rialaithe más cuí. Nuair a aithnítear laigí i gcórais rialaithe inmheánaigh, cuirtear pleananna i bhfeidhm chun iad a neartú agus déantar monatóireacht leanúnach ar na pleananna sin go dtí go bhfuil siad críochnaithe.

Tá creat i bhfeidhm ag an nGrúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha a chuimsíonn rialuithe airgeadais, oibríochta, bainistíochta riosca agus comhlíonta. Tá an bhainistíocht freagrach as nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus easnaimh rialaithe. Sa bhliain airgeadais rinne comhairleoir neamhspleách scrúdú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus rinne sé meastóireacht ar oibrigh sé go héifeachtach i rith na tréimhse tuairiscithe. Áiríodh leis seo an córas tuairiscithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm agus measúnú a dhéanamh ar thug sé luathrabhadh leordhóthanach ar theipeanna rialaithe agus ar rioscaí ag teacht chun cinn. Cuireadh na torthaí in iúl dóibh siúd a bhí freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair b'ábhartha, go tráthúil.

Deimhníonn na Stiúrthóirí go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

> sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú;

> bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais; agus

> déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

Deimhníonn na Stiúrthóirí go bhfuil nósanna imeachta ag Bord na Móna chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú Bhord na Móna ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar shainchomhairleoirí seachtracha, ar obair an Choiste Riosca agus Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúchóirí, agus an Fhoireann Ardcheannaireachta laistigh de Bhord na Móna atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhníonn na Stiúrthóirí gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don tréimhse dar chríoch an 31 Márta 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais. Áirítear leis an bpróiseas a úsáideadh chun éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha a athbhreithniú:

> athbhreithniú agus breithniú ar chlár oibre na hiniúchóireachta inmheánaí agus breithniú ar a tuarascálacha agus torthaí;

> athbhreithniú ar an tuairisciú rialta ón iniúchóireacht inmheánach ar stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na moltaí a rinneadh roimhe sin óna tuarascálacha féin agus ó thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach;

> athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach ina bhfuil sonraí ar aon fhadhbanna ábhartha rialaithe inmheánaigh a d'aithin siad ina gcuid oibre mar iniúchóirí;

> feidhm ainmnithe Bainistíochta Riosca i mBord na Móna;

> athbhreithniú ar na tuarascálacha faoi na cláir rioscaí, na frithbhearta atá i bhfeidhm chun an riosca a mhaolú, an riosca iarmhartach atá ann fós agus na gníomhartha a theastaíonn nó atá ar bun chun na rioscaí a mhaolú tuilleadh.

> athbhreithniú ar an nuashonrú ar chomhlíonadh Soláthair a chuirtear ar fáil go leathbhliantúil don Choiste Riosca agus Iniúchóireachta;

> athbhreithniú ar Shláinte agus Sábháilteacht an Ghrúpa mar a chuirtear i láthair gach ráithe é don Choiste Sláinte agus Sábháilteachta agus don Bhord;

> athbhreithniú ar chomhlíonadh oibleagáidí na Cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí mar a chuirtear faoi bhráid an Choiste Riosca agus Iniúchóireachta iad; agus

> athbhreithniú Airgeadais agus Oibríochtúil a dhéantar go míosúil leis an mbainistíocht shinsearach, gach ráithe leis an gCoiste Airgeadais agus leis an mBord ag gach cruinniú Boird.

Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha i rialú inmheánach sa tréimhse tuairiscithe a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Gnóthas Leantach

I ndiaidh fiosrúcháin a dhéanamh, creideann na Stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint i mbun oibríochta go ceann i bhfad agus gur cuí leanúint ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. Tá na stiúrthóirí ag tabhairt faoi athbhreithnithe leanúnacha ar fheidhmíocht oibríochta, tráchtála agus airgeadais an Ghrúpa agus bhreith siad tionchar féideartha COVID-19 agus na héiginnteachtaí rialála ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

### Nithe is gá a nochtadh faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Bord na Móna ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Is gá na nithe seo a leanas a nochtadh de réir an Chóid:

Taisteal agus Liúntais Chothaithe
Ba iad na costais iomlána a tabhaíodh maidir le taisteal agus cothabháil i nGrúpa Bhord na Móna sa bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Márta 2021 ná €855,289 (BF20: €1,353,722).

#### Fáilteachas

Ba é an caiteachas iomlán comhiomláin a tabhaíodh i nGrúpa Bhord na Móna maidir le fáilteachas (lena n-áirítear caiteachas ar fholláine na foirne, ranníocaíochtaí le clubanna spóirt agus sóisialta, cóisirí Nollag, dearbháin One4all etc.) sa bhliain airgeadais dar críoch an 31 Márta 2021 ná:

- Fáilteachas foirne €578,385 (BF20: €226,509)
- Fáilteachas cliant €nialas (BF20: €46,133).

#### Costais Chomhairleachta

Ba é an caiteachas ar tháillí sainchomhairleoirí seachtracha, lena n-áirítear costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus gan gnáthfheidhmeanna gnó seachfhoinsithe san áireamh, i nGrúpa Bhord na Móna sa bhliain airgeadais dar críoch an 31 Márta 2021 ná €1,340,696 (BF20: €748,066).

### Priacail agus Neamhchinnteachtaí

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as bainistíocht riosca, lena n-áirítear cineál agus méid na rioscaí suntasacha a bhfuil sé sásta glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibríochta a bhaint amach a chinneadh. Chuige sin, bhunaigh an Bord Córas Bainistíochta Rioscaí a fhorálann do shainaithint, measúnú agus cur i bhfeidhm gníomhartha agus rialuithe maolaithe go leanúnach, agus do mhonatóireacht agus tuairisciú ar na rioscaí suntasacha i mBord na Móna. Tugtar sonraí na bpríomhrioscaí atá os comhair an Ghrúpa agus oibríocht Chóras Bainistíochta Riosca Bhord na Móna cpt don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Márta 2021 ar leathanaigh 7–10.

### Scairshealbhuithe an Rúnaí agus na Stiúrthóirí

Is ag Plean um Scair-úinéireacht d'Fhostaithe Bhord na Móna atá fós 5% de na gnáthscaireanna iomlána i mBord na Móna cpt, thar ceann 1,968 rannpháirtí incháilithe (fostaithe reatha agus ar scor) in Iontaobhas um Scair-úinéireacht d'Fhostaithe Bhord na Móna nó Scéim Brabús-roinnte Ceadaithe Bhord na Móna (APSS).

Tá Philip Casey, Kevin Healy, Paddy Rowland agus an Rúnaí ina rannpháirtithe i bPlean um Scair-úinéireacht d'Fhostaithe Bhord na Móna. Ag tús agus deireadh na bliana airgeadais bhí leithdháileadh barúlach 1,771 gnáthscair an duine acu i mBord na Móna cpt. Coinnítear na scaireanna seo i Scéim Brabús-roinnte Ceadaithe Bhord na Móna. Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí eile ná ag a muintir i scaireanna Bhord na Móna cpt nó aon Chuideachta eile de chuid an Ghrúpa i rith na bliana dar chríoch an 31 Márta 2021 nó sa bhliain roimhe sin.

### Iar-theagmhais

Ar an 5 Bealtaine 2021, dhún an Grúpa socrú maoinithe tionscadail €100 milliún d'Fheirm Ghaoithe Chluain Críon atá lonnaithe i gContae Uíbh Fhailí. Ní gá coigeartú a dhéanamh air seo leis na Ráitis Airgeadais.

Níor tharla teagmhais eile a chaithfear a nochtadh idir dáta an chláir comhardaithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

### Íoc Pras Cuntas

Aithníonn na Stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh, i ngach cás ábhartha, fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012–2016 (na "Rialacháin"). Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a mbíonn sonraisc dlite a aithint agus chun a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí faoi na dátaí sin. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnta cé nach bhfuil sé absalóideach in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha na Rialachán. Tá na Stiúrthóirí sásta gur chomhlíon Bord na Móna cpt i ngach cás ábhartha ceanglais ábhartha na Rialachán maidir le híocaíochtaí le soláthraithe seachtracha laistigh den Aontas Eorpach. In 2015, sheol an Rialtas an Cód Iompair um Íoc Pras; shínigh Bord na Móna an cód sin agus geallann sé na soláthraithe a íoc laistigh de théarmaí comhaontaithe.

### Príomhfhochuideachtaí agus Comhpháirtíochtaí

Tugtar sonraí faoi phríomh-fhochuideachtaí oibríochta (brainsí thar lear ina measc) agus príomh-chomhpháirtíochtaí an Ghrúpa i nóta 24 de na ráitis airgeadais.

### Taighde agus Forbairt

Ba iad na costais taighde agus forbartha a thabhaigh an Grúpa i rith na bliana ná €6.9 milliún (BF20: €7.7 billiún).

### Deonacháin Pholaitiúla

Ní dhearna an Bord aon deonacháin pholaitiúla i rith na bliana (BF20: €nialas).

### Iniúchóirí

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, leanfaidh an t-iniúchóir KPMG, Cuntasóirí Cairte, a athcheapadh i mí Eanáir 2021, in oifig.

Thar ceann an Bhoird:

**Geoffrey Meagher**
Cathaoirleach agus Stiúrthóir

**Tom Donnellan**
Príomhfheidhmeannach

22 Meitheamh 2021





# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí na rialachán infheidhmithe.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, chinn siad ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus ag an dlí infheidhme.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí nach bhfaomhfadh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta seachas má tá siad sásta go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta á n-ullmhú acu, ní mór do na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a lua cé acu a ullmhaíodh iad de réir IFRS, arna nglacadh ag an AE, nó nár ullmhaíodh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil ina dtugtar go réasúnta cruinn tráth ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa de réir IFRS infheidhme, arna nglacadh ag an AE, agus go gcomhlíonann siad forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun sócmhainní an Ghrúpa agus na Cuideachta a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh go bhfuil reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil le reachtaíocht i ndlínsí eile.

Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais chomhdhlúite do Ghrúpa Bhord na Móna léargas fíreannach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa amhail an 31 Márta 2021.

Thar ceann an Bhoird

**Geoffrey Meagher**
Cathaoirleach agus Stiúrthóir

**Tom Donnellan**
Príomhfheidhmeannach

22 Meitheamh 2021

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Bhord na Móna Cpt

don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021

## Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhord na Móna cpt ('an Chuideachta') don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 arna leagan amach ar leathanaigh 21-72, a chuimsíonn an ráiteas ioncaim comhdhlúite, an ráiteas comhdhlúite ar an ioncam cuimsitheach iomlán, an clár comhardaithe comhdhlúite agus clár comhardaithe na Cuideachta, an ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas agus ráiteas na Cuideachta ar athruithe ar chothromas, an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus nótaí gaolmhara, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta atá leagtha amach i nóta 2. Is é a creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú ná Dlí na hÉireann agus Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus, maidir le ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, Dlí na hÉireann agus FRS 101 Creat um Nochtadh Laghdaithe.

Inár dtuairim:

> tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail an 31 Márta 2021 agus do bhrabús an Ghrúpa don bhliain arna críoch an tráth sin;

> ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa i gceart de réir Chaighdeáin IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach;

> ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta i gceart de réir FRS 101 Creat Nochta Laghdaithe; agus

> ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus ráitis airgeadais na Cuideachta i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

### Bunús na tuairime

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus de réir dlí infheidhme. Déantar cur síos breise ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin sa chuid "Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais" den tuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir riachtanais eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann san áireamh, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na riachtanas seo.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuaireamar chun bunús a chur faoinár dtuairim.

### Conclúidí i ndáil le gnóthas leantach

Agus muid ag iniúchadh na ráiteas airgeadais, tá sé bainte de thátal againn gur cuí an úsáid a bhain na stiúrthóirí as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa nó na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint.

### Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá sa ráiteas ón gcathaoirleach agus an ráiteas ón bpríomhfheidhmeannach, an tuarascáil um bhainistíocht riosca agus tuarascáil na stiúrthóirí. Ní cuid den fhaisnéis eile iad na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra orthu. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúchóireachta in iúl ná, ach amháin sa chás go luaitear a mhalairt go follasach thíos, ní thugaimid aon dearbhú ina leith sin.

Is é an fhreagracht atá orainne ná an fhaisnéis eile a léamh. Agus muid á dhéanamh sin, ní mór dúinn a mheas, bunaithe ar an obair a rinneamar agus muid ag iniúchadh na ráiteas airgeadais, cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis sin míshonraithe go hábhartha nó ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas atá againn ón iniúchadh. Bunaithe ar an obair sin agus uirthi sin amháin, níor shainaithníomar míshonruithe ábhartha san fhaisnéis eile.

Bunaithe ar an obair a rinneamar ar an bhfaisnéis eile i rith an iniúchta agus uirthi sin amháin, tuairiscímid an méid seo a leanas:

> níl míráiteas ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí;

> inár dtuairim, tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais;

> inár dtuairim, ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.





## Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar lean

### Tuairimí ar nithe eile arna leagan amach ag Acht na gCuideachtaí, 2014

Fuaireamar an fhaisnéis ar fad agus gach míniú a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus go dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

### Ábhair a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu ar bhonn eisceachtúil

Ceanglaíonn Acht na gCuideachtaí, 2014 orainn a thuairisciú daoibh mura ndéantar, inár dtuairim féin, luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí a nochtadh de réir mar a éilíonn ailt 305 go dtí 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn ina thaobh seo.

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), ceanglaítear orainn a thuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas faoin gcóras um rialú inmheánach airgeadais, a éilítear faoin gCód agus a áirítear i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 11–16, go bhfuil an Grúpa ag comhlíonadh alt 13.1 (iii) den Chód, nó mura dtagann sé leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, agus tuairiscímid murab amhlaidh atá. Níl aon rud le tuairisciú againn ina thaobh seo.

## Freagrachtaí faoi seach agus srianta ar úsáid

### Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos mó sa ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 17, tá na stiúrthóirí freagrach as: na ráitis airgeadais a ullmhú, lena n-áirítear a bheith sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir; rialú inmheánach de réir mar a chinneann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide; cumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a mheas agus iad ag nochtadh, mar is infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach; agus úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthas leantaigh ach amháin má tá sé i gceist acu an Chuideachta a leachtú nó oibríochtaí a scor, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim san áireamh inti. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go braithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míshonruithe a dhéanamh de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá mbeadh súil leis go réasúnta go rachaidís, ina n-aonar nó le chéile, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtaí ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag **www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards/International-Standards-on-Auditing-for-use-in-Ire/Description-of-the-auditor-s-responsibilities-for**.

### Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus cé dóibh a bhfuilimid freagrach

Is do chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus dóibh sin amháin a ullmhaítear ár dtuarascáil de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe ar gá dúinn a lua do chomhaltaí na Cuideachta i dtuarascáil iniúchóirí a lua agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus atá ceadaithe le dlí, ní ghlacaimid le freagracht ná ní ghabhaimid freagracht orainn féin maidir le haon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre ar an iniúchadh, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar thángamar orthu.

**Eamon Dillon**
**ar son agus thar ceann**
**KPMG**
**Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla**
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

23 Meitheamh 2021

# Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

| Ábhar | Leathanach |
|---|---|
| Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite | 21 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach Iomlán | 22 |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite | 23 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas | 24 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid | 25 |
| Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | 26 |





## Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite
### don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021

| | Nóta | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leantacha** | | | |
| Ioncam | 3 | 323,879 | 351,019 |
| Costas díolachán | | (224,082) | (254,408) |
| **Ollbhrabús** | | **99,797** | **96,611** |
| Ioncam eile | 7 | 6,978 | 4,217 |
| Speansais dáileacháin | | (29,893) | (29,745) |
| Speansais riaracháin | 7 | (49,159) | (49,767) |
| Lagú ar mhaoin, gléasra agus trealamh | 7 & 10 | (490) | (9,214) |
| Lagú ar cháilmheas agus ar shócmhainní doláimhsithe | 7 & 11 | - | (3,052) |
| Costais ar athstruchtúrú | 7 & 18 | - | (34,589) |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin** | | **27,233** | **(25,539)** |
| Ioncam airgeadais | 8 | 662 | 1,154 |
| Costais airgeadais | 8 | (4,377) | (5,666) |
| **Glanchostais airgeadais** | | **(3,715)** | **(4,512)** |
| Sciar de bhrabús na n-infheisteoirí cuntas-cothromais | 14 | 4,232 | 3,779 |
| **Brabús/(caillteanas) roimh cháin** | | **27,750** | **(26,272)** |
| (Costas)/creidmheas cánach ioncaim | 9 | (5,302) | 3,816 |
| **Brabús/(caillteanas) don bhliain** | | **22,448** | **(22,456)** |
| **Brabús/(caillteanas) inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | 22,111 | (22,652) |
| Leasanna neamh-rialaithe | | 337 | 196 |
| | | 22,448 | (22,456) |

Is bunchuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a théann leo.

Thar ceann an Bhoird

**Geoffrey Meagher** Cathaoirleach

**Tom Donnellan** Príomhfheidhmeannach

22 Meitheamh 2021

# Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach Iomlán
## don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021

| | Nóta | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| Brabús/(caillteanas) don bhliain | | 22,448 | (22,456) |
| **Míreanna nach ndéanfar iad a athaicmiú choíche mar bhrabús ná mar chaillteanas** | | | |
| Atomhais ar dhliteanas pinsin le sochar sainithe | 25 | (12,652) | 24,358 |
| Cáin a bhaineann le hatomhais ar dhliteanas pinsin le sochar sainithe | 9 | 1,527 | (3,029) |
| | | (11,125) | 21,329 |
| **Míreanna a ndéantar iad a athaicmiú, nó a bhféadfaí iad a athaicmiú, mar bhrabús nó mar chaillteanas** | | | |
| Oibríochtaí eachtracha – aistriú airgeadra eachtraigh | | 306 | (1,275) |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid – cuid éifeachtach d'athruithe ar an luach cóir | | - | 1,278 |
| Cáin a bhaineann le hathruithe ar luach cóir fáluithe | | - | (156) |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid – athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (íocaíochtaí airgid) | | - | (579) |
| Cáin a bhaineann le fáluithe ar an sreabhadh airgid atá athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (íocaíochtaí airgid) | | - | 72 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid – athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (airgeadra eachtrach) | | - | (458) |
| Cáin a bhaineann le fáluithe ar an sreabhadh airgid atá athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (airgeadra eachtrach) | | - | 57 |
| Sciar de (chaiteachas)/ioncam cuimsitheach eile d'institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais | 14 | 435 | (1,722) |
| | | 741 | (2,783) |
| (Costas)/ioncam cuimsitheach eile glan ar cháin | | **(10,384)** | **18,546** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán/(costas) don bhliain** | | **12,064** | **(3,910)** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán/(costas) atá inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | 11,727 | (4,106) |
| Leasanna neamhrialaithe | | 337 | 196 |
| | | 12,064 | (3,910) |

Is bunchuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a théann leo.





# Clár Comhardaithe Comhdhlúite
## amhail ar an 31 Márta 2021

| | Nóta | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | 213,892 | 217,461 |
| Sócmhainní ceart úsáide | 12 | 9,185 | 8,892 |
| Cáilmheas agus sócmhainní doláimhsithe | 11 | 20,135 | 21,937 |
| Institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais | 14 | 23,459 | 24,985 |
| Sócmhainn sochair scoir | 25 | 10,722 | 17,560 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **277,393** | **290,835** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 13 | 20,612 | 29,578 |
| Infháltais trádála agus eile | 15 | 82,189 | 61,233 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 22 | 18,119 | 36,657 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **120,920** | **127,468** |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **398,313** | **418,303** |
| **Cothromas** | | | |
| **Cothromas atá inchurtha i leith úinéirí na cuideachta** | | | |
| Scairchaipiteal | 20 | 82,804 | 82,804 |
| Scairphréimh | 20 | 1,959 | 1,959 |
| Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid | | - | - |
| Cúlchistí eile | | (6,789) | (7,224) |
| Cúlchiste aistrithe an airgeadra eachtraigh | | (414) | (720) |
| Tuilleamh coimeádta | | 91,399 | 80,413 |
| **Cothromas atá inchurtha i leith úinéirí na cuideachta** | | **168,959** | **157,232** |
| Leasanna neamhrialaithe | | 431 | 94 |
| **Cothromas iomlán** | | **169,390** | **157,326** |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Oibleagáidí maidir le sochar scoir | 25 | 3,133 | 2,850 |
| Iasachtaí | 19 | - | 24,522 |
| Dliteanais léasa | 12 | 7,544 | 7,302 |
| Deontas caipitil | 17 | 1,975 | 3,873 |
| Forálacha | 18 | 95,425 | 66,884 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 9 | 4,471 | 2,838 |
| **Iomlán na ndliteanas neamhreatha** | | **112,548** | **108,269** |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí | 19 | 495 | 495 |
| Rótharraingt bhainc | 19 | 3,560 | 10,634 |
| Dliteanais léasa | 12 | 2,230 | 1,909 |
| Forálacha | 18 | 20,236 | 59,089 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 16 | 89,854 | 80,581 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **116,375** | **152,708** |
| **Iomlán na ndliteanas** | | **228,923** | **260,977** |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **398,313** | **418,303** |

Is bunchuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a théann leo.

Thar ceann an Bhoird

**Geoffrey Meagher** Cathaoirleach

**Tom Donnellan** Príomhfheidhmeannach

22 Meitheamh 2021

# Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas

## don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021

| | Scair-chaipiteal €'000 | Scair-phréimh €'000 | Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid €'000 | Cúlchistí eile €'000 | Cúlchiste aistrithe an airgeadra eachtraigh €'000 | Tuilleamh coimeádta €'000 | Iomlán €'000 | Leasanna neamh-rialaithe €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | 82,804 | 1,959 | (214) | (5,502) | 555 | 81,736 | 161,338 | (102) | 161,236 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | | | | | | | | - |
| Caillteanas don bhliain | - | - | - | - | - | (22,652) | (22,652) | 196 | (22,456) |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | | | | | |
| Atomhais ar dhliteanas le sochar sainithe | - | - | - | - | - | 21,329 | 21,329 | - | 21,329 |
| Oibríochtaí eachtracha – difríocht san aistriú airgeadra eachtraigh | - | - | - | - | (1,275) | - | (1,275) | - | (1,275) |
| Fálú ar an sreabhadh airgid – cuid éifeachtach d'athruithe ar an luach cóir | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Fálú ar an sreabhadh airgid – athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (íocaíochtaí airgid) | - | - | 1,122 | - | - | - | 1,122 | - | 1,122 |
| Fálú ar an sreabhadh airgid – athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (airgeadra eachtrach) | - | - | (507) | - | - | - | (507) | - | (507) |
| Sciar d'ioncam cuimsitheach eile d'institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais | - | - | (401) | - | - | - | (401) | - | (401) |
| Athaicmiú ar ioncam cuimsitheach eile tar éis ús comhfhiontair a dhiúscairt | - | - | - | (1,722) | - | - | (1,722) | - | (1,722) |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 82,804 | 1,959 | - | (7,224) | (720) | 80,413 | 157,232 | 94 | 157,326 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain | - | - | - | - | - | 22,111 | 22,111 | 337 | 22,448 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | | | | | |
| Atomhais ar dhliteanas le sochar sainithe | - | - | - | - | - | (11,125) | (11,125) | - | (11,125) |
| Oibríochtaí eachtracha – difríocht san aistriú airgeadra eachtraigh | - | - | - | - | 306 | - | 306 | - | 306 |
| Fálú ar an sreabhadh airgid – cuid éifeachtach d'athruithe ar an luach cóir | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Fálú ar an sreabhadh airgid – athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (íocaíochtaí airgid) | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Fálú ar an sreabhadh airgid – athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (airgeadra eachtrach) | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Sciar d'ioncam cuimsitheach eile d'institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais | - | - | - | 435 | - | - | 435 | - | 435 |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **82,804** | **1,959** | **-** | **(6,789)** | **(414)** | **91,399** | **168,959** | **431** | **169,390** |

Is bunchuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a théann leo.





# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

## don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021

| | Nóta | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús /(caillteanas) don bhliain | | 22,448 | (22,456) |
| Coigeartú maidir le: | | | |
| Dímheas maoine, gléasra agus trealaimh | 10 | 29,673 | 29,959 |
| Amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe | 11 | 2,141 | 3,009 |
| Brabús ar dhíolachán maoine, gléasra agus trealaimh | 10 | (2,152) | (2,222) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | 17 | (1,939) | (2,528) |
| Lagú ar mhaoin, gléasra agus trealamh | 10 | 490 | 9,214 |
| Lagú ar shócmhainní doláimhsithe | 11 | - | 3,052 |
| Lamháltais astaíochta | 11 | 2,586 | 12,236 |
| Brabús d'institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais | 14 | (4,232) | (3,779) |
| Glanchostais airgeadais | 8 | 3,715 | 4,512 |
| Muirear cánach/(creidmheas) | 9 | 5,302 | (3,816) |
| **Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal oibre agus forálacha** | | **58,032** | **27,181** |
| **Athruithe ar:** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | | (23,689) | (13,793) |
| Infháltais trádála agus eile | | 10,135 | 6,013 |
| Fardail | | 8,966 | 30,247 |
| Forálacha | | (10,582) | 4,152 |
| Barrachas ranníocaíochtaí airgid thirim thar mhuirear pinsin | 25 | (5,109) | (6,302) |
| | | (20,279) | 20,317 |
| Ús íoctha | | (832) | (3,658) |
| Cáin aisghafa | | 61 | 1,883 |
| **Airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **36,982** | **45,723** |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáltais ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | 10 | 2,183 | 2,466 |
| Ceannach sócmhainne doláimhsithe | 11 | (2,742) | (15,846) |
| Deontas caipitil a fuarthas | 17 | - | (89) |
| Ceannach maoine, gléasra agus trealaimh | 10 | (26,085) | (20,988) |
| Aisíocaíochtaí/airleacain iasachtaí d'infheisteoirí cuntas cothromais | 14 | 6,192 | (329) |
| Ús faighte | 8 | 238 | 575 |
| **Glanmhéid airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(20,214)** | **(34,211)** |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Aisíoc nótaí iasachta neamhurraithe | | - | (69,265) |
| Cistí (aisíoctha)/faighte ar shaoráid creidmheasa imrothlaigh | | (25,000) | 25,000 |
| Fáltais airgid ó dhíorthaigh | 8 | - | 14,589 |
| Dliteanais léasa a aisíoc | | (3,232) | (2,708) |
| **Glanmhéid airgid a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **(28,232)** | **(32,384)** |
| **Laghdú glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | (11,464) | (20,872) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | | 26,023 | 46,895 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana | 22 | 14,559 | 26,023 |

Is bunchuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a théann leo.

# Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021

## 1. Eintiteas tuairiscithe

Cuideachta a bhfuil sainchónaí uirthi in Éirinn is ea Bord na Móna cpt (an "Chuideachta"). Cuimsítear leis na ráitis airgeadais amhail ar an 31 Márta 2021 agus don bhliain dar chríoch an dáta sin ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fochuideachtaí (a dtugtar an "Grúpa" orthu le chéile, agus "eintitis an Ghrúpa" orthu ina n-aonar) agus leas an Ghrúpa in institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais. Tá oifig chláraithe na Cuideachta lonnaithe ag an bPríomhshráid, Droichead Nua, Co. Chill Dara, W12 XR59. Is é 297717 uimhir chláraithe na Cuideachta.

Tá gnáthscair amháin i seilbh an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá 5% de na gnáthscaireanna i seilbh fhostaithe an Ghrúpa trí Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe. Is i seilbh an Aire Airgeadais atá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe (aistríodh scaireanna an Aire chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Airí agus Rúnaithe, 2011).

## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas)

Cuireadh na beartais atá leagtha amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus chuir eintitis go léir an Ghrúpa na beartais i bhfeidhm go comhsheasmhach.

### Ráiteas ar chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais chomhdhlúite i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ("IFRS") arna nglacadh ag an Aontas Eorpach.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais aonair na Cuideachta i gcomhréir le FRS 101 Creat um Nochtadh Laghdaithe ("FRS 101"). Níl ráiteas ar leith ar ioncam na Cuideachta le fáil sna ráitis airgeadais seo mar tá leas á bhaint ag an gCuideachta as an díolúine dá ndéantar foráil in alt 304 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

### Bonn an tomhais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais chomhdhlúite ar bhonn an chostais stairiúil ach amháin

i gcás na nithe ábhartha seo a leanas ar an gclár comhardaithe:

> aithnítear dliteanas an phlean sochair shainithe mar an glanluach de luach cóir shócmhainní an phlean agus de luach láithreach na hoibleagáide sochair shainithe; agus

> déantar na díorthaigh a thomhas de réir luach cóir.

### Airgeadra feidhmiúil

Is in Euro a chuirtear na ráitis airgeadais i láthair, agus is é sin airgeadra feidhmiúil an Ghrúpa. Slánaítear an fhaisnéis airgeadais go léir a chuirtear i láthair in Euro go dtí an míle is gaire, ach i gcás ina léirítear a mhalairt.

### Úsáid meastachán agus breithiúnas

Ceanglaítear ar an mbainistíocht, agus ráitis airgeadais chomhdhlúite agus ráitis airgeadais na Cuideachta á n-ullmhú i gcomhréir le IFRS agus FRS 101 faoi seach, breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i gcion ar chur i bhfeidhm na mbeartas cuntasaíochta agus na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais. D'fhéadfaí go mbeadh difríochtaí ann idir na meastacháin sin agus na torthaí iarbhír.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Aithnítear go hionchasach athbhreithnithe ar na meastacháin chuntasaíochta.

Is iad seo a leanas na breithiúnais maidir le beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ag a bhfuil an tionchar is suntasaí ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais chomhdhlúite agus i ráitis airgeadais na Cuideachta:

> Tá sé dearbhaithe ag an nGrúpa nach gcloíonn móin leis an sainmhíniú de shócmhainn bhitheolaíoch faoi IFRS toisc nach bhfuil aon idirghabháil láimhe i gceist le móin a chruthú. Ina theannta sin, ní mheastar gur ainmhí nó planda beo atá sa mhóin mar atá anois ann.

> Is é an toradh a bheidh ar chur i bhfeidhm na straitéise dícharbónaithe, lena n-áirítear athshlánú feabhsaithe portach agus aistriú go cumhacht bhithmhaise amháin in Éadan Doire i ndiaidh 2023, ná dícharbónú ár ngníomhaíochtaí gnó. Is é sin is bonn lenár soláthairtí ar athstruchtúrú, ar iomarcaíocht agus ar chostais eile a bhaineann le dícharbónú mar a aithníodh sa bhliain airgeadais roimhe seo.

Is iad seo a leanas na meastacháin lárnacha maidir le beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ag a bhfuil an tionchar is suntasaí ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais chomhdhlúite agus i ráitis airgeadais na Cuideachta:

> Cuimsítear leis an mbearnú ar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe: Féach nótaí 10 agus 11.

> Tomhas Forálacha. Féach nóta 18.

> Luacháil ar shócmhainní agus ar dhliteanais na scéime pinsin. Féach nóta 25.

### Tomhas luachanna córa

Ní mór luachanna córa a thomhas faoi líon áirithe de bheartais chuntasaíochta agus de nochtuithe an Ghrúpa. Baineann an Grúpa leas as sonraí atá inbhraite sna margaí a oiread agus is féidir agus luach cóir sócmhainne nó dliteanais á thomhas. Déantar luachanna córa a aicmiú de réir leibhéil éagsúla ar ordlathas luachanna córa bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas:

**Leibhéal 1:** praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha ar shócmhainní nó ar dhliteanais chomhchosúla.





## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

### Tomhas luachanna córa ar lean

**Leibhéal 2:** ionchuir seachas praghsanna luaite atá ar áireamh faoi Leibhéal 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (.i. mar phraghsanna) nó go hindíreach (.i. díorthaithe ó phraghsanna).

**Leibhéal 3:** ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun luach cóir sócmhainne nó dliteanais a thomhas, más féidir iad a aicmiú ar leibhéil éagsúla an ordlathais luachanna córa, ansin aicmítear an tomhas luacha chóir ina iomláine ar an leibhéal céanna den ordlathas luachanna córa is atá an t-ionchur den leibhéal is ísle atá suntasach ó thaobh an tomhais go léir. Tá faisnéis bhreise maidir leis na toimhdí a dhéantar agus luachanna córa á dtomhas le fáil sa nóta ar Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht Riosca (féach Nóta 27).

I gcás sócmhainní agus dliteanais airgeadais nach dtomhaistear ag luach cóir, is garmheastachán réasúnta ar luach cóir í an tsuim ghlanluacha a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo.

### Bliain chuntasaíochta

Is é an Chéadaoin deiridh i mí an Mhárta dáta deiridh na bliana airgeadais. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais seo an tréimhse 53 seachtain ón 26 Márta 2020 go dtí an 31 Márta 2021 (an bhliain roimhe sin: tréimhse 52 seachtain ón 28 Márta 2019 go dtí an 25 Márta 2020).

### Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

### Athruithe ar Bheartais Chuntasaíochta

(i) Caighdeáin a raibh éifeacht leo i gcaitheamh na bliana

Chuir an Grúpa na caighdeáin agus leasuithe seo a leanas i bhfeidhm den chéad uair don bhliain airgeadais dar thosach an 26 Márta 2020:

> Leasuithe ar IAS 1 agus ar IAS 8: *Sainmhíniú ar 'Ábhartha'*

> Leasuithe ar IFRS 3: *Sainmhíniú ar Ghnóthas*

> Leasuithe ar IFRS 9 agus ar IFRS 7: *Athchóiriú tagarmhairc ó rátaí úis*

> Creat coincheapúil athbhreithnithe *do thuairisciú airgeadais*

Roghnaigh an Grúpa freisin na leasuithe seo a leanas a ghlacadh go luath:

> Feabhsuithe bliantúla ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, Timthriall 2018 – 2020

(ii) Caighdeáin nach bhfuil éifeacht leo go fóill

Níl éifeacht leis na caighdeáin seo a leanas le haghaidh thréimhsí tuairiscithe an 31 Márta 2021 agus níor ghlac an Grúpa iad go luath:

> IFRS 17: *Conarthaí Árachais*

Ní mheastar go mbeidh aon tionchar ábhartha ag na caighdeáin ná ag na leasuithe seo ar na ráitis airgeadais.

### Bonn comhdhlúite

Comhcheangail ghnó

Tugann an Grúpa cuntas ar chomhcheangail ghnó leis an modh éadála nuair a aistrítear an cumas rialaithe chuig an nGrúpa. Is de réir a luacha chóir a thomhaistear an chomaoin a aistrítear san éadáil, faoi mar a dhéantar leis na glansócmhainní inaitheanta arna bhfáil. Aon cháilmheas a thagann chun cinn, déantar é a thástáil gach bliain maidir le bearnú. Déantar gnóthachan ar bith ar cheannach sladmhargaidh a aithint láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas. Déileáiltear le costais bheartaíochta mar chostais thabhaithe, ach amháin má bhaineann siad le heisiúint urrús fiachais nó cothromais.

Ní áirítear leis an gcomaoin a aistrítear suimeanna a bhaineann le réiteach gaolmhaireachtaí a bhí ann roimhe sin. Déantar gnóthachain agus caillteanais ar réitigh den sórt sin a aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas de ghnáth.

Déantar gach comaoin theagmhasach a thomhas de réir luach cóir ar dháta na héadála. Maidir le hoibleagáid chun comaoin theagmhasach a íoc a chomhlíonann an sainmhíniú ar ionstraim airgeadais, má dhéantar an oibleagáid sin a aicmiú mar chothromas, ansin ní dhéantar atomhas air ina dhiaidh sin agus tugtar cuntas ar an socrú laistigh de chothromas.

Ina mhalairt de chás, aithnítear athruithe ina dhiaidh sin ar luach cóir na comaoine teagmhasaí sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Fochuideachtaí

Is eintitis faoi rialú an Ghrúpa iad fochuideachtaí. Bíonn eintiteas faoi rialú an Ghrúpa sa chás ina mbíonn an Grúpa nochta do bhrabúis athraitheacha óna bhaint leis an eintiteas, nó sa chás ina mbíonn cearta ag an nGrúpa i leith na mbrabús sin, agus go bhfuil de chumas ag an nGrúpa dul i gcion ar na brabúis sin trína chumhacht ar an eintiteas. Cuirtear ráitis airgeadais fochuideachtaí san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta a thosaíonn an rialú sin go dtí an dáta a thagann deireadh leis an rialú.

Comhfhiontair

Socrú is ea comhfhiontar faoi chomhrialú an Ghrúpa, ina mbíonn cearta ag an nGrúpa i leith ghlansócmhainní an tsocraithe, seachas cearta i leith na sócmhainní aonair agus oibleagáidí i leith na ndliteanas.

Tugtar cuntas ar leasanna i gcomhfhiontair de réir mhodh an chothromais. Aithnítear iad ar a gcostas i dtosach, lena n-áirítear costais bheartaíochta. I ndiaidh an aitheantais tosaigh, áirítear leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite sciar an Ghrúpa den bhrabús nó den chaillteanas agus d'ioncam cuimsitheach eile d'institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais, go dtí an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an gcomhrialú.

Comhlach

Eintiteas is ea comhlach ar a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa, ach nach bhfuil faoi rialú ná faoi chomhrialú an Ghrúpa. Tugtar cuntas ar leasanna i gcomhlaigh de réir mhodh an chothromais.

## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

**Bonn comhdhlúite** ar lean

Caillteanas urlámhais
Nuair a chailleann an Grúpa urlámhas fochuideachta, dí-aithníonn sé sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta, agus aon leasanna neamh-urlámhais agus comhpháirteanna cothromais eile. Aon leas a choimeádtar san iar-fhochuideachta, déantar é a thomhas ag luach cóir nuair a chailltear an rialú. Déantar aon ghnóthachan nó caillteanas ag éirí as sin a aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Leasanna neamh-urlámhais
Déantar leasanna neamh-urlámhais a thomhas ag a gcion comhréireach de ghlansócmhainní inaitheanta an eintitis arna fháil ar dháta na héadála. Déantar a gcion den ioncam cuimsitheach iomlán a leithdháileadh orthu ina dhiaidh sin.

Is mar idirbhearta cothromais a thugtar cuntas ar athruithe ar leas an Ghrúpa i bhfochuideachta nach mbíonn caillteanas i rialú ina thoradh orthu.

Idirbhearta a dhíbrítear ar chomhdhlúthú
Cuirtear deireadh le hidirbhearta agus le hiarmhéideanna inghrúpa, agus le haon ioncam agus costais ag éirí as idirbhearta inghrúpa, nuair a ullmhaítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Tugtar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ag a gcostas lúide bearnú i ráitis airgeadais na Cuideachta.

**Airgeadra eachtrach**

i. Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach
Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a aistriú go hairgeadraí feidhmiúla chuideachtaí an Ghrúpa de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí eachtracha a aistriú go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte i bhfeidhm dáta an tuairiscithe. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadais a thomhaistear ag luach cóir in airgeadra eachtrach a aistriú go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag an ráta malartaithe nuair a cinneadh an luach cóir. Aithnítear difríochtaí in airgeadra eachtrach sa chaillteanas nó sa bhrabús. Maidir le míreanna neamh-airgid arna dtomhas de réir a gcostais stairiúil in airgeadra eachtrach, ní dhéantar iad a athaistriú.

Mar sin féin, aithnítear san ioncam cuimsitheach eile difríochtaí in airgeadra eachtrach ag éirí as aistriú na míreanna seo a leanas:

> infheistíochtaí cothromais atá ar fáil le díol (ach amháin ar bhearnú; sa chás sin déantar na difríochtaí in airgeadra eachtrach atá aitheanta san ioncam cuimsitheach eile a athaicmiú mar bhrabús nó mar chaillteanas);
> dliteanas airgeadais sainithe mar fhálú ar an nglaninfheistíocht in oibríocht eachtrach sa mhéid go bhfuil an fálú éifeachtach; agus
> fáluithe incháilithe ar an sreabhadh airgid sa mhéid go bhfuil na fáluithe éifeachtach.

ii. Oibríochtaí Eachtracha
Déantar sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, lena n-áirítear cáilmheas agus coigeartuithe ar an luach cóir ag éirí as an éadáil, a aistriú go euro de réir na rátaí malairte i bhfeidhm dáta an tuairiscithe. Déantar ioncam agus costais oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro de réir na rátaí malairte i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart.

Aithnítear difríochtaí in airgeadra eachtrach san ioncam cuimsitheach eile agus déantar iad a charnadh sa chúlchiste aistrithe, seachas sa mhéid go leithdháiltear an difríocht aistriúcháin do leasanna neamhrialaithe.

Nuair a dhéantar oibríocht eachtrach a dhiúscairt ina hiomláine nó i bpáirt sa chaoi a gcailltear rialú, tionchar suntasach nó comhrialú uirthi, déantar an cúlchiste aistrithe a bhaineann leis an oibríocht eachtrach sin a athaicmiú mar bhrabús nó mar chaillteanas mar chuid den ghnóthachan nó den chaillteanas ar an diúscairt. Má dhéanann an Grúpa cuid dá leas i bhfochuideachta a dhiúscairt ach má choimeádann sé an rialú uirthi, ansin déantar an cion ábhartha den mhéid carnach a ath-leithdháileadh ar leasanna neamhrialaithe.

**Míreanna eisceachtúla**
Ghlac an Grúpa formáid den Ráiteas Ioncaim ina leagtar béim ar mhíreanna suntasacha laistigh de thorthaí an Ghrúpa don bhliain. Is míreanna eisceachtúla iad na míreanna ioncaim agus caiteachais a mheasann an Grúpa go bhfuil siad ábhartha agus/nó gur de chineál iad gurb ábhartha a nochtadh ar leith chun tuiscint níos fearr a fháil ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Úsáideann an Grúpa breithiúnas chun measúnú a dhéanamh ar na míreanna ar leith a nochtar iad, de bhun a n-ábharthachta agus/nó a gcineáil, mar mhíreanna eisceachtúla i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus sna nótaí a ghabhann leis. Áirítear an ghné chánach de mhíreanna eisceachtúla mar cháin eisceachtúil.

**Léasanna**
Cinneann an Grúpa an léas atá i socrú nó an bhfuil léas ina chuid de shocrú tráth tionscanta an tsocraithe sin. Is léas é socrú, nó tá léas ann, má thugann an conradh an ceart úsáid sócmhainne sainaitheanta a rialú ar feadh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin. Agus é ag meas cé acu a thugann socrú an ceart úsáid sócmhainne sainaitheanta a rialú nó nach dtugann, baineann an Grúpa úsáid as an sainmhíniú ar léas atá in IFRS 16.

Is féidir idir chodanna léasa agus chodanna neamhléasa a bheith i socrú. Leithdháileann an Grúpa an chomaoin de réir an tsocraithe ar na codanna léasa agus neamhléasa bunaithe ar a bpraghsanna aonair coibhneasta. I gcás léasanna réadmhaoine, roghnaigh an Grúpa gan codanna léasa agus neamhléasa a scaradh agus déanann sé cuntasaíocht lena n-aghaidh sin mar chuid léasa aonair.

Aithníonn an Grúpa dliteanas léasa agus sócmhainn um cheart úsáide amhail dáta tosaithe an léasa. Tomhaistear an dliteanas léasa i dtosach ag luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa seo a leanas:

> íocaíochtaí socraithe, lena n-áirítear íocaíochtaí atá socraithe go bunúsach, lúide aon dreasachtaí atá le fáil;
> íocaíochtaí léasa athraitheacha atá bunaithe ar innéacs nó ar ráta, arna dtomhas i dtosach agus an t-innéacs nó an ráta amhail an dáta tosaithe in úsáid;
> méideanna a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh siad iníoctha faoi ráthaíocht um luach iarmharach;
> an praghas feidhmithe atá ar rogha cheannaigh má bhíonn sé réasúnta cinnte go bhfeidhmeoidh an Grúpa an rogha sin;
> íocaíochtaí i dtréimhse athnuachana roghnach má bhíonn sé réasúnta cinnte go bhfeidhmeoidh an Grúpa rogha chun an tréimhse a shíneadh; agus
> íocaíochtaí pionóis as an léas a fhoirceannadh go luath, ach amháin má bhíonn sé réasúnta cinnte nach bhfoirceannfaidh an Grúpa é go luath.





## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

**Léasanna** ar lean
Baintear úsáid as an ráta úis atá intuigthe sa léas chun na híocaíochtaí léasa a lascainiú. Mura féidir an ráta sin a chinneadh go réidh, rud is amhlaidh de ghnáth i gcás léasanna sa Ghrúpa, baintear úsáid as ráta iasachta incriminteach an Ghrúpa.

Chun an ráta iasachta incriminteach a chinneadh, faigheann an Grúpa rátaí úis ó fhoinsí maoinithe seachtracha éagsúla agus déanann sé coigeartú orthu chun téarmaí an léasa agus an cineál sócmhainne léasaithe atá ann a léiriú.

Déantar an dliteanas léasa a thomhas ag a chostas amúchta ina dhiaidh sin le modh an úis ghlain. Tá an Grúpa neamhchosanta ar mhéaduithe a d'fhéadfadh teacht ar íocaíochtaí léasa athraitheacha amach anseo bunaithe ar innéacs nó ar ráta, nach bhfuil san áireamh sa dliteanas léasa go dtí go dtagann siad i bhfeidhm. Nuair a thagann coigeartuithe ar íocaíochtaí léasa bunaithe ar innéacs nó ar ráta i bhfeidhm, déantar athmheasúnú ar an dliteanas léasa agus déantar é a choigeartú i gcoinne na sócmhainne um cheart úsáide.

Leithdháiltear íocaíochtaí léasa idir príomhshuim agus costas airgeadais. Gearrtar an costas airgeadais ar bhrabús nó caillteanas thar thréimhse an léasa chun ráta úis seasmhach ar an gcuid eile den dliteanas a bhaint amach.

Tomhaistear an tsócmhainn um cheart úsáide ar a costas i dtosach agus cuimsítear na méideanna seo a leanas:

> tomhas tosaigh an dliteanais léasa;
> íocaíochtaí léasa a rinneadh ar an dáta tosaithe nó roimhe lúide aon dreasacht léasa a fuarthas;
> costais dhíreacha tosaigh; agus
> costais athchóirithe.

Déantar an tsócmhainn um cheart úsáide a dhímheas ina dhiaidh sin le modh an mhéid chothroim thar théarma an léasa nó saolré ionchais na sócmhainne, cibé acu is giorra. Má bhíonn sé réasúnta cinnte go bhfeidhmeoidh an Grúpa rogha cheannaigh, dímheastar an tsócmhainn um cheart úsáide thar a saolré ionchais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh caillteanais bhearnúcháin, más ann dóibh, an tsócmhainn um cheart úsáide a laghdú ó am go chéile, agus d'fhéadfaí í a choigeartú de thoradh athmheasúnuithe ar an dliteanas léasa.

Roghnaigh an Grúpa gan dliteanais léasa agus sócmhainní um cheart úsáide a aithint le haghaidh léasanna gearrthréimhseacha agus léasanna sócmhainní ar luach íseal. Cuirtear íocaíochtaí léasa a bhaineann leis na léasanna sin leis na costais de réir méid cothrom thar théarma an léasa.

**Ioncam airgeadais agus costais airgeadais**
Áirítear na nithe seo a leanas in ioncam airgeadais agus i gcostais airgeadais an Ghrúpa:

> ioncam úis;
> costas úis;
> leachtú lascainí nó forálacha;
> an glanchostas úis ar phinsin le sochar sainithe;
> an glanghnóthachan nó an glanchaillteanas ar shócmhainní airgeadais ag luach cóir trí Bhrabús agus trí Chaillteanas;
> an gnóthachan nó an caillteanas san airgeadra eachtrach ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais;
> an glanghnóthachan nó an glanchaillteanas ar ionstraimí fálaithe atá aitheanta sa bhrabús nó sa chaillteanas; agus
> athaicmiú méideanna a bhaineann le fáluithe ar an sreabhadh airgid ar aithníodh iad san ioncam cuimsitheach eile roimhe sin.

Is le modh an úis ghlain a aithnítear ioncam nó costais úis.

Ní chuimsítear le costas airgeadais an Ghrúpa ús arna chaipitliú ar shócmhainní atá á dtógáil.

**Cánachas**
Cuimsítear le costas na cánach ioncaim cáin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear é sa bhrabús nó sa chaillteanas ach amháin sa mhéid go mbaineann sé le comhcheangal gnó nó le míreanna atá aitheanta go díreach i gcothromas nó san ioncam cuimsitheach eile.

Cáin reatha
Léirítear leis an gcáin reatha an méid a bhfuiltear ag súil lena íoc nó lena fháil i ndáil le brabús nó caillteanas incháinithe don bhliain agus aon choigeartú don bhliain iníoctha agus infhála i ndáil le blianta roimhe seo. Déantar í a ríomh leis na rátaí cánach agus leis na dlíthe arna nglacadh nó arna nglacadh sa tsubstaint ar dháta an tuairiscithe.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais cánach reatha a fhritháireamh ach amháin má chomhlíontar critéir áirithe.

Cáin iarchurtha
Aithnítear cáin iarchurtha i ndáil le difríochtaí sealadacha idir suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críche tuairiscithe airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críche cánachais. Ní aithnítear cáin iarchurtha i ndáil leo seo a leanas:

> difríochtaí sealadacha ar shócmhainní nó dliteanais a aithint ar dtús in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach n-imríonn tionchar ar chuntasaíocht ná ar cháin nó ar chaillteanas incháinithe;
> difríochtaí sealadacha a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair sa mhéid go bhfuil sé ar chumas an Ghrúpa uainiúchán aisiompú na ndifríochtaí sealadacha a rialú, agus gur dócha nach n-aisiompófaí na difríochtaí sin go ceann i bhfad; agus
> difríochtaí sealadacha incháinithe a eascraíonn as cáilmheas a aithint ar dtús.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha le haghaidh caillteanais chánach nár úsáideadh, creidmheasanna cánach nár úsáideadh agus difríochtaí sealadacha in-asbhainte sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis incháinithe ar fáil sa todhchaí a bhféadfaí iad a úsáid ina leith. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní cánach iarchurtha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a laghdú sa mhéid nach dócha a thuilleadh go ndéanfaí an sochar cánach gaolmhar a réadú; déantar laghduithe den sórt sin a aisiompú nuair a thagann feabhas ar dhóchúlacht na mbrabús incháinithe amach anseo.

## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

### Cánachas ar lean

Déantar athmheasúnú ar shócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis incháinithe ar fáil amach anseo ar féidir iad a úsáid ina n-aghaidh.

Déantar an cháin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a meastar go mbeidh feidhm leo i ndáil le difríochtaí sealadacha ar a n-aisiompú, bunaithe ar rátaí cánach arna nglacadh nó arna nglacadh sa tsubstaint ar dháta an tuairiscithe.

Léirítear le tomhas na cánach iarchurtha na hiarmhairtí cánach a leanfadh ón gcaoi a bhfuil súil ag an nGrúpa, ar an dáta tuairiscithe, suim ghlanluacha a shócmhainní agus a dhliteanas a aisghabháil nó a shocrú. Chun na críche sin, meastar go ndéantar suim ghlanluacha na maoine infheistíochta arna tomhas de réir a luacha chóir a aisghabháil trína díol, agus níl an toimhde sin bréagnaithe ag an nGrúpa.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais cánach iarchurtha a fhritháireamh ach amháin má chomhlíontar critéir áirithe.

### Ioncam

Giniúint agus Trádáil – Ioncam ó ghiniúint cumhachta (Poblacht na hÉireann)

An Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite ("I-SEM")

Is é an I-SEM an socrú margaidh mórdhíola leictreachais do Phoblacht na hÉireann agus do Thuaisceart Éireann a cuireadh i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2018. Chuir sé sin margaí nó ceantanna éagsúla in ionad an mhargaidh leictreachais aonair a bhí ann roimhe seo, agus baineann gach ceann díobh le creat ama trádála difriúla. Tá meicníochtaí imréitigh agus réitigh ar leith acu freisin (ach tá ceangal idir na meicníochtaí sin). Is ann do dhá mhargadh ex-ante don fhuinneamh: an margadh lá roimh ré; agus an margadh ionlae. Ina theannta sin, cuireann gineadóirí (táirgeoirí fuinnimh) agus soláthraithe (úsáideoirí fuinnimh) seirbhísí cothromúcháin fuinnimh ar fáil ar an Margadh Cothromúcháin. Is é is acmhainn ann gealltanas a thugann gineadóir nó idirnascaire a bheith ar fáil chun fuinneamh a sholáthar don ghreille, má iarrtar air é sin a dhéanamh. Soláthraithe acmhainne a n-éiríonn leo sna Ceantanna Margaidh Acmhainne, faigheann siad íocaíocht acmhainne rialta, rud a chabhraíonn leis an acmhainn giniúna a mhaoiniú. Maidir le hioncam ó dhíol leictreachais sna margaí I-SEM, aithnítear é thar am ar ídiú an leictreachais agus aithnítear infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe agus glantar é go laethúil i gcás an mhargaidh ex-ante agus go seachtainiúil i gcás an mhargaidh ex-post. Tríd an Sásra um Luach Saothair don Toilleadh a fhaightear an t-ioncam ar acmhainn. Déantar íocaíocht acmhainne a íoc le rannpháirtí i ndáil le hAonad Gineadóra i ngach Tréimhse Acmhainne ar bhonn Infhaighteacht Incháilithe an Aonaid, rud atá bunaithe ar Phróifíl Infhaighteachta an Aonaid. Aithnítear an t-ioncam thar am, aithnítear é mar infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe, agus glantar é laistigh d'aon mhí amháin.

Trí chlár 'Córas Leictreachais Inbhuanaithe agus Slán a Sheachadadh' ("DS3") a íoctar ioncam coimhdeach as soláthar seirbhísí don ghreille. Aithnítear an t-ioncam coimhdeach thar am de réir na seirbhísí arna gcur ar fáil. Aithnítear ioncam coimhdeach mar infháltas ar an gclár comhardaithe, agus glantar é laistigh d'aon mhí amháin.

Díol móna agus bithmhaise

Faigheann custaiméirí rialú ar earraí móna agus bithmhaise nuair a sheachadtar na hearraí chuig áitreabh an chustaiméara agus nuair a ghlacann an custaiméir leo. Bíonn sonraisc iníoctha go hiondúil de réir ghnáth-théarmaí an tionscail. D'fhéadfaí coigeartuithe a sholáthar ar phraghas na móna agus na bithmhaise i gcás nach gcloítear le sonraíochtaí maidir le cáilíocht. Níl aon cheart ann na hearraí a thabhairt ar ais.

Aithnítear an t-ioncam ag an bpointe ama a seachadtar na hearraí agus a bhfuil an custaiméir tar éis glacadh leo ar a áitreabh. Déantar méid an ioncaim aitheanta a choigeartú i ndáil le coigeartuithe réamh-mheasta ar an bpraghas díola.

Díol breoslaí agus táirgí meán fáis

Faigheann custaiméirí rialú ar bhreoslaí agus ar tháirgí meáin fáis nuair a sheachadtar na hearraí chuig áitreabh an chustaiméara agus nuair a ghlacann an custaiméir leo. Bíonn sonraisc iníoctha go hiondúil de réir ghnáth-théarmaí an tionscail. Cuirtear lacáistí ar fáil i gcásanna áirithe. Níl aon cheart ann na hearraí a thabhairt ar ais.

Aithnítear an t-ioncam glan ar lacáistí ag a bpointe ama a seachadtar na hearraí agus a bhfuil an custaiméir tar éis glacadh leo ar a áitreabh.

Aisghabháil acmhainní

Bailiú dramhaíola tí agus tráchtála

Faigheann custaiméirí tairbhe as seirbhísí bailithe dramhaíola tí agus tráchtála nuair a bhailítear an dramhaíl óna n-áitreabh. Bíonn sonraisc iníoctha go hiondúil de réir ghnáth-théarmaí an tionscail. Cuirtear lascainí ar fáil i gcásanna áirithe.

Aithnítear an t-ioncam (glan ar lascainí) thar am faoi mar a chuirtear na seirbhísí ar fáil. Más i dtréimhsí tuairiscithe difriúla a sholáthraítear na seirbhísí faoi aon chomhaontú amháin, déantar an chomaoin a leithdháileadh bunaithe ar phraghsanna díola neamhspleácha coibhneasta na seirbhísí sin. Maidir le hioncam a bhaineann le híocaíocht as seirbhísí arna fáil sula soláthraítear an tseirbhís, aithnítear é mar dhliteanas conartha go dtí go bhfaighidh an custaiméir an tairbhe.

Ioncam ó líonadh talún

Faigheann custaiméirí tairbhe as seirbhísí líonta talún nuair a sheachadtar an dramhaíl agus nuair atá sí sa láithreán líonta talún. Bíonn sonraisc iníoctha go hiondúil de réir ghnáth-théarmaí an tionscail. Cuirtear lascainí ar fáil i gcásanna áirithe.

Aithnítear an t-ioncam (glan ar lascainí) thar am faoi mar a chuirtear na seirbhísí ar fáil. Más i dtréimhsí tuairiscithe difriúla a sholáthraítear na seirbhísí faoi aon chomhaontú amháin, déantar an chomaoin a leithdháileadh bunaithe ar phraghsanna díola neamhspleácha coibhneasta na seirbhísí sin. Maidir le hioncam a bhaineann le híocaíocht as seirbhísí arna fáil sula soláthraítear an tseirbhís, aithnítear é mar dhliteanas conartha go dtí go bhfaighidh an custaiméir an tairbhe.





## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

### Ioncam ar lean

Ioncam iarchurtha agus ioncam fabhraithe

Nuair a fhaightear íocaíocht ó chustaiméirí roimh fheidhmiú oibleagáidí feidhmíochta an Ghrúpa dá chustaiméirí faoin gconradh, aithníonn an Grúpa ioncam iarchurtha ar an gclár comhardaithe, rud a léiríonn oibleagáidí neamhchomhlíonta an Ghrúpa faoi théarmaí an chonartha. Nuair a chuireann an Grúpa a oibleagáidí i gcrích agus nuair a fhaigheann sé, dá bhrí sin, an ceart i leith na comaoine, aithnítear an t-ioncam gaolmhar sa ráiteas ioncaim. Déantar na costais a bhaineann le seachadadh na seirbhísí a bhreacadh chun dochair don chostas díolachán arna thabhú.

Maidir le hioncam arna thuilleamh ar earraí agus ar sheirbhísí a seachadtar iad ach nach bhfuil billeáilte, aithnítear an t-ioncam sin de réir théarmaí an chonartha mar ioncam fabhraithe ar an gclár comhardaithe.

### Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Aithint agus tomhas

Déantar talamh ruílse, seachas talamh phortaigh, a thomhas ar a costas lúide aon chaillteanais bhearnúcháin charnacha. Déantar talamh phortaigh agus gach mír eile mhaoine, ghléasra agus threalaimh a thomhas ar a costas lúide dímheas carnach, ídiú, agus aon chaillteanais bhearnúcháin charnacha.

Áirítear leis an gcostas caiteachas atá inchurtha go díreach i leith shealbhú na sócmhainne. Áirítear le costas sócmhainní féintógtha:

- costas na n-ábhar agus an tsaothair;
- aon chostais eile atá inchurtha go díreach i leith bail cheart oibre a chur ar na sócmhainní dá n-úsáid bheartaithe;
- i gcás ina bhfuil oibleagáid ar an nGrúpa an tsócmhainn a bhaint nó an láithreán a athchóiriú, meastachán ar na costais a bhaineann leis sin; agus
- costais iasachtaíochta chaipitlithe.

I gcás ina bhfuil saolréanna ionchais éagsúla ag comhpháirteanna suntasacha de mhír mhaoine, ghléasra agus threalaimh, tugtar cuntas orthu mar mhíreanna ar leith (mór-chomhpháirteanna) agus déantar iad a dhímheas go leithleach.

Aithnítear sa bhrabús nó sa chaillteanas aon ghnóthachan nó aon chaillteanas ar dhiúscairt míre maoine, gléasra agus trealaimh (arna ríomh mar an difríocht idir na glanfháltais ón diúscairt agus suim ghlanluacha na míre).

Déantar caipitliú ar chostais iasachtaíochta atá inchurtha go díreach i leith tógáil maoine, gléasra agus trealaimh mar chuid de chostas na sócmhainní sin. I gcás ina bhfaightear cistí ar iasacht go sonrach chun tógáil maoine, gléasra agus trealaimh a mhaoiniú, tá méid na gcostas airgeadais arna gcaipitliú teoranta do na costais iarbhír arna dtabhú ar na hiasachtaíochtaí i rith na tréimhse maidir le caiteachas ar an maoin, ar an ngléasra agus ar an trealamh. Tagann deireadh leis an gcaipitliú ar chostais iasachtaíochta nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó nuair a chuirtear isteach ar an bhforbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fhada.

Caiteachas ina dhiaidh sin

Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú ach amháin más dócha go bhfaigheadh an Grúpa na tairbhí eacnamaíocha amach anseo a bhainfidh leis an gcaiteachas.

Ídiú agus dímheas

Déantar dímheas a ríomh chun costas míreanna maoine, gléasra agus trealaimh lúide a luach iarmharach measta a dhíscríobh de réir méid chothroim thar na saolréanna ionchais measta. Aithnítear an dímheas sa bhrabús nó sa chaillteanas. Déantar dímheas ar shócmhainní léasaithe thar an téarma léasa nó a saolré ionchais, cibé acu is giorra, mura bhfuil sé réasúnta cinnte go mbeidh siad faoi úinéireacht an Ghrúpa faoi dheireadh théarma an léasa. Ní dhéantar dímheas ar thalamh.

Déantar dímheas ar mhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh ón dáta atá siad ar fáil lena n-úsáid nó, i ndáil le sócmhainní atá á dtógáil, ón dáta a chríochnaítear an tsócmhainn agus atá sí réidh lena húsáid.

Is ann do roinnt saolréanna ionchais éagsúla a úsáidtear faoina ndéantar dímheas ar shócmhainní, mar seo a leanas:

Sócmhainní de réir méid cothrom

Déantar dímheas ar mhíreanna eile maoine, gléasra agus trealaimh de réir méid cothrom ag na rátaí atá léirithe anseo thíos:

| | | |
|---|---|---|
| Gléasra agus innealra | 5% go 33% | sa bhliain |
| Feirmeacha gaoithe | 5% | sa bhliain |
| Mótarfheithiclí | 20% | sa bhliain |
| Foirgnimh | 5% go 10% | sa bhliain |
| Trealamh TF | 20% go 33% | sa bhliain |

### Catagóirí sócmhainní eile

Sócmhainní giniúna

Déantar dímheas ar stáisiún cumhachta an Ghrúpa in Éadan Doire de réir an aschuir leictreachais chun an dímheas a cheangal le hacmhainn táirgeachta mheasta an stáisiúin.

Déantar dímheas ar bhuaicstáisiún an Ghrúpa in Éadan Doire agus ar na feirmeacha gaoithe ar fad de réir méid chothroim agus ríomhtar an muirear chun costas na sócmhainne a cheangal lena luach iarmharach measta. Léirítear le dímheas de réir méid chothroim ídiú measta thairbhe eacnamaíoch na sócmhainní ar bhonn comhsheasmhach thar shaolré ionchais (fiche bliain) na stáisiún agus na bhfeirmeacha gaoithe bunaithe ar a n-infhaighteacht don ghreille.

Líonadh talún

Déantar dímheas ar chostas bonneagair na sócmhainne líonta talún thar shaolré cheadúnaithe fiche bliain. Déantar dímheas de réir úsáid an spáis fholaimh ar na cealla líonta talún agus ar na costais chaipitlithe lena mbaineann a bhfuil foráil chomhshaoil amhail caidhpeáil ag baint leo.

## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

**Catagóirí sócmhainní eile** ar lean

Tailte portaigh – beartas cuntasaíochta infheidhme roimh an 26 Márta 2020

Taifeadtar muirear dímheasa i ndáil le talamh phortaigh bunaithe ar na cúltaiscí móna a ídeofar chun oibleagáidí soláthair an Ghrúpa faoi Chomhaontuithe Soláthair Móna a chomhlíonadh.

Déantar tailte móna a dhímheas go hiomlán de réir an bheartais chuntasaíochta thuas mar thoradh ar scor an táirgthe móna.

Sócmhainní atá á dtógáil

Ní mhuirearaítear dímheas ar bith ar shócmhainní atá á dtógáil.

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna dímheasa, saolréanna ionchais agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe, agus déantar iad a choigeartú más cuí.

**Sócmhainní doláimhsithe agus cáilmheas**

i. Aithint agus tomhas

Cáilmheas

Déantar cáilmheas ag eascairt as sealbhú fochuideachtaí a thomhas ar a chostas lúide aon chaillteanais bhearnúcháin charnacha.

Taighde agus forbairt

Aithnítear an caiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha sa bhrabús nó sa chaillteanas de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní doláimhsithe eile (gan lamháltais astaíochtaí san áireamh)

Déantar sócmhainní doláimhsithe eile, lena n-áirítear conarthaí, naisc leis an ngreille, liostaí custaiméirí agus bogearraí, a thomhas ar a gcostas lúide amúchadh carnach agus aon chaillteanais bhearnúcháin charnacha.

ii. Caiteachas ina dhiaidh sin

Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ina dhiaidh sin ach amháin nuair a chuireann sé leis an leas eacnamaíoch a bheidh ann amach anseo atá leabaithe sa tsócmhainn shonrach lena mbaineann sé. Aithnítear an caiteachas ar fad eile, lena n-áirítear caiteachas ar cháilmheas agus ar bhrandaí a ghintear go hinmheánach, sa bhrabús nó sa chaiteachas de réir mar a thabhaítear é.

iii. Amúchadh

Ríomhtar amúchadh chun costas sócmhainní doláimhsithe a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta ag úsáid mhodh na líne dírí thar a saolré úsáideach mheasta, agus aithnítear é sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Is iad seo a leanas na saolréanna ionchais measta:

> Nascadh leis an ngreille – 20 bliain
> Bogearraí – 3–8 mbliana
> Caidreamh le custaiméirí – 3 bliana

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna ionchais agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe, agus déantar iad a choigeartú más cuí. Ní dhéantar amúchadh ar cháilmheas, ach bíonn sé faoi réir athbhreithnithe bliantúla i ndáil le bearnú.

**Lamháltais astaíochtaí**

Ceannaithe

Déantar na lamháltais astaíochtaí a cheannaítear a thaifeadadh mar shócmhainní doláimhsithe ar a gcostas, agus ní dhéantar amúchadh orthu toisc go sealbhaítear iad chun an dliteanas astaíochtaí a ghlanadh. Faoi mar a tharlaíonn astaíochtaí, déantar muirear a thaifeadadh mar léiriú ar an tsuim atá riachtanach chun an dliteanas a ghlanadh leis an Údarás Rialtais. Áireofar leis an dliteanas sin suim ghlanluacha na lamháltas astaíochta arna sealbhú mar aon le margadhluach reatha aon lamháltais bhreise a bhfuil gá leo chun an oibleagáid a ghlanadh. Tugtar na lamháltais sin, mar aon le haon lamháltais bhreise a fhaightear, ar ais don údarás ábhartha laistigh de cheithre mhí féilire tar éis dheireadh na bliana féilire sin chun an dliteanas maidir le hastaíochtaí iarbhír i rith na bliana sin a ghlanadh. Déantar an tsócmhainn dholáimhsithe a laghdú ar ghlanadh an dliteanais. Aithnítear an caiteachas sa ráiteas ioncaim de réir an mhodha sainaitheanta.

Bronnta

De réir fhorálacha scéim an Aontais Eorpaigh i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí, bronnann an tÚdarás Rialtais ábhartha lamháltais astaíochtaí lena gcuimsítear céatadán de na hastaíochtaí measta i rith na bliana ar an nGrúpa nó ar cheann d'eintitis an Ghrúpa ag tús gach bliana. Aithnítear mar luach nialasach na lamháltais astaíochtaí a bhronntar. Aithnítear mar luach nialasach freisin an dliteanas comhfhreagrach a ghlanfar le lamháltais bhronnta.

**Bearnú**

i. Sócmhainní airgeadais nach díorthaigh iad

Maidir le sócmhainní airgeadais nach n-aicmítear iad de réir luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas, déantar measúnú orthu ag gach dáta tuairiscithe le deimhniú an bhfuil ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú.

ii. Sócmhainní neamhairgeadais

Ar gach dáta tuairiscithe, athbhreithníonn an Grúpa suimeanna glanluacha a shócmhainní neamhairgeadais (seachas réadmhaoin infheistíochta, fardail agus sócmhainní cánach iarchurtha) chun a chinneadh an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin ann. Más ann d'aon chomhartha den sórt sin, déantar suim in-aisghabhála na sócmhainne a mheas. Déantar cáilmheas a thástáil gach bliain maidir le bearnú.

Don tástáil maidir le bearnú, déantar na sócmhainní a ghrúpáil le chéile sa ghrúpa is lú acmhainní a ghineann insreafaí airgid óna n-úsáid leantach atá neamhspleách, den chuid is mó, ar insreafaí airgid sócmhainní nó Aonad Giniúna Airgid eile. Leithdháiltear cáilmheas ag eascairt as comhcheangal gnó d'Aonaid nó do ghrúpaí Aonad a bhfuiltear ag súil go mbainfidh siad tairbhe as sineirgí an chomhcheangail.

Is é méid in-aisghabhála sócmhainne nó Aonaid a luach úsáide nó a luach cóir lúide costais le díol, cibé acu is mó. Bunaítear luach úsáide ar shreafaí airgid measta sa todhchaí, a lascainiú go dtí a luach reatha ag úsáid ráta lascaine roimh cháin a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar an amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nó leis an aonad giniúna airgid.





## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

**Bearnú** ar lean

Aithnítear caillteanas bearnúcháin má bhíonn suim ghlanluacha sócmhainne nó aonaid giniúna airgid níos mó ná an méid in-aisghabhála.

Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa bhrabús nó sa chaillteanas. Déantar iad a leithdháileadh chun suim ghlanluacha aon cháilmheasa atá leithdháilte ar an aonad a laghdú ar dtús, agus ansin chun suimeanna glanluacha na sócmhainní eile san aonad a laghdú ar bhonn pro rata.

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin i ndáil le cáilmheas a aisiompú. I gcás sócmhainní eile, ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a aisiompú ach sa mhéid nach mó suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha a dheimhneofaí, glan ar dhímheas nó ar amúchadh, dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas bearnúcháin.

**Fardail**

Déantar fardail agus obair idir lámha a luacháil ar a gcostas nó ar a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Cuimsítear le costas na móna meilte gach caiteachas díreach arna thabhú chun táirgí a thabhairt chomh fada lena suíomh agus lena mbail reatha faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin. Déantar costas na móna meilte arna baint a chinneadh ag gach suíomh portaigh mar chostas an fhómhair bhliantúil atá leithdháilte os cionn na ngnáthleibhéal táirgeachta arna ríomh bunaithe ar an tonnáiste caighdeánach. Déantar an costas aonaid a laghdú go dtí an costas iarbhír i gcás inar lú an costas iarbhír in aghaidh an tonna ná an costas caighdeánach in aghaidh an tonna. Áirítear le costais stoc móna meilte muirear ídithe móna, saothar díreach, costais eile, agus forchostais táirgeachta lena mbaineann. Aithnítear athruithe ar an tonnáiste caighdeánach (.i. tonnáistí breisithe inar mó na tonnáistí aschuir iarbhír mar thoradh ar chion taise níos ísle) ar thomhas na móna nuair a úsáidtear an stoc-charn ina iomláine. Maidir le bónais bhreise na ngrúpaí oibre nach mbíonn i gceist ach nuair a aithnítear an tonnáiste breisithe sin, déantar forail dóibh nuair a shainaithnítear na tonnáistí breisithe lena mbaineann agus nuair a aithnítear iad mar chuid den phróiseas tomhais sin.

Déantar na fardail brícíní a luacháil ar an gcostas iarbhír nó ar an gcostas normalaithe caighdeánach, cibé acu is lú.

Déantar fardail na meán fáis gairneoireachta a luacháil ar na meánchostais iarbhír ualaithe.

Déantar na fardail bhithfhuinnimh a luacháil ar an meánchostas iarbhír ualaithe.

Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar an bpraghas díola measta i ngnáthchúrsa an ghnó lúide an costas measta ar an gcríochnú is gá chun an díolachán agus aon íocaíochtaí pionóis a dhéanamh.

**Sochair d'fhostaithe**

Tá socruithe pinsin sochar sainithe agus ranníocaíochtaí sainithe araon ag an nGrúpa.

(i) Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

Cláraítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe mar chaiteachas de réir mar a sholáthraítear na seirbhísí lena mbaineann. Aithnítear dliteanas don tsuim a bhfuil súil lena híoc má tá oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe ag an nGrúpa an tsuim sin a íoc mar thoradh ar sheirbhís a sholáthair an fostaí roimhe sin agus más féidir an oibleagáid a mheas go hiontaofa.

(ii) Scéimeanna ranníocaíochta sainithe

Cláraítear oibleagáidí i leith ranníocaíochtaí le pleananna ranníocaíochta sainithe mar chaiteachas de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís lena mbaineann. Aithnítear ranníocaíochtaí réamhíoctha mar shócmhainn sa mhéid go bhfuil aisíocaíocht in airgead tirim nó laghdú ar íocaíochtaí amach anseo ar fáil.

(iii) Scéimeanna sochair shainithe

Déantar glanoibleagáid an Ghrúpa i ndáil le pleananna sochair shainithe a ríomh ar leithligh le haghaidh gach plean trí shuim an tsochair amach anseo a ghnóthaigh fostaithe sa tréimhse reatha agus i dtréimhse roimhe seo a mheas, an tsuim sin a lascainiú, agus luach cóir aon sócmhainní faoin bplean a bhaint as.

Is é achtúire cáilithe a dhéanann na hoibleagáidí sochair shainithe a ríomh go bliantúil le modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Nuair a bhíonn de thoradh ar an ríomh sócmhainn ionchais don Ghrúpa, bíonn an tsócmhainn aitheanta teoranta do luach láithreach na dtairbhí eacnamaíocha atá ar fáil i bhfoirm aon aisíocaíochtaí amach anseo ón bplean nó laghduithe ar ranníocaíochtaí leis an bplean amach anseo. Cuirtear san áireamh gach íoscheanglas cistiúcháin infheidhmithe chun luach láithreach na dtairbhí eacnamaíocha a ríomh.

I gcás ina gceanglaítear le rialacha na scéime barrachas a thagann chun cinn sa scéim a roinnt idir an fostóir agus na comhaltaí, déileáiltear leis an tsuim atá inchurtha i leith na gcomhaltaí mar mhéadú ar dhliteanais na scéime. Aithnítear an ghluaiseacht sa chion atá inchurtha i leith na gcomhaltaí sa Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach Iomlán.

Aithnítear láithreach san ioncam cuimsitheach iomlán Maidir le: ar an nglandliteanas sainithe lena gcuimsítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha, an brabús ar shócmhainní an phlean (gan ús san áireamh), agus éifeacht uasteorainn na sócmhainne (más ann di, gan ús san áireamh). Cinneann an Grúpa an glanchaiteachas úis (ioncam) ar an nglandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) don tréimhse tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun an dliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a thomhas ar an dáta tuairiscithe a chur i bhfeidhm, agus cuirtear san áireamh aon athruithe ar an nglandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) i rith na tréimhse mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Aithnítear mar bhrabús nó mar chaillteanas an glanchostas úis agus caiteachais eile a bhaineann le pleananna sochair shainithe.

Nuair a athraítear sochair phlean nó nuair a chiorraítear plean, aithnítear láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas an t-athrú atá ann dá bharr ar an sochar a bhaineann le seirbhís roimhe seo nó an gnóthachan nó an caillteanas ar an gciorrúchán. Aithníonn an Grúpa gnóthachain agus caillteanais ar shocrú plean sochair shainithe tráth déanta an tsocraithe sin.

## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

### Sochair d'fhostaithe ar lean

(iv) Sochair foirceanta
Cláraítear sochair foirceanta mar chaiteachas nuair nach féidir leis an nGrúpa tairiscint na sochar sin a aistarraingt a thuilleadh nó nuair a aithníonn an Grúpa costais ar athstruchtúrú, cibé acu is luaithe. Más rud é nach bhfuiltear ag súil leis na sochair a shocrú ina n-iomláine laistigh de 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe, déantar iad a lascainiú.

### Ionstraimí airgeadais

Aithint agus tomhas tosaigh
Aithnítear infháltais trádála i dtosach ar a dtionscnamh. Aithnítear na sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar fad eile i dtosach sa chás ina mbíonn an Grúpa ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime.

Déantar sócmhainn airgeadais (murab infháltas trádála é gan comhpháirt maoinithe shuntasach) nó dliteanas airgeadais a thomhas i dtosach ag a luach cóir móide, i gcás míre nach bhfuil ar luach cóir trí bhrabús nó thrí chaillteanas ("FVTPL"), costais idirbhirt atá inchurtha go díreach i leith a sealbhaithe nó a heisiúna. Déantar infháltas trádála gan comhpháirt maoinithe shuntasach a thomhas i dtosach ar phraghas an idirbhirt.

Ionstraimí airgeadais – Aicmiú agus tomhas ina dhiaidh sin
Ar an aithint tosaigh, aicmítear sócmhainn airgeadais mar a bheith tomhaiste ag costas amúchta, luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile ("FCOVI"), nó luach cóir trí bhrabús nó thrí chaillteanas. Ní dhéantar sócmhainní airgeadais a athaicmiú i ndiaidh a n-aitheanta tosaigh mura n-athraíonn an Grúpa a mhúnla gnó chun sócmhainní airgeadais a bhainistiú. Sa chás sin, déantar gach sócmhainn airgeadais lena mbaineann a athaicmiú ar an gcéad lá den chéad tréimhse tuairiscithe tar éis an athraithe ar an múnla gnó.

Déantar sócmhainn airgeadais a thomhas ar a costas amúchta má chomhlíonann sí an dá choinníoll seo a leanas agus mura bhfuil sé ainmnithe mar a bheith ar FVTPL:

- tá sí á sealbhú laistigh de mhúnla gnó a bhfuil mar chuspóir leis sócmhainní a shealbhú chun sreafaí airgid conarthacha a bhailiú; agus
- tagann sreafaí airgid chun cinn ar dhátaí sonraithe faoina téarmaí conarthacha, agus is iad íocaíochtaí bunairgid agus úis ar an bpríomhshuim gan íoc atá sna sreafaí airgid sin, agus iad sin amháin.

Is ag FVTPL a thomhaistear gach sócmhainn airgeadais nach n-aicmítear í mar a bheith tomhaiste ag a costas amúchta nó FVOCI mar atá sonraithe thuas. Áirítear leis sin gach sócmhainn airgeadais dhíorthach (féach Nóta 27). Ar an aithint tosaigh, féadfaidh an Grúpa sócmhainn airgeadais a ainmniú go neamh-inchúlghairthe a chloíonn ar gach bealach eile leis na riachtanais go dtomhaisfí í ag a costas amúchta nó ag FVOCI amhail ag FVTPL dá ndíchuirfí nó dá laghdófaí go mór leis sin neamhréir cuntasaíochta a thiocfadh chun cinn murach sin.

Sócmhainní airgeadais – Measúnú ar an múnla gnó
Déanann an Grúpa measúnú ar chuspóir an mhúnla gnó ina sealbhaítear sócmhainn airgeadais ar leibhéil phunainne mar is é sin is fearr a léiríonn an chaoi a mbainistítear an gnó agus an chaoi a soláthraítear faisnéis don bhainistíocht. Cuimsítear leis an bhfaisnéis a chuirtear san áireamh:

- beartais shonraithe agus na cuspóirí sonraithe don phunann agus feidhmiú na mbeartas sin sa chleachtas. Áirítear orthu sin féachaint an ndírítear ar ioncam úis conarthach a thuilleamh i straitéis na bainistíochta, próifíl ráta úis ar leith a chothabháil, fad ama na sócmhainní airgeadais a chur in oiriúint d'fhad ama aon dliteanais ghaolmhara nó aon eis-sreafaí airgid lena bhfuiltear ag súil, nó sreafaí airgid a réadú trí na sócmhainní a dhíol;
- a dhéantar feidhmíocht na punainne a mheas agus a thuairisciú do bhainistíocht an Ghrúpa;
- na rioscaí a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht an mhúnla gnó (agus na sócmhainní airgeadais arna sealbhú laistigh den mhúnla gnó sin) agus conas a dhéantar na rioscaí sin a bhainistiú;
- conas a chúitítear bainisteoirí an ghnó – mar shampla, féachaint an bhfuil an cúiteamh bunaithe ar luach cóir na sócmhainní arna mbainistiú nó ar na sreafaí airgid conarthacha arna mbailiú; agus
- minicíocht, méid agus uainiúchán na ndíolachán de shócmhainní airgeadais i dtréimhsí roimhe seo, na cúiseanna leis na díolacháin sin, agus ionchas maidir le gníomhaíochtaí díolacháin amach anseo.

Maidir le haistrithe sócmhainní airgeadais chuig tríú páirtithe in idirbhearta nach bhfuil cáilithe ar dhí-aithint, ní mheastar iad mar dhíolacháin chun na críche seo, i gcomhréir le haithint leantach an Ghrúpa ar na sócmhainní.

Tomhaistear ag FVTPL sócmhainní airgeadais atá á sealbhú lena dtrádáil nó atá á mbainistiú agus a ndéantar a bhfeidhmíocht a mheasúnú ar bhonn luach cóir.

Sócmhainní airgeadais – Measúnú ar cé acu is íocaíochtaí bunairgid agus úis amháin atá sa sreabhadh airgid conarthach nó nach ea
Chun críocha an mheasúnaithe seo, sainmhínítear 'bunairgead' mar luach cóir na sócmhainne airgeadais ar a haithint tosaigh. Sainmhínítear 'ús' mar chomaoin don amluach airgid agus don riosca creidmheasa a bhaineann leis an bpríomhshuim gan íoc i rith tréimhse áirithe ama agus le haghaidh rioscaí bunúsacha agus costais eile ar iasachtú (mar shampla riosca leachtachta agus costais riaracháin), mar aon le corrlach brabúis.

Agus measúnú á dhéanamh ar an íocaíochtaí bunairgid agus úis amháin atá sna sreafaí airgid conarthach, cuireann an Grúpa téarmaí conarthacha na hionstraime san áireamh. Áirítear leis sin féachaint an bhfuil téarma conarthach i gceist le sócmhainn airgeadais a d'fhéadfadh athrú a dhéanamh ar uainiúchán nó ar mhéid na sreafaí airgid conarthacha a d'fhágfadh nach gcloíodh an tsócmhainn leis an gcoinníoll seo. Agus an measúnú sin á dhéanamh, cuireann an Grúpa na nithe seo a leanas san áireamh:

- imeachtaí teagmhasacha a d'athródh méid nó uainiúchán sreafaí airgid;
- téarmaí a d'fhéadfadh coigeartú a dhéanamh ar an ráta cúpóin conarthach, lena n-áirítear gnéithe ar ráta-athraitheach;
- gnéithe maidir le réamhíocaíocht agus síneadh ama; agus
- téarmaí a chuireann teorainn le héileamh an Ghrúpa ar shreabhadh airgid ó shócmhainní sonraithe (e.g. gnéithe neamh-iontaofa).





## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

### Ionstraimí airgeadais ar lean

Tá gné réamhíocaíochta ag teacht leis an gcritéar maidir le híocaíochtaí bunairgid agus úis, agus na cineálacha íocaíochta sin amháin, má léirítear tríd is tríd le méid na réamhíocaíochta méideanna neamhíoctha bunairgid agus úis ar an bpríomhshuim atá gan íoc, agus d'fhéadfaí a chuimsiú leis sin cúiteamh breise réasúnta as foirceannadh luatha an chonartha. Ina theannta sin, i gcás sócmhainn airgeadais a fuarthas faoin bpar nó os cionn an phar i gcomparáid leis an méid conarthach, maidir le gné lena gceadaítear nó lena gceanglaítear réamhíocaíocht ar mhéid lena léirítear tríd is tríd méid an phar faoin gconradh mar aon le hús conarthach fabhraithe (ach atá gan íoc) (d'fhéadfaí a chuimsiú leis sin freisin cúiteamh breise réasúnta as foirceannadh luath), caitear leis an ngné sin mar a bheith ag teacht leis an gcritéar más rud é go bhfuil luach cóir na gné réamhíocaíochta neamhshuntasach tráth na haitheanta tosaigh.

Sócmhainní airgeadais – Tomhas ina dhiaidh sin agus gnóthachain agus caillteanais

Sócmhainní airgeadais ag FVTPL
Déantar na sócmhainní sin a thomhas ag a luach cóir ina dhiaidh sin. Aithnítear glanghnóthachain agus glanchaillteanais, lena n-áirítear aon ioncam úis nó díbhinne, sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Sócmhainní airgeadais ag a gcostas amúchta
Déantar na sócmhainní seo a thomhas ag a gcostas amúchta ina dhiaidh sin le modh an úis ghlain. Laghdaítear an costas amúchta le caillteanais bhearnúcháin. Aithnítear ioncam úis, gnóthachain agus caillteanais ar airgeadra eachtrach, agus bearnú sa bhrabús nó sa chaillteanas. Déantar aon ghnóthachan nó caillteanas ag éirí as dí-aithint a aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Dliteanais airgeadais – Aicmiú, tomhas ina dhiaidh sin, agus gnóthachain agus caillteanais
Aicmítear dliteanais airgeadais mar a bheith tomhaiste ag a gcostas amúchta nó ag FVTPL. Aicmítear dliteanas airgeadais ag FVTPL má aicmítear é mar dhliteanas atá á shealbhúthrádáil, más díorthach é, nó má tá sé ainmnithe mar sin ar a aithint tosaigh. Déantar dliteanais airgeadais a thomhas ag FVTPL agus aithnítear glanghnóthachain agus glanchaillteanais, lena n-áirítear aon úschostas, sa bhrabús nó sa chaillteanas. Déantar dliteanais airgeadais eile a thomhas ag a gcostas amúchta ina dhiaidh sin le modh an úis ghlain. Aithnítear úschostas agus gnóthachain agus caillteanais ar airgeadra eachtrach sa bhrabús nó sa chaillteanas. Déantar aon ghnóthachan nó caillteanas ag éirí as dí-aithint a aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas freisin.

Féach Nóta 27 maidir le dliteanais airgeadais atá ainmnithe mar ionstraimí fálaithe.

### Dí-aithint

Sócmhainní airgeadais
Dí-aithníonn an Grúpa sócmhainn airgeadais nuair a thagann deireadh leis na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais, nó nuair a aistríonn sé na cearta chun na sreafaí airgeadais conarthacha a fháil in idirbheart ina n-aistrítear beagnach gach riosca agus gach tairbhe a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais nó in idirbheart nach n-aistríonn an Grúpa ná nach gcoimeádann sé beagnach gach riosca agus gach tairbhe a bhaineann le húinéireacht agus nach gcoimeádann sé rialú ar an tsócmhainn airgeadais.

Déanann an Grúpa idirbhearta lena n-aistríonn sé na sócmhainní atá aitheanta ina chlár comhardaithe, ach lena gcoimeádann sé gach riosca agus tairbhe a bhaineann leis na sócmhainní arna n-aistriú, nó beagnach gach riosca agus tairbhe a bhaineann leo. Sna cásanna sin, ní dhéantar na sócmhainní arna n-aistriú a dhí-aithint.

Dliteanais airgeadais
Dí-aithníonn an Grúpa dliteanas airgeadais nuair a dhéantar a oibleagáidí conartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal, nó nuair a thagann deireadh leo. Ina theannta sin, dí-aithníonn an Grúpa dliteanas airgeadais i gcás ina n-athraítear a théarmaí agus ina bhfuil sreafaí airgid an dliteanais athraithe an-éagsúil. Sa chás sin, aithnítear dliteanas airgeadais nua ag a luach cóir bunaithe ar na téarmaí athraithe.

Aithnítear sa bhrabús nó sa chaillteanas an difríocht idir an tsuim ghlanluacha a múchadh agus an chomaoin a íocadh (lena n-áirítear aon sócmhainní neamhairgid aistrithe nó dliteanais ghafa) ar dhí-aithint dliteanais airgeadais.

Fritháireamh
Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus cuirtear an glanmhéid i láthair sa chlár comhardaithe sa chás ina bhfuil ceart infheidhmithe le dlí ag an nGrúpa faoi láthair na méideanna a fhritháireamh agus ina bhfuil sé i gceist aige iad a ghlanadh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh ag an am céanna, agus sa chás sin amháin.

Sócmhainní airgeadais ag a gcostas amúchta
Aithníonn an Grúpa lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha ar shócmhainní airgeadais arna dtomhas de réir an chostais amúchta. Déantar lamháltais caillteanais d'infháltais trádála agus sócmhainní conartha a thomhas i gcónaí ar mhéid atá cothrom le caillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil. Agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil méadú suntasach tagtha ar riosca creidmheasa sócmhainne airgeadais ón aitheantas tosaigh agus nuair a dhéantar caillteanais chreidmheasa ionchasacha a mheas, déanann an Grúpa breithniú ar fhaisnéis réasúnta bunaithe ar fhianaise atá idir ábhartha agus ar fáil gan costas ná iarracht mhíchuí. Cuimsítear leis sin faisnéis agus anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil, bunaithe ar thaithí an Ghrúpa roimhe seo agus ar mheasúnú creidmheasa eolach, agus cuimsítear faisnéis réamhbhreathnaitheach leis freisin.

## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

**Dí-aithint** ar lean

Glacann an Grúpa leis go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an riosca creidmheasa ar shócmhainn airgeadais má tá an tsócmhainn sin níos mó ná 120 lá thar téarma. Is éard atá i gceist le caillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil na caillteanais chreidmheasa ionchasacha sin a éiríonn as gach teagmhas mainneachtana féideartha thar shaolré ionchais ionstraime airgeadais. An tréimhse uasta a bhreithnítear agus caillteanais chreidmheasa ionchasacha á meas ná an tréimhse uasta chonarthach ina bhfuil an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa.

Caillteanais chreidmheasa ionchasacha a thomhas

Is meastachán atá ualaithe ó thaobh dóchúlachta ar chaillteanais chreidmheasa iad caillteanais chreidmheasa ionchasacha. Tomhaistear caillteanais chreidmheasa mar luach láithreach gach easnaimh san airgead tirim (.i. an difríocht idir na sreafaí airgid atá dlite don eintiteas de réir an chonartha agus na sreafaí airgid a bhfuil súil ag an nGrúpa lena bhfáil). Déantar caillteanais chreidmheasa ionchasacha a lascainiú de réir ghlanráta úis na sócmhainne airgeadais.

Ar gach dáta tuairiscithe, déanann an Grúpa measúnú i dtaobh an bhfuil fadhbanna creidmheasa ag baint le sócmhainní airgeadais arna n-iompar ar chostas amúchta. Bíonn fadhbanna creidmheasa ag sócmhainn airgeadais sa chás inar tharla aon teagmhas amháin nó níos mó ag a mbíonn drochthionchar ar shreafaí airgid todhchaí measta na sócmhainne airgeadais.

Cuimsítear na sonraí inbhraite seo a leanas le fianaise go bhfuil fadhbanna creidmheasa ag sócmhainn airgeadais:

> tá deacrachtaí móra airgeadais ag an iasachtóir nó ag an eisitheoir;
> sárú conartha amhail mainneachtain nó a bheith níos mó ná 120 lá thar téarma;
> an Grúpa a bheith ag athstruchtúrú iasachta nó airleacain ar théarmaí nach mbreithneodh an Grúpa in imthosca eile;
> is dócha go dtitfidh an t-iasachtóir i bhféimheacht nó go ndéanfar atheagrú airgeadais eile air; nó
> margadh gníomhach d'urrús a bheith imithe mar thoradh ar dheacrachtaí airgeadais.

Lamháltas i leith caillteanas creidmheasa ionchasach a chur i láthair sa chlár comhardaithe

Déantar lamháltais caillteanais do shócmhainní airgeadais ag a gcostas amúchta a asbhaint ó oll-luach na sócmhainní de réir na leabhar.

Díscríobh

Díscríobhtar oll-luach sócmhainne airgeadais de réir na leabhar nuair nach bhfuil aon súil réasúnach ag an nGrúpa sócmhainn airgeadais ina hiomláine, nó cuid di, a aisghabháil. I gcás custaiméirí aonair, tá sé de bheartas ag an nGrúpa oll-luach de réir na leabhar a dhíscríobh nuair a bhíonn an tsócmhainn airgeadais 120 lá thar téarma bunaithe ar an taithí roimhe seo ar shócmhainní comhchosúla a aisghabháil. Maidir le custaiméirí corparáideacha, déanann an Grúpa measúnú go leithleach i ndáil le huainiú agus méid an díscríofa bunaithe ar shúil réasúnach a bheith ann leis an tsócmhainn a aisghabháil. Ní bhíonn an Grúpa ag súil le haon aisghabháil shuntasach ón méid díscríofa. Mar sin féin, maidir le sócmhainní airgeadais díscríofa, d'fhéadfaidís a bheith faoi réir gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin chun cloí le nósanna imeachta an Ghrúpa chun méideanna dlite a aisghabháil.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**

Cuimsítear san airgead tirim agus sna coibhéisí airgid thirim an t-airgead tirim sa bhanc agus ar láimh, agus taiscí gearrthéarmacha.

Infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtach is ea coibhéisí airgid thirim lena mbaineann aibíocht tráth a eisiúna trí mhí nó níos lú ón dáta fála, agus ar furasta iad a chomhshó go méideanna is eol d'airgead tirim. Ní bhíonn i gceist leo ach riosca neamhshuntasach ó thaobh athrú luacha.

Sa ráiteas ar shreafaí airgid, léirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim glan ar rótharraingtí gearrthéarma atá inaisíoctha ar éileamh.

**Ionstraimí airgeadais díorthacha agus cuntasaíocht fálaithe**

Féadfaidh an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha a shealbhú chun fálú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach agus ar riosca ráta úis. Déantar díorthaigh leabaithe a scaradh ón gconradh óstaigh agus tugtar cuntas orthu ar leithligh má chomhlíontar critéir áirithe.

Aithnítear díorthaigh ar a luach cóir i dtosach; aithnítear aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach sa bhrabús nó sa chaillteanas faoi mar a thabhaítear iad. Faoi réir a n-aitheanta tosaigh, déantar díorthaigh a thomhas ar a luach cóir, agus aithnítear athruithe air sin sa bhrabús nó sa chaillteanas mura bhfuil cuntasaíocht fálaithe á cur i bhfeidhm.

**Fálú ar an sreabhadh airgid**

Nuair a ainmnítear díorthach ina ionstraim fálaithe sreafa airgid, aithnítear an sciar éifeachtach de na hathruithe ar luach cóir an díorthaigh san ioncam cuimsitheach eile agus déantar é a charnadh sa chúlchiste fálaithe. Aithnítear láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas aon sciar neamhéifeachtach de na hathruithe ar luach cóir an díorthaigh.

Déantar an méid atá carntha sa chothromas a choinneáil san ioncam cuimsitheach eile agus déantar é a athaicmiú sa bhrabús nó sa chaillteanas sa tréimhse chéanna nó sna tréimhsí céanna ina dtéann an mhír fhálaithe i bhfeidhm ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas.



Bord na Móna Cpt
**Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite**
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (lena n-áirítear úsáid meastachán agus breithiúnas) ar lean

**Fálú ar an sreabhadh airgid** ar lean

Más rud é nach gcloíonn an ionstraim fálaithe a thuilleadh leis na critéir don chuntasaíocht fálaithe, go dtéann sí in éag nó go ndíoltar í, nó más rud é go n-aisghairtear an t-ainmniú, scoirtear den chuntasaíocht fálaithe go hionchasach sa chás sin. Mura bhfuil súil leis an idirbheart réamhaisnéise níos mó, déantar an méid atá carntha sa chothromas a athaicmiú sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun fálú a dhéanamh ar an neamhchosaint ar phraghsanna tráchtearraí, ar airgeadra eachtrach agus ar an riosca ráta úis ag éirí as gníomhaíochtaí oibriúcháin, airgeadais agus infheistíochta. Áirítear i measc na bpríomhdhíorthach a úsáidtear babhtálacha ráta úis, babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú, babhtálacha airgeadra, agus réamhchonarthaí i leith airgeadra eachtrach. Úsáidtear conarthaí tráchtearraí freisin chun fálú a dhéanamh ar neamhchosaint an Ghrúpa ar cheannach breosla agus ar dhíol leictreachais.

I ngnáthchúrsa a ghnó, déanann an Grúpa conarthaí díola agus ceannaigh go rialta le haghaidh tráchtearraí, lena n-áirítear gás agus leictreachas. I gcás ina ndearnadh an conradh agus ina bhfuil feidhm leis fós chun na tráchtearraí a fháil nó a sheachadadh i gcomhréir le riachtanais ionchais an Ghrúpa maidir le díol, ceannach nó úsáid, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí féinúsáide agus tugtar cuntas orthu mar chonarthaí le comhlíonadh. Dá bhrí sin, níl na conarthaí sin faoi raon feidhme IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais.

Maidir le conarthaí tráchtearraí nach bhfuil ainmnithe mar chonarthaí féinúsáide, tugtar cuntas orthu mar dhíorthaigh thrádála agus aithnítear iad ar a luach cóir ar an gclár comhardaithe. Maidir leis na hathruithe ar an luach cóir nuair is ann do ghaolmhaireacht cuntasaíochta fálaithe, aithneofar iad de réir IFRS 9 mar fhálú ar an sreabhadh airgid nó mar fhálú cóirluacha.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun fálú a dhéanamh ar an neamhchosaint ar an ráta úis agus ar airgeadra. Aithnítear gach díorthach den sórt sin ar a luach cóir agus déantar iad a atomhas ar a luach cóir ar dháta an chláir comhardaithe. Formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthacha, tá siad ainmnithe mar chinn atá ar seilbh chun críocha fálaithe.

Bunaítear ainmniúchán na gaolmhaireachta fálaithe tráth déanta an chonartha. An chaoi a láimhseáiltear gnóthachan agus caillteanas ar atomhas ina dhiaidh sin, bíonn sé ag brath ar aicmiú an fhálaithe agus ar cibé an bhfuil an ghaolmhaireacht fálaithe ainmnithe mar fhálú ar an luach cóir nó mar fhálú ar an sreabhadh airgid. Gach gluaiseacht sa luach cóir ar dhíorthaigh nach cuid de ghaolmhaireachtaí fálaithe iad, déantar iad a thaifeadadh ar an ráiteas ioncaim.

**Gnáthscaireanna**

Is mar chothromas a aicmítear gnáthscaireanna. Maidir le costais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith eisiúint gnáthscaireanna, aithnítear iad mar asbhaint ó thuilleamh coimeádta, glan ar aon iarmhairtí cánach.

Maidir le gnáthdhíbhinní atá dearbhaithe mar dhíbhinní deiridh, aithnítear iad mar dhliteanas sa tréimhse ina bhfaomhann na scairshealbhóirí iad. Aithnítear díbhinní eatramhacha mar dhliteanas ar a n-íoc.

**Soláthar agus dliteanais theagmhasacha**

Aithnítear soláthar i gcás ina bhfuil oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe ag an nGrúpa mar thoradh ar theagmhas roimhe sin, inar dócha go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a ghlanadh, agus inar féidir méid an eis-sreafa sin a thomhas go hiontaofa. Más ábhartha atá an iarmhairt, déantar an soláthar a thomhas trí na heis-sreafaí airgid measta amach anseo a lascainiú ar ráta réamhchánach lena léirítear an measúnú margaidh reatha ar amluach an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais.

I gcás nach dócha go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil, nó nach féidir an tsuim a mheas go hiontaofa, déantar an oibleagáid a nochtadh mar dhliteanas teagmhasach, mura rud é gur fíor-bheag an seans atá ann go mbeidh gá le heis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha. I gcás oibleagáidí féideartha, nach ndeimhneofar iad a bheith ann go dtí go dtarlóidh nó nach dtarlóidh aon teagmhas amháin nó níos mó amach anseo, déantar iad a nochtadh mar dhliteanais theagmhasacha freisin mura rud é gur fíor-bheag an seans atá ann go mbeidh gá le heis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha.

**Deontais**

Maidir le deontais rialtais nach lamháltais astaíochtaí iad, aithnítear iad i dtosach mar ioncam iarchurtha ar a luach cóir má táthar réasúnta cinnte go bhfaighfear iad agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leis an deontas; aithnítear ansin iad sa bhrabús nó sa chaillteanas mar ioncam eile ar bhonn córasach thar shaolré ionchais na sócmhainne.

Maidir le deontais lena gcúitítear an Grúpa as caiteachas arna thabhú, aithnítear iad sa bhrabús nó sa chaillteanas ar bhonn córasach sna tréimhsí ina n-aithnítear na caiteachais.

## 3. Ioncam

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Fuinneamh: | | |
| Móin agus bithmhais | 9,510 | 55,219 |
| Oibríochtaí Powergen | 102,777 | 96,219 |
| Breoslaí | 39,311 | 43,524 |
| Meáin fáis | 77,072 | 63,277 |
| Fuinneamh iomlán | 228,670 | 258,239 |
| Aisghabháil acmhainní | 92,521 | 89,356 |
| Eile | 2,688 | 3,424 |
| **Iomlán** | **323,879** | **351,019** |

Déantar an t-ioncam a idirdhealú de réir suíomh geografach:

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | 253,363 | 289,751 |
| An Ríocht Aontaithe | 54,875 | 43,745 |
| An chuid eile den Eoraip | 15,197 | 16,971 |
| An chuid eile den domhan | 444 | 552 |
| | **323,879** | **351,019** |

## 4. Caiteachas ar shochair fostaithe

Seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an nGrúpa i rith na bliana, arna n-anailísiú de réir catagóire:

| | 31 Márta 2021 Líon | 25 Márta 2020 Líon |
|---|---|---|
| Déantúsaíocht agus táirgeadh | 925 | 1,125 |
| Riarachán | 358 | 365 |
| **Iomlán** | **1,283** | **1,490** |
| Buaic na fostaíochta | 2,170 | 1,831 |

| Is iad seo a leanas costais phárolla chomhiomlána na ndaoine sin: | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 59,850 | 68,627 |
| Costais na slándála sóisialaí | 6,693 | 7,796 |
| Costais phinsin (ranníocaíocht shainithe) | 1,588 | 1,688 |
| Costais phinsin (sochar sainithe) | 1,062 | 1,454 |
| Costais iomarcaíochta (ráiteas muirear ar ioncam) | - | 26,326 |
| | 69,193 | 105,891 |
| Costais foirne chaipitlithe | (1,038) | (1,236) |
| **Glanchostais foirne** | **68,155** | **104,655** |

I rith na bliana dar críoch 31 Márta 2021 fuair an Grúpa €0.8 milliún trí Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá COVID-19. Glantar an méid seo laistigh de chostais fostaithe don bhliain.



Bord na Móna Cpt
Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 5. Luach saothair na stiúrthóirí

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí na stiúrthóirí | 145 | 141 |
| Tuarastal | 225 | 225 |
| Ranníocaíochtaí na cuideachta le scéimeanna pinsin | 70 | 74 |
| Sochair incháinithe | 63 | 56 |
| Sochair foirceanta | 112 | 369 |
| Luach saothair eile | 199 | 297 |
| | 814 | 1,162 |

Tá nochtadh luach saothair na stiúrthóirí comhdhéanta de luach saothair a íocann Bord na Móna cpt le stiúrthóirí uile na Cuideachta, eadhon na stiúrthóirí arna gceapadh faoi na ceanglais um páirteachas lucht oibre, na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus na stiúrthóirí feidhmiúcháin. Fabhraíodh sochair scoir do chúigear stiúrthóirí san iomlán (2020: cúigear). Tá cuid de na stiúrthóirí páirteach sna scéimeanna pinsin sochar sainithe faoi láthair. Ba é €206,000 an tsuim chomhiomlán a íocadh nó a bhí iníoctha maidir le sochair scoir iarstiúrthóirí (ní áirítear ann méideanna sa chás ina raibh an scéim cistithe go leordhóthanach)(2020: €206,000).

| | Táillí €'000 | Luach saothair eile €'000 | Ranníocaíocht na cuideachta le pinsin €'000 | Sochair foirceanta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin:** | | | | | |
| **(i) Stiúrthóirí a ceapadh de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988 (4) (Líon na stiúrthóirí ar fostaithe iad; 2021: 4/2020: 3)** | | | | | |
| **31 Márta 2021** | **48** | **199** | **14** | **112** | **373** |
| 25 Márta 2020 | 50 | 297 | 18 | 369 | 734 |
| **(ii) Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin eile (Líon na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin eile; 2021: 7/2020: 8)** | | | | | |
| **31 Márta 2021** | **97** | **-** | **-** | **-** | **97** |
| 25 Márta 2020 | 91 | - | - | - | 91 |

| | Táillí €'000 | Tuarastal €'000 | Pá a bhaineann le feidhmíocht €'000 | Ranníocaíochtaí na cuideachta le scéimeanna pinsin €'000 | Sochair incháinithe €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Stiúrthóirí feidhmiúcháin** | | | | | | |
| Tom Donnellan | - | 225 | - | 56 | 63 | 344 |
| **An bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021** | **-** | **225** | **-** | **56** | **63** | **344** |
| Tom Donnellan | - | 225 | - | 56 | 56 | 337 |
| An bhliain dar chríoch an 25 Márta 2020 | - | 225 | - | 56 | 56 | 337 |

Íoctar táille bhliantúil €21,600 leis an gcathaoirleach neamhfheidhmiúcháin, agus íoctar táille bhliantúil €12,600 le gach duine de na Stiúrthóirí, seachas an Príomhfheidhmeannach. Déantar na méideanna sin a choigeartú ar bhonn pro rata sa chás ina dtosaíonn téarma oifige nó ina dtagann deireadh leis le linn na bliana.

## 5. Luach saothair na stiúrthóirí ar lean

Maidir leis na stiúrthóirí a bhí in oifig ag deireadh na bliana airgeadais, bhí an leas seo a leanas acu sna gnáthscaireanna ag tús na bliana, nó ar dháta a gceapacháin má ceapadh iad ina dhiaidh sin, agus ag deireadh na bliana go dtí an 31 Márta 2021:

| | 31 Márta 2021 Scaireanna | 25 Márta 2020 Scaireanna |
|---|---|---|
| Paddy Rowland | 1,771 | 1,771 |
| Philip Casey* | - | 1,771 |
| Kevin Healy | 1,771 | 1,771 |
| **Iomlán** | **3,542** | **5,313** |

*Chuaigh ar scor mar stiúrthóir le linn na bliana

Na scaireanna thuas ar leis na stiúrthóirí iad, sealbhaítear iad tríd an gClár Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe ("ESOP").

## 6. Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile

Déantar brabús/(caillteanas) na bliana a ríomh tar éis an méid seo a leanas a chur de dhochar/(de shochar) na gcuntas:

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas (nóta 10) | 29,673 | 29,959 |
| Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh (nóta 7) | 2,152 | (2,222) |
| Amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe (nóta 11) | 2,141 | 3,009 |
| Lagú ar mhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 10) | 490 | 9,214 |
| Lagú ar shócmhainní doláimhsithe (nóta 11) | - | 3,052 |
| Caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt gnó | 6,906 | 7,745 |
| Deontais chaipitil a amúchadh (nóta 17) | (1,939) | (2,528) |
| Caillteanais ar lagú ar infháltais trádála ag eascairt as conarthaí le custaiméirí | 607 | 444 |
| Gnóthachan ar airgeadra eachtrach | (343) | (937) |

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Luach saothair na n-iniúchóirí** | | |
| Seirbhísí iniúchóireachta | 245 | 245 |
| Seirbhísí árachais eile | 16 | 16 |
| Eile | 205 | - |
| Seirbhísí cánach | 141 | 120 |
| **Iomlán** | **607** | **381** |

Is é an táille iniúchta don Chuideachta ná €13,000 (2020: €13,000).

Cuimsítear leis sin speansais as póca €5,000 (2020: €5,000) a aisíocadh leis an iniúchóir.





## 7. Ioncam eile agus míreanna eisceachtúla

| (a) Ioncam eile | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam eile | 4,826 | 1,995 |
| Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | 2,152 | 2,222 |
| **Iomlán** | **6,978** | **4,217** |

Cuimsíonn ioncam eile méideanna infhaighte ó Scéim Gníomhaíochta Aeráide na dTailte Portaigh maidir le hoibreacha athshlánaithe a rinneadh i rith na bliana.

| (b) Míreanna eisceachtúla | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Costas díolachán (a) | - | 16,813 |
| Speansais riaracháin (a) | - | 2,294 |
| Lagú ar mhaoin, gléasra agus trealamh (b) | - | 9,214 |
| Lagú ar shócmhainní doláimhsithe (b) | - | 3,052 |
| Costais ar athstruchtúrú (c) | - | 34,589 |
| Costais eisceachtúla roimh cháin | - | 65,962 |
| Cáin ar mhíreanna eisceachtúla | - | (6,269) |
| **Costais eisceachtúla tar éis cánach** | **-** | **59,693** |

### Míreanna eisceachtúla

Tagann na míreanna eisceachtúla chun cinn go príomha mar gheall ar chinneadh an Bhoird an Grúpa a athstruchtúrú mar chuid de phlean fadtéarmach ar mhaithe le dícharbónú.

A) Cuimsíodh sna míreanna eisceachtúla ó thaobh costas díolacháin agus costais riaracháin an bhliain roimhe sin:
i. Bhain €15.2 milliún de choigeartuithe fardail leis an athstruchtúrú ar mhaithe le dícharbónú;
ii. Bhain €1.6 milliún de na costais le conarthaí dochraideacha a bhaineann leis an athstruchtúrú ar mhaithe le dícharbónú; agus
iii. Bhain €2.3 milliún de chostas an aistrithe leis an athstruchtúrú ar mhaithe le dícharbónú.

B) Cuimsíodh le bearnú na bliana roimhe sin ar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe:
i. Bearnú €9.2 milliún a bhaineann leis an athstruchtúrú ar mhaithe le dícharbónú;
ii. Bearnú €3.0 milliún ar bhogearraí ar sócmhainní doláimhsithe iad a bhaineann leis an athstruchtúrú ar mhaithe le dícharbónú agus le héirí as gnólachtaí atá ag cailleadh airgid.

C) Cuimsíodh le costais athstruchtúraithe na bliana roimhe sin:
i. Costais iomarcaíochta €26.3 milliún a bhaineann leis an athstruchtúrú ar mhaithe le dícharbónú. Áirítear san fhigiúr sin caillteanas ciorrúcháin €2.1 milliún ar an scéim pinsin, féach nóta 25.
ii. Costais €8.2 milliún chun láithreáin a dhúnadh, rud a bhaineann leis an athstruchtúrú ar mhaithe le dícharbónú.

## 8. Glanchostais airgeadais

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam airgeadais:** | | |
| Ioncam úis | 238 | 575 |
| Glanioncam úis ar phinsin sochair shainithe | 424 | - |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid – athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (fáltais airgid) | - | 579 |
| | 662 | 1,154 |
| **Costais airgeadais:** | | |
| Ús ar shaoráidí rótharraingthe | (832) | (896) |
| Ús ar nótaí iasachta neamhurraithe | - | (2,172) |
| Gluaiseacht airgeadra eachtraigh ar nótaí iasachta neamhurraithe | - | (458) |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid – athaicmithe mar bhrabús nó mar chaillteanas (airgeadra eachtrach) | - | 458 |
| Leachtú lascaine ar fhorálacha (nóta 18) | (2,311) | (1,276) |
| Glanchostas úis ar phinsin le sochar sainithe | - | (141) |
| Amúchadh costas eisiúna | (192) | (244) |
| Ús ar dhliteanais léasa | (1,042) | (937) |
| | (4,377) | (5,666) |
| **Glanchostas airgeadais** | **(3,715)** | **(4,512)** |

## 9. Cánacha ioncaim

### (a) Méideanna atá aitheanta sa ráiteas ioncaim

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Cáin chorparáide in Éirinn | 2,156 | (47) |
| Coigeartuithe i ndáil le blianta roimhe seo | (13) | (1,082) |
| **Iomlán na cánach reatha** | **2,143** | **(1,129)** |
| **Cáin iarchurtha** | | |
| Tionscnamh agus aisiompú difríochtaí sealadacha: | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh – liúntais | 2,024 | 95 |
| Díorthaigh | - | (2,280) |
| Scaoileadh oibleagáidí pinsean | 672 | 491 |
| Forálacha, caillteanais nár úsáideadh agus eile | 463 | (993) |
| **Iomlán na cánach iarchurtha** | **3,159** | **(2,687)** |
| **Costas na cánach ioncaim ar oibríochtaí leantacha** | **5,302** | **(3,816)** |

### (b) Réiteach ar an ráta éifeachtach cánach

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús/(caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | 27,750 | (26,272) |
| Cáin bunaithe ar an ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn de 12.5% (2018: 12.5%) | 3,469 | (3,284) |
| *Éifeacht chánach a bhaineann le:* | | |
| Lagú ar mhaoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe agus cáilmheas | - | 116 |
| Amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe | - | 129 |
| Speansais neamh-inasbhainte eile | 1,379 | 131 |
| Cáin iarchurtha ar dhíorthaigh | - | (2,280) |
| Cáin chorparáide ar dhíorthaigh | - | (186) |
| Cáin iarchurtha ar an laghdú ar dhliteanas pinsin | - | 491 |
| Forálacha neamhionadaithe tugtha ar aghaidh | - | 5 |
| Athruithe ar mheastacháin a bhain le blianta roimhe seo | (42) | 179 |
| Úsáid caillteanas cánach | (204) | 264 |
| Íocaíocht phinsin níos mó ná costas an mhuirir pinsin | (401) | (647) |
| Ioncam neamh-incháinithe | - | - |
| Dímheas neamh-incháilithe | 828 | 703 |
| Tionchar na rátaí cánach éagsúla | 273 | 563 |
| Costas na cánach ioncaim | 5,302 | (3,816) |
| Ráta éifeachtach cánach | 19% | 15% |





## 9. Cánacha ioncaim ar lean

### (c) Gluaiseachtaí in iarmhéideanna cánach iarchurtha

| | Iarmhéid amhail ar a 25 Márta 2020 €'000 | Athaicmiú mar cháin chorparáide €'000 | Aitheanta sa bhrabús nó sa chaillteanas €'000 | Aitheanta san Ioncam Cuimsitheach eile €'000 | Aitheanta sa chothromas €'000 | Iarmhéid amhail ar a 31 Márta 2021 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh – liúntais chaipitil | 3,823 | - | (868) | - | - | 2,955 |
| Forálacha | 5,053 | - | (217) | - | - | 4,836 |
| Caillteanais nár úsáideadh | 3,147 | - | (149) | - | - | 2,998 |
| Pinsin le sochar sainithe | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán** | **12,023** | **-** | **(1,234)** | **-** | **-** | **10,789** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh – liúntais chaipitil | (12,646) | - | (1,157) | - | - | (13,803) |
| Forálacha | (22) | - | (97) | - | - | (119) |
| Pinsin le sochar sainithe | (2,193) | - | (672) | 1,527 | - | (1,338) |
| Díorthaigh | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán** | **(14,861)** | **-** | **(1,926)** | **1,527** | **-** | **(15,260)** |

Tá an glandliteanas cánach iarchurtha comhcheangailte €4.5 milliún léirithe ar an gclár comhardaithe.

| | Iarmhéid amhail ar a 27 March 2019 €'000 | Athaicmiú mar cháin chorparáide €'000 | Aitheanta sa bhrabús nó sa chaillteanas €'000 | Aitheanta san Ioncam Cuimsitheach eile €'000 | Aitheanta sa chothromas €'000 | Iarmhéid amhail ar a 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh – liúntais chaipitil | 3,230 | - | 593 | - | - | 3,823 |
| Forálacha | 2,988 | - | 2,065 | - | - | 5,053 |
| Caillteanais nár úsáideadh | 4,208 | - | (1,061) | - | - | 3,147 |
| Pinsin le sochar sainithe | 1,410 | - | - | (1,410) | - | - |
| **Iomlán** | **11,836** | **-** | **1,597** | **(1,410)** | **-** | **12,023** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh – liúntais chaipitil | (11,956) | - | (690) | - | - | (12,646) |
| Forálacha | (13) | - | (9) | - | - | (22) |
| Pinsin le sochar sainithe | (83) | - | (491) | (1,619) | - | (2,193) |
| Díorthaigh | (1,667) | (613) | 2,280 | - | - | - |
| **Iomlán** | **(13,719)** | **(613)** | **1,090** | **(1,619)** | **-** | **(14,861)** |

Tá an glandliteanas cánach iarchurtha comhcheangailte €2.8 milliún léirithe ar an gclár comhardaithe.

### (d) Sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta

Níor aithníodh na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas toisc nach dócha go mbeidh brabús inchánach sa todhchaí ar fáil ar féidir leis an nGrúpa na tairbhí uaidh a úsáid:

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Caillteanais chánach nár úsáideadh | 6,489 | 6,824 |
| **Iomlán** | **6,489** | **6,824** |

Níl na caillteanais faoi cheangal ama, ach tá siad ag brath ar na gnóthais faoi seach a bheith brabúsach an athuair.

## 10. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| 2021 | Talamh portaigh, draenáil agus foirgnimh tháirgthe €'000 | Líonadh talún €'000 | Iarnród, gléasra agus innealra €'000 | Sócmhainní giniúna €'000 | Talamh ruílse, riarachán agus foirgnimh thaighde €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán an Ghrúpa €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 150,430 | 61,104 | 237,866 | 353,665 | 17,932 | 8,496 | 829,493 |
| Méideanna breise | 414 | 1,286 | 4,337 | 1,393 | 35 | 19,116 | 26,581 |
| Diúscairtí/scoir | (426) | - | (3,880) | (385) | (341) | - | (5,032) |
| Athaicmiú | (1,770) | - | 141 | 1,606 | 23 | - | - |
| Aistrithe amach sócmhainní atá á dtógáil | 110 | 1,524 | 439 | 1,408 | 598 | (4,079) | - |
| Coigeartuithe ar mhalartú | 332 | - | 628 | - | - | - | 960 |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **149,090** | **63,914** | **239,531** | **357,687** | **18,247** | **23,533** | **852,002** |
| **Dímheas agus lagú** | | | | | | | |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 139,094 | 53,014 | 214,646 | 195,865 | 9,413 | - | 612,032 |
| Muirear dímheasa don bhliain | 838 | 3,406 | 7,257 | 17,361 | 811 | - | 29,673 |
| Muirear lagaithe don bhliain | - | - | - | - | 490 | - | 490 |
| Diúscairtí/scoir | (426) | - | (3,848) | (381) | - | - | (4,655) |
| Athaicmiú | (813) | - | (407) | 1,220 | - | - | - |
| Coigeartuithe ar mhalartú | 64 | - | 506 | - | - | - | 570 |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **138,757** | **56,420** | **218,154** | **214,065** | **10,714** | **-** | **638,110** |
| **Suim ghlanluacha** | | | | | | | |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **10,333** | **7,494** | **21,377** | **143,622** | **7,533** | **23,533** | **213,892** |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 11,336 | 8,090 | 23,220 | 157,800 | 8,519 | 8,496 | 217,461 |

| 2020 | Talamh portaigh, draenáil agus foirgnimh tháirgthe €'000 | Líonadh talún €'000 | Iarnród, gléasra agus innealra €'000 | Sócmhainní giniúna €'000 | Talamh ruílse, riarachán agus foirgnimh thaighde €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán an Ghrúpa €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | 149,357 | 61,100 | 239,568 | 346,249 | 16,852 | 4,860 | 817,986 |
| Méideanna breise | 2,801 | - | 5,371 | 7,416 | 14 | 6,689 | 22,291 |
| Diúscairtí/scoir | (1,554) | (79) | (8,246) | - | - | - | (9,879) |
| Athaicmiú | 41 | - | (41) | - | - | - | - |
| Aistrithe amach sócmhainní atá á dtógáil | 134 | 83 | 1,770 | - | 1,066 | (3,053) | - |
| Ag eascairt as éadáil | (349) | - | (556) | - | - | - | (905) |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | **150,430** | **61,104** | **237,866** | **353,665** | **17,932** | **8,496** | **829,493** |
| **Dímheas agus lagú** | | | | | | | |
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | 136,376 | 48,990 | 210,437 | 178,488 | 8,632 | - | 582,923 |
| Muirear dímheasa don bhliain | 1,056 | 3,273 | 7,487 | 17,377 | 766 | - | 29,959 |
| Muirear lagaithe don bhliain | 3,093 | 751 | 5,355 | - | 15 | - | 9,214 |
| Diúscairtí/scoir | (1,397) | - | (8,159) | - | - | - | (9,556) |
| Athaicmiú | 57 | - | (57) | - | - | - | - |
| Coigeartuithe ar mhalartú | (91) | - | (417) | - | - | - | (508) |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | **139,094** | **53,014** | **214,646** | **195,865** | **9,413** | **-** | **612,032** |
| **Suim ghlanluacha** | | | | | | | |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | **11,336** | **8,090** | **23,220** | **157,800** | **8,519** | **8,496** | **217,461** |
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | 12,981 | 12,110 | 29,131 | 167,761 | 8,220 | 4,860 | 235,063 |

I measc na méideanna breise tá:

(i) Suim €1.1 milliún (2020: €1.6 milliún i leith sócmhainní díchoimisiúnaithe agus athchóirithe.

(ii) Ní dhearnadh aon chaipitliú ar chostais iasachtaíochta sa bhliain reatha (2020: nialas) maidir le sócmhainní a bhí á dtógáil i rith na bliana.

(iii) Áirítear sna haistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil oibreacha sna hionaid agus cealla líonta talún a ndearnadh innealtóireacht orthu agus a tháinig i bhfeidhm i rith na bliana. Léiríonn an t-iarmhéid ag deireadh na bliana cealla líonta talún a ndearnadh innealtóireacht orthu, forbairt feirmeacha gaoithe agus oibreacha sna hionaid.



Bord na Móna Cpt
**Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite**
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 10. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar lean

Níl aon mhaoin, gléasra ná trealamh ar seilbh mar urrús i ndáil le haon iasachtaí ná iasachtaíochtaí de chuid an Ghrúpa. Fágann socrú fiachais an Ghrúpa, áfach, nach féidir leis an nGrúpa níos mó ná 10% dá chuid ollsócmhainní a dhíol gan cead a fháil roimh ré.

I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa, déanann na Stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar shuim ghlanluacha gach maoine, gléasra agus trealamh ar an dáta tuairiscithe lena chinneadh an bhfuil aon fhianaise ar bhearnú ann.

Tá athbhreithniú déanta ag an nGrúpa ar shócmhainní inláimhsithe le haghaidh táscairí lagaithe agus thug sé ar aird nach mbeadh lagú ina thoradh ar athrú réasúnach ar na boinn tuisceana.

Agus méid in-aisghabhála sócmhainne á chinneadh, ceanglaítear ar na stiúrthóirí cinntí agus meastacháin a dhéanamh agus glacadh le boinn tuisceana a théann i gcion ar luach anonn na maoine, an ghléasra agus an trealaimh. Na meastacháin agus na boinn tuisceana a úsáidtear, bíonn siad bunaithe ar thaithí stairiúil, ar eolas ar an tionscal agus ar thosca eile a chreidtear a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

## 11. Cáilmheas agus sócmhainní doláimhsithe

| 2021 | Bogearraí €'000 | Nascadh leis an ngreille €'000 | Eile €'000 | Cáilmheas €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Ag tús na bliana | 40,313 | 22,869 | 85,926 | 11,068 | 1,592 | 161,768 |
| Méideanna breise | 131 | - | 2,438 | - | 338 | 2,907 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Aistrithe amach sócmhainní atá á dtógáil | 269 | - | - | - | (269) | - |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | - | (2,568) | - | - | (2,568) |
| **Ag deireadh na bliana** | **40,713** | **22,869** | **85,796** | **11,068** | **1,661** | **162,107** |
| **Amúchadh agus lagú** | | | | | | |
| Ag tús na bliana | 38,061 | 10,227 | 80,825 | 10,718 | - | 139,831 |
| Muirear don bhliain | 1,057 | 920 | 164 | - | - | 2,141 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Lagú | - | - | - | - | - | - |
| **Ag deireadh na bliana** | **39,118** | **11,147** | **80,989** | **10,718** | **-** | **141,972** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | | | | |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **1,595** | **11,722** | **4,807** | **350** | **1,661** | **20,135** |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 2,252 | 12,642 | 5,101 | 350 | 1,592 | 21,937 |

| 2020 | Bogearraí €'000 | Nascadh leis an ngreille €'000 | Eile €'000 | Cáilmheas €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Ag tús na bliana | 42,509 | 22,869 | 84,197 | 11,068 | - | 160,643 |
| Méideanna breise | 85 | - | 13,965 | - | 1,796 | 15,846 |
| Diúscairtí | (2,485) | - | - | - | - | (2,485) |
| Aistrithe amach sócmhainní atá á dtógáil | 204 | - | - | - | (204) | - |
| Socrú lamháltas astaíochtaí | - | - | (12,236) | - | - | (12,236) |
| **Ag deireadh na bliana** | **40,313** | **22,869** | **85,926** | **11,068** | **1,592** | **161,768** |
| **Amúchadh agus lagú** | | | | | | |
| Ag tús na bliana | 35,519 | 9,309 | 80,709 | 10,718 | - | 136,255 |
| Muirear amúchta don bhliain | 1,975 | 918 | 116 | - | - | 3,009 |
| Diúscairtí | (2,485) | - | - | - | - | (2,485) |
| Lagú | 3,052 | - | - | - | - | 3,052 |
| **Ag deireadh na bliana** | **38,061** | **10,227** | **80,825** | **10,718** | **-** | **139,831** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | | | | |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | **2,252** | **12,642** | **5,101** | **350** | **1,592** | **21,937** |
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | 6,990 | 13,560 | 3,488 | 350 | - | 24,388 |

Áirítear le 'eile' infheistíochtaí i liostaí custaiméirí agus creidmheasanna astaíochtaí carbóin. Scaoiltear na creidmheasanna ó na sócmhainní doláimhsithe nuair a ghlantar na dliteanais maidir le hastaíochtaí.

I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa, déanann na Stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar shuim ghlanluacha gach maoine sócmhainní doláimhsithe agus trealaimh ar an dáta tuairiscithe lena chinneadh an bhfuil aon fhianaise ar bhearnú ann.

Tá athbhreithniú déanta ag an nGrúpa ar shócmhainní doláimhsithe le haghaidh táscairí bearnúcháin agus thug sé ar aird nach mbeadh bearnú ina thoradh ar athrú réasúnach ar na boinn tuisceana.

## 12. Léasanna

Tá talamh agus foirgnimh, gléasra agus innealra agus mótarfheithiclí ar léas ag an nGrúpa, lena ngabhann meántréimhsí léasa 14 bliana, 4 bliana agus 4.5 bliana faoi seach. Níl roghanna sna léasanna i dtaobh iad a athnuachan ná síneadh ama a chur leo ach d'fhéadfadh go mbeadh roghanna iontu maidir le luathfhoirceannadh. Ní mheasann an Grúpa go bhfuil sé réasúnta cinnte go mbainfear leas as roghanna maidir le luathfhoirceannadh, nuair is ann dóibh. Sna táblaí seo a leanas tá faisnéis maidir le léasanna sa chás gur léasaí é an grúpa.

| 31 Márta 2021 | Talamh agus foirgnimh €'000 | Gléasra agus innealra €'000 | Mótarfheithiclí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní ceart úsáide** | | | | |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 3,745 | 738 | 4,409 | 8,892 |
| Dímheas | (521) | (181) | (1,757) | (2,459) |
| Breiseanna | - | 306 | 2,458 | 2,764 |
| Foirceannadh | - | - | (12) | (12) |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **3,224** | **863** | **5,098** | **9,185** |

| 25 Márta 2020 | Talamh agus foirgnimh €'000 | Gléasra agus innealra €'000 | Mótarfheithiclí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní ceart úsáide** | | | | |
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | 4,266 | 737 | 3,155 | 8,158 |
| Dímheas | (521) | (165) | (1,396) | (2,082) |
| Breiseanna | - | 341 | 2,664 | 3,005 |
| Foirceannadh | - | (175) | (14) | (189) |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | **3,745** | **738** | **4,409** | **8,892** |

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Dliteanais léasa** | | |
| Dliteanas léasa oscailte | 9,211 | 8,158 |
| Costas úis | 1,042 | 937 |
| Aisíocaíochtaí | (3,232) | (2,708) |
| Breiseanna | 2,764 | 3,005 |
| Foirceannadh | (11) | (181) |
| **Dliteanas léasa deiridh** | **9,774** | **9,211** |
| Díobh: | | |
| Reatha | 2,230 | 1,909 |
| Neamh reatha | 7,544 | 7,302 |

Ba é costas úis léasa na bliana ná €1.0 milliún (2020: €0.9 milliún) agus tá sé san áireamh sna costais airgeadais ar an ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Ba é an t-eis-sreabhadh airgid iomlán i leith léasanna don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ná €3.2 milliún (2020: €2.7 milliún).

## 13. Fardal

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Amhábhair | 8,216 | 7,144 |
| Earraí críochnaithe | 10,182 | 19,801 |
| Páirteanna spártha – tomhaltáin | 2,214 | 2,633 |
| **Iomlán** | **20,612** | **29,578** |

Tá iarmhéideanna an fhardail glan ó sholáthar €20.1 milliún (2020: €24.9 milliún).

I rith na bliana, rinneadh díluacháil €0.1 milliún ar stoic bhreoslaí (2020: €0.3 milliún), stoic mhóna €nialas (2020: €17.5 milliún), stoic bhithmhaise €0.3 milliún (2020: €0.6 milliún), stoic ghairneoireachta €0.9 milliún (2020: €nialas) agus earraí inchaite cothabhála €nialas in Éadan Doire (2020: €0.1 milliún).

Aithníodh fardail €106.1 milliún mar chostas i rith na bliana (2020: €114.8 milliún) agus áirítear sa chostas díolachán iad.

Páirteanna spártha cothabhála – léirítear le tomhaltáin míreanna beaga a chuimsítear sa timthriall oibriúcháin.





## 14. Institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Gnóthais chomhfhiontairs (a) | 12,079 | 12,296 |
| Gnóthais chomhlachaithe (b) | 11,380 | 12,689 |
| | 23,459 | 24,985 |
| **(a) Gnóthais chomhfhiontair** | | |
| Ag tús na bliana | 12,296 | 8,682 |
| Gluaiseacht sna hinfheistíochtaí | (4,413) | 571 |
| Sciar de bhrabús | 4,050 | 4,487 |
| Sciar d'ioncam cuimsitheach eile d'institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais | 146 | (1,444) |
| **Ag deireadh na bliana** | **12,079** | **12,296** |
| **(b) Gnóthais chomhlachaithe** | | |
| Ag tús na bliana | 12,689 | 14,575 |
| Gluaiseacht sna hinfheistíochtaí | (1,779) | (900) |
| Sciar de bhrabús/(caillteanas) | 182 | (708) |
| Sciar d'ioncam cuimsitheach eile d'institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais | 288 | (278) |
| **Ag deireadh na bliana** | **11,380** | **12,689** |

Tá comhfhiontair agus comhlaigh shuntasacha ag an nGrúpa, mar seo a leanas:

Tá leas 50% ag an nGrúpa in Oweninny Power DAC ("Oweninny"), a corpraíodh i Meán Fómhair 2011 mar chomhfhiontar idir Bord na Móna Powergen Limited agus ESB Wind Development Limited chun feirm ghaoithe 172MW a fhorbairt in Abhainn Einne, Co. Maigh Eo. Chuaigh an comhfhiontar i mbun oibríochta i mí na Samhna 2019. Amhail an 31 Márta 2021, bhí infheistíocht €7.9 milliún ag an nGrúpa (2020: €12.3 milliún) in Owenwinny trí iasacht scairshealbhóra.

### Oweninny

| (i) Ráiteas ioncaim achoimrithe | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Céatadán leasa úinéireachta** | **50%** | **50%** |
| Ioncam | 25,517 | 13,205 |
| Costas díolachán | (4,363) | (5,332) |
| Dímheas agus amúchadh | (7,540) | - |
| Costas úis | (3,998) | (1,730) |
| Costas eile | (92) | (22) |
| Costas na cánach ioncaim | (1,999) | (827) |
| Gluaiseacht sa chúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid | 293 | (2,888) |
| | 7,818 | 2,406 |
| **Sciar an Ghrúpa den bhrabús agus den ioncam cuimsitheach iomlán (50%)** | **3,909** | **1,203** |

| (ii) Clár comhardaithe achoimrithe | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Céatadán leasa úinéireachta** | **50%** | **50%** |
| Sócmhainní neamhreatha | 146,927 | 157,650 |
| Sócmhainní reatha | 32,372 | 40,624 |
| Dliteanais neamhreatha | (152,143) | (157,449) |
| Dliteanais reatha | (28,803) | (50,289) |
| **Glandliteanais (100%)** | **(1,647)** | **(9,464)** |
| Sciar an Ghrúpa de na glandliteanais (50%) | (824) | (4,732) |
| Iasachtaí an Ghrúpa i gcomhfhiontar | 7,865 | 12,276 |
| **Suim ghlanluacha** | **7,041** | **7,544** |

Tá leas 50% ag an nGrúpa i scaireanna de chuid Electricity Exchange DAC. Tá an Chuideachta rannpháirteach sa Mhargadh Leictreachais Aonair uile-oileáin mar aonad ar thaobh an éilimh, agus díríonn sí ar theicneolaíochtaí cliste a fhorbairt agus ar sheirbhísí tacaíochta solúbtha a sholáthar don eangach náisiúnta. Amhail an 31 Márta 2021, bhí infheistíocht €0.6 milliún ag an nGrúpa (2020: €0.6 milliún) in Electricity Exchange trí iasacht scairshealbhóra.

## 14. Institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais ar lean

### Electricity Exchange

| (i) Ráiteas ioncaim achoimrithe | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Céatadán leasa úinéireachta** | **50%** | **50%** |
| Ioncam | 10,283 | 10,830 |
| Costas díolachán | (5,139) | (6,833) |
| Dímheas agus amúchadh | (65) | (10) |
| Costas úis | (13) | - |
| Costas eile | (4,400) | - |
| Costas na cánach ioncaim | (92) | (308) |
| | 574 | 3,679 |
| **Sciar an Ghrúpa den bhrabús agus den ioncam cuimsitheach iomlán (50%)** | **287** | **1,840** |

| (ii) Clár comhardaithe achoimrithe | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Céatadán leasa úinéireachta** | **50%** | **50%** |
| Sócmhainní neamhreatha | 182 | 70 |
| Sócmhainní reatha | 10,280 | 9,267 |
| Dliteanais reatha | (1,576) | (1,024) |
| **Glansócmhainní (100%)** | 8,886 | 8,313 |
| Sciar an Ghrúpa de na glansócmhainní (50%) | 4,443 | 4,157 |
| Iasachtaí an Ghrúpa i gcomhfhiontar | 595 | 595 |
| **Suim ghlanluacha** | **5,038** | **4,752** |

Tá leas 37.5% ag an nGrúpa in Sliabh Bawn Wind Holdings DAC ("Sliabh Bawn"), a d'fhorbair agus a oibríonn feirm ghaoithe 64MW i mBéal na mBuillí, Co. Ros Comáin. Cuireadh tús le hoibríochtaí tráchtála ar an 1 Márta 2017. Amhail an 31 Márta 2021, bhí infheistíocht €12.2 milliún ag an nGrúpa (2020: €14.0 milliún) i Sliabh Bán trí iasacht scairshealbhóra.

### Sliabh Bawn

| (i) Ráiteas ioncaim achoimrithe | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Céatadán leasa úinéireachta** | **37.5%** | **37.5%** |
| Ioncam | 15,219 | 15,455 |
| Costas díolachán | (5,306) | (5,955) |
| Dímheas agus amúchadh | (6,066) | (6,010) |
| Costas úis | (2,882) | (2,280) |
| Costas eile | (33) | (1,810) |
| Costas na cánach ioncaim | (448) | (1,289) |
| Gluaiseacht sa chúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid | 769 | (743) |
| | 1,253 | (2,632) |
| **Sciar an Ghrúpa den (chaillteanas)/bhrabús agus den ioncam cuimsitheach iomlán (37.5%)** | **470** | **(987)** |

| (ii) Clár comhardaithe achoimrithe | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Céatadán leasa úinéireachta** | **37.5%** | **37.5%** |
| Sócmhainní neamhreatha | 96,532 | 101,352 |
| Sócmhainní reatha | 15,319 | 12,274 |
| Dliteanais neamhreatha | (65,008) | (67,107) |
| Dliteanais reatha | (49,132) | (50,063) |
| **Glandliteanais (100%)** | **(2,289)** | **(3,544)** |
| Sciar an Ghrúpa de na glandliteanais (37.5%) | (858) | (1,329) |
| Iasachtaí an Ghrúpa i bhfiontar comhlachaithe/i gcomhfhiontar | 12,238 | 14,018 |
| **Suim ghlanluacha** | **11,380** | **12,689** |



Bord na Móna Cpt
Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 15. Suimeanna infhála trádála agus eile

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | 40,683 | 37,149 |
| Réamhíocaíochtaí | 5,930 | 3,617 |
| Méideanna atá dlite ag institiúidí infheistiúcháin de réir mhodh an chothromais | 2,159 | 939 |
| Infháltais eile | 1,339 | 1,881 |
| Ioncam fabhraithe | 31,091 | 14,484 |
| Cáin bhreisluacha | 845 | 3,051 |
| Cáin chorparáide | 142 | 112 |
| **Iomlán** | **82,189** | **61,233** |

Léiríonn ioncam fabhraithe ioncam a tuilleadh faoi shocruithe um Tharaif ar Fhuinneamh In-athnuaite (REFIT). Rialaíonn féilire socraíochta I-SEM na téarmaí socraíochta agus íocaíochta do gach iarmhéid trádála a bhaineann leis an ioncam seo chomh maith le híocaíochtaí bliantúla REFIT.

## 16. Suimeanna iníoctha trádála agus eile

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha trádála | 20,999 | 13,019 |
| Fabhruithe | 31,696 | 31,377 |
| Ioncam iarchurtha | 8,616 | 12,246 |
| Deontais (Nóta 17) | 4,357 | 2,435 |
| Suimeanna iníoctha eile | 16,792 | 14,405 |
| Creidiúnaithe i ndáil le cáin agus leas sóisialach | 7,394 | 7,099 |
| **Iomlán** | **89,854** | **80,581** |
| **Cuimsítear le creidiúnaithe i ndáil le cáin agus leas sóisialach:** | | |
| Cáin ioncaim a asbhaintear faoi ÍMAT | 812 | 757 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasta | 938 | 876 |
| Cáin chorparáide | 2,878 | 794 |
| Cáin bhreisluacha | 2,766 | 4,656 |
| Cánacha eile | - | 16 |
| **Iomlán** | **7,394** | **7,099** |

## 17. Deontais

### (a) Deontais chaipitil

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 6,308 | 8,747 |
| Faighte le linn na bliana | - | 89 |
| Amúchta le linn na bliana | (1,939) | (2,528) |
| **Ag deireadh na bliana** | **4,369** | **6,308** |
| Méideanna dlite mar seo a leanas: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 2,394 | 2,435 |
| Tar éis breis agus aon bhliain amháin | 1,975 | 3,873 |
| **Iomlán** | **4,369** | **6,308** |

Fuair Edenderry Power Limited deontas €26.0 milliún ón Aontas Eorpach faoin gClár Oibriúcháin Bonneagair Eacnamaíoch (EIOP) sa tréimhse 1999 go 2002. Comhlíonadh na coinníollacha go léir faoi chomhaontú an deontais.

### (b) Deontais ioncaim

Fuair Bord na Móna, ina cháil mar thairbhí comhordaithe, réamhíocaíocht €2.0 milliún ón Aontas Eorpach i leith thionscadal Móinteach agus Daoine IP LIFE IP an AE. Tá ceithre thairbhí eile leis an deontas. Go dtí seo, níor tharraing Bord na Móna ná tairbhithe eile aon airgead anuas ón gciste seo. Cuirtear an méid san áireamh le trádáil agus costais iníoctha eile ar an gclár comhardaithe comhdhlúite ag deireadh na bliana.

# Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 18. Soláthairtí

| 2021 | Athchóiriú na timpeallachta €'000 | Atheagrú agus iomarcaíocht €'000 | Árachas €'000 | Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 71,025 | 40,892 | 9,772 | 4,284 | 125,973 |
| Soláthar a rinneadh sa bhliain | 4,680 | 210 | 1,843 | 226 | 6,959 |
| Soláthar a úsáideadh sa bhliain | (3,012) | (10,045) | (1,280) | (1,671) | (16,008) |
| Soláthar a aisiompaíodh sa bhliain | (2,041) | - | (1,500) | (1,154) | (4,695) |
| Leachtú lascaine | 2,311 | - | - | - | 2,311 |
| Caipitlithe sa bhliain | 1,121 | - | - | - | 1,121 |
| **Ag deireadh na bliana** | **74,084** | **31,057** | **8,835** | **1,685** | **115,661** |
| Méideanna dlite mar seo a leanas: | | | | | |
| Reatha | 12,319 | 4,166 | 2,843 | 908 | 20,236 |
| Neamhreatha | 61,765 | 26,891 | 5,992 | 777 | 95,425 |
| **Iomlán** | **74,084** | **31,057** | **8,835** | **1,685** | **115,661** |

| 2020 | Athchóiriú na timpeallachta €'000 | Atheagrú agus iomarcaíocht €'000 | Árachas €'000 | Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 62,406 | 40,607 | 9,914 | 5,993 | 118,920 |
| Soláthar a rinneadh sa bhliain | 11,794 | 34,798 | 2,400 | 1,314 | 50,306 |
| Soláthar a úsáideadh sa bhliain | (2,850) | (26,158) | (2,542) | (325) | (31,875) |
| Soláthar a aisiompaíodh sa bhliain | (2,969) | (8,355) | - | (2,749) | (14,073) |
| Leachtú lascaine | 1,276 | - | - | - | 1,276 |
| Caipitlithe sa bhliain | 1,368 | - | - | 51 | 1,419 |
| **Ag deireadh na bliana** | **71,025** | **40,892** | **9,772** | **4,284** | **125,973** |
| Méideanna dlite mar seo a leanas: | | | | | |
| Reatha | 11,893 | 40,892 | 2,670 | 3,634 | 59,089 |
| Neamhreatha | 59,133 | - | 7,102 | 649 | 66,884 |
| **Iomlán** | **71,026** | **40,892** | **9,772** | **4,283** | **125,973** |

### (a) Athchóiriú na Timpeallachta
Áirítear le costais an athchóirithe timpeallachta:

(i) Tailte portaigh
Costais a thabhófar faoi dheireadh shaolré eacnamaíoch na dtailte portaigh. Faoi IAS 37, déantar soláthar do na costais sin sna cúinsí ina mbíonn an oibleagáid ann faoi Cheadúnas an Ghrúpa um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú na tailte portaigh a dhíchoimisiúnú agus a athchóiriú nuair a bheidh deireadh tagtha le baint na móna. Léirítear le soláthar €33.8 milliún (2020: €30.5 milliún) amhail an 31 Márta 2021 luach láithreach na gcostas ionchais amach anseo maidir le díchoimisiúnú agus athchóiriú.

Is iad na príomh-bhoinn tuisceana atá san áireamh sa soláthar ná costas uaireanta meaisín agus costas daonuaireanta agus an leibhéal gaolmhar gníomhaíochta a theastaíonn chun na hoibreacha díchoimisiúnaithe agus athshlánaithe a dhéanamh. Scaoilfear tromlach na hoibleagáide thar thréimhse ama deich mbliana ach níltear cinnte cén uair go díreach a dhéanfar an íocaíocht.

(ii) Forálacha Comhshaoil um Shaoráidí Dramhaíola
Aithníodh soláthar comhshaoil €3.8 milliún (2020: €4.0 milliún) de réir IAS 37 i ndáil le measúnacht an Ghrúpa ar dhliteanais chomhshaoil maidir le (a) na saoráidí dramhaíola a bhí ann sular ghnóthaigh an Grúpa an gnó AES i mBealtaine 2007; agus (b) oibleagáidí comhshaoil faoi cheadúnais dramhaíola atá ann cheana.

Leachtófar mír (a) laistigh de bhliain amháin. Leachtófar mír (b) thar thréimhse fiche bliain.





# Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 18. Soláthairtí ar lean

### (a) Athchóiriú na Timpeallachta ar lean
(iii) Láithreán Líonta Talún an Droichid
Coinnítear forálacha maidir le costas cothabhála an láithreáin líonta talún tar éis a dhúnta agus an costas ar athchré a chur ar chealla atá in úsáid anois a ndearnadh innealtóireacht orthu. Is é €23.6 milliún meastachán an Ghrúpa ar na costais íosta nach féidir a sheachaint arna dtomhas ar a luach láithreach ar an 31 Márta 2021 (2020: €23.9 milliún). Tá an Grúpa fós ag déanamh athbhreithniú ar chomhdhéanamh agus ar chainníocht na gcostas sin, ar féidir le líon mór tosca dul i gcion orthu, lena n-áirítear athruithe ar an reachtaíocht agus cúrsaí teicneolaíochta. Tá meastachán déanta ag an lucht bainistíochta ar chostais iomlána na láithreán líonta talún tar éis a ndúnta, lena n-áirítear míreanna amhail monatóireacht, bainistíocht gáis agus láisteáite, agus ceadúnú. Tá an meastachán sin bunaithe ar an dea-chleachtas mar atá faoi láthair agus ar an teicneolaíocht atá ar fáil. Ní fios go baileach dátaí na n-íocaíochtaí sin maidir le costais iarchúraim, ach meastar go ndéanfar iad thar thréimhse tuairim is tríocha bliain tar éis dhul in éag an cheadúnais oibriúcháin in 2028.

(iv) Athchóiriú i leith an chomhshaoil
Aithnítear costais eile ar athchóiriú na timpeallachta dar luach €2.1 milliún (2020: €2.1 milliún) i gcomhréir le IAS 37. Is iad na costais sin meastachán an Ghrúpa ar na costais ar bhaint dramhaíola agus bainistíocht dramhaíola a bhaineann le tailte áirithe dá chuid. D'fhéadfadh líon mór tosca dul i gcion ar na costais sin, lena n-áirítear athruithe ar an reachtaíocht agus cúrsaí teicneolaíochta. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin sin gach bliain bunaithe ar chomhairle ó shaineolaithe comhshaoil tríú páirtí. Scaoilfear tromlach na hoibleagáide thar thréimhse ama trí bliana ach níltear cinnte cén uair go díreach a dhéanfar na híocaíochtaí.

(v) Dúnadh Stáisiún Cumhachta agus Feirmeacha Gaoithe
Déantar soláthar €6.7 milliún (2020: €5.5 milliún) do chostais dúnta/díchoimisiúnaithe stáisiún cumhachta agus feirmeacha gaoithe bunaithe ar luach láithreach an mheastacháin reatha ar na costais a bhaineann le sócmhainní giniúna a dhúnadh/dhíchoimisiúnú ag deireadh a saolré eacnamaíche ionchais. I measc na bpríomh-bhoinn tuisceana agus na costais seo á gcinneadh tá an meastachán is fearr ón mbainistíocht ar chostais innealtóireachta amach anseo a theastaíonn chun na saoráidí a dhíchóimeáil.

Scaoilfear tromlach na hoibleagáide thar thréimhse ama cúig bliana is fiche ach níltear cinnte cén uair go díreach a dhéanfar na híocaíochtaí.

(vi) Costais dhúnadh plandaí Brícíní agus Gairneoireachta
Déantar soláthar €3.9 milliún (2020: €4.8 milliún) do chostais dúnta/díchoimisiúnaithe saoráidí bunaithe ar luach láithreach an mheastacháin reatha ar na costais a bhaineann le saoráidí déanta brícíní agus múirín gairneoireachta a dhúnadh ag deireadh a saolré eacnamaíche ionchais.

Scaoilfidh tromlach na n-oibleagáidí sa mheántéarma ach níltear cinnte cén uair go díreach a dhéanfar na híocaíochta.

### (b) Atheagrú agus Iomarcaíocht
Rinne an Bord cinneadh sna blianta roimhe seo athstruchtúrú a dhéanamh ar an nGrúpa mar chuid de phlean dícharbónaithe fadtéarmach. Tá soláthar aitheanta ag na stiúrthóirí a léiríonn an meastachán is fearr atá acu ar chostas na mbeart sin agus táthar ag súil go n-úsáidfear laistigh den ghearrthéarma nó sa mheántéarma é. Is iad na príomh-bhoinn tuisceana ná líon na n-iomarcaíochtaí agus an costas in aghaidh an duine. Tá úsáid na soláthar atheagraithe agus iomarcaíochta nasctha le huainiú dhúnadh na bplandaí mar a luaitear in (a) (vi) thuas.

### (c) Árachas
Baineann an soláthar árachais le héilimh dliteanais fostóra, dliteanais phoiblí agus dliteanais i leith táirgí, ar éilimh iad a chumhdaítear faoi pholasaí féinárachais an Ghrúpa. Déantar an soláthar sin a chinneadh ar bhonn measúnú ar gach cás ar leithligh. Áirítear sa soláthar sin suim i leith teagmhais a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh ar dháta an chláir comhardaithe.

### (d) Eile
Áirítear sa soláthair eile costais éagsúla a bhfuiltear ag súil leo.

# Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 19. Iasachtaí

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Dliteanais neamhreatha** | | |
| Saoráid creidmheasa | - | 24,522 |
| **Iomlán** | **-** | **24,522** |
| **Dliteanais reatha** | | |
| Rótharraingtí | 3,560 | 10,634 |
| Nótaí iasachta neamhurraithe | 495 | 495 |
| **Iomlán** | **4,055** | **11,129** |

| Anailís ar athruithe ar ghlanairgead tirim/(glanfhiachas) | Ag tús na bliana €'000 | Sreabhadh airgid €'000 | Míreanna neamhairgid €'000 | Ag deireadh na bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Nótaí iasachta neamhurraithe | (495) | - | - | (495) |
| Saoráid creidmheasa | (24,522) | 25,000 | (478) | - |
| Rótharraingtí | (10,634) | 7,074 | - | (3,560) |
| Iomlán na n-iasachtaí | (35,651) | 32,074 | (478) | (4,055) |
| Airgead tirim | 36,657 | (18,538) | - | 18,119 |
| **Glanairgead tirim** | **1,006** | **13,536** | **(478)** | **14,064** |

Áirítear sna nótaí iasachta neamhurraithe iasachtaí meántéarma eile dar luach €0.5 milliún (2020: €0.5 milliún).

## 20. Caipiteal agus cúlchistí

### Scairchaipiteal glaoite agus scairphréimh

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal | 82,804 | 82,804 |
| Scairphréimh | 1,959 | 1,959 |
| | 84,763 | 84,763 |
| **Scairchaipiteal údaraithe** | | |
| 300,000,000 gnáthscair dar luach €1.27 an ceann | 380,921 | 380,921 |
| **Eisithe agus lánóctha** | | |
| 65,212,639 gnáthscair dar luach €1.27 an ceann | 82,804 | 82,804 |

### Caipiteal Gnáthscaireanna

Tá aicme amháin scaireanna ag an gcuideachta dá ngairtear Gnáthscaireanna. Tá an t-ualach céanna ag gach scair. Tá sealbhóirí gnáthscaireanna i dteideal díbhinní a fháil faoi mar a fhógraítear iad ó am go ham agus tá siad i dteideal aon vóta amháin a chaitheamh in aghaidh gach scaire ag cruinnithe den Chuideachta.

### Nádúr agus cuspóir na gcúlchistí

**Cúlchiste aistrithe an airgeadra eachtraigh**

Cuimsítear sa chúlchiste aistrithe na difríochtaí ar fad in airgeadra eachtrach a eascraíonn as ráitis airgeadais oibríochtaí eachtracha a aistriú.

**Cúlchiste eile**

Cuimsítear leis an gcúlchiste eile sciar an Ghrúpa d'ioncam cuimsitheach eile as infheistíochtaí de réir mhodh an chothromais.

## 21. Ráthaíochtaí agus dliteanais theagmhasacha

I ngnáthchúrsa an ghnó, cuireann an Chuideachta ráthaíochtaí ar fáil i ndáil le dliteanais fochuideachtaí áirithe dá cuid.

Ó am go ham, bíonn cuideachtaí an Ghrúpa páirteach in idirbheartaíocht maidir le ceanglais nó oibleagáidí conarthacha, imeachtaí dlí éagsúla, agus i ndáil le cúrsaí caidrimh thionsclaíoch a thagann chun cinn i ngnáthchúrsa an ghnó. Dar leis na Stiúrthóirí, ní bheidh drochthionchar ábhartha ar bith ag an idirbheartaíocht agus ag na himeachtaí sin ar staid airgeadais an Ghrúpa.





# Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 22. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim | 18,119 | 36,657 |
| Rótharraingtí | (3,560) | (10,634) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | **14,559** | **26,023** |

## 23. Ceangaltais

### Ceangaltais i ndáil le caiteachas caipitiúil

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Údaraithe agus conradh déanta ina leith | 27,636 | 10,745 |
| Údaraithe agus gan conradh a bheith déanta ina leith | - | - |
| | **27,636** | **10,745** |

## 24. Fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin

Seo a leanas liosta de phríomh-fhochuideachtaí agus príomhinstitiúidí infheistiúcháin an Ghrúpa amhail an 31 Márta 2021:

De bhun fhorálacha Alt 357 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá dliteanais a fochuideachtaí Éireannacha ráthaithe ag an gCuideachta. Mar sin, beidh na cuideachtaí sin díolmhaithe ó fhorálacha Alt 347 agus Alt 348 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir le comhdú. Níl dliteanais a cuid comhfhiontar ráthaithe aici.

Tá scairsheilbh ag an gCuideachta sna cuideachtaí seo a leanas:

| Foghnóthas | Gnó | Oifig chláraithe | Scairsheilbh |
|---|---|---|---|
| Bord na Móna Energy Limited[1] | Móin mheilte a tháirgeadh agus a dhíol | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna Biomass Limited | Móin mheilte a tháirgeadh agus a dhíol | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna Powergen Limited[1] | Giniúint cumhachta | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Edenderry Power Limited | Giniúint cumhachta | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Edenderry Power Operations Limited | Gléasraí cumhachta a chothabháil | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Cushaling Power Limited | Giniúint cumhachta | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Edenderry Supply Company Limited | Dáileadh mórdhíola leictreachais | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Renewable Energy Ireland Limited | Giniúint cumhachta | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Mount Lucas Wind Farm Limited | Giniúint cumhachta | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Mount Lucas Supply Company Limited | Dáileadh mórdhíola leictreachais | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bruckana Wind Farm Limited | Giniúint cumhachta | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bruckana Supply Company Limited | Dáileadh mórdhíola leictreachais | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna Fuels Limited | Breoslaí soladacha a tháirgeadh, a dhíol agus a dháileadh | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| BnM Fuels Limited | Díomhaoin | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna Horticulture Limited | Táirgí gairneoireachta a tháirgeadh agus a dhíol | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna UK Limited | Meáin fáis agus táirgí téimh a mhargú, a dhíol agus a sholáthar do mhargadh na Ríochta Aontaithe | Simonswood Moss Perimeter Road, Kirkby, Learpholl, Sasana L33 3AN | 100% |
| Bord na Móna Environmental Limited | Seirbhísí anailísíochta comhshaoil | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| The Greener Gardening Company (Kirkby) Teoranta | Táirgí gairneoireachta a tháirgeadh agus a dhíol | Simonswood Moss Perimeter Road, Kirkby, Learpholl, Sasana L33 3AN | 100% |

## 24. Fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin ar lean

| Foghnóthas | Gnó | Oifig chláraithe | Scairsheilbh |
|---|---|---|---|
| White Moss Nominee One Limited | Díomhaoin | Learpholl, Merseyside, L33 3AN, Sasana | 100% |
| White Moss Nominee Two Limited | Díomhaoin | Learpholl, Merseyside, L33 3AN, Sasana | 100% |
| Bord na Móna ESOP Trustee DAC | Iontaobhaí i dtaobh phlean úinéireachta scaireanna na bhfostaithe | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna Resource Recovery Limited | Cuideachta aisghabhála agus athchúrsála acmhainní | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna Recycling Limited (Advanced Environmental Solutions Irl Limited roimhe sin) | Cuideachta aisghabhála agus athchúrsála acmhainní | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna Property DAC | Díomhaoin | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna Treasury DAC[1] | Sealúchais chisteáin | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Derryarkin Sand and Gravel DAC | Gaineamh agus gairbhéal a eastóscadh agus a dhíol | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 55% |
| Bord na Móna Trustee Company DAC | Iontaobhaí i dtaobh na scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Cloncreen Wind Farm DAC | Giniúint cumhachta | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Cloncreen Wind Farm Holdings DAC | Cuideachta sealbhaíochta | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |
| Bord na Móna New Business Limited | Forbairt ghnó | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 100% |

| Comhfhiontar/cuideachta chomhlach | Gnó | Oifig chláraithe | Scairsheilbh |
|---|---|---|---|
| Oweninny Power Holdings DAC | Giniúint cumhachta | A Dó, An Geata, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3 | 50% |
| Oweninny Power DAC | Giniúint cumhachta | A Dó, An Geata, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3 | 50% |
| Oweninny Power 2 DAC | Giniúint cumhachta | A Dó, An Geata, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3 | 50% |
| Sliabh Bawn Wind Holdings DAC | Giniúint cumhachta | Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin | 37.5% |
| Sliabh Bawn Power DAC | Giniúint cumhachta | Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin | 37.5% |
| Sliabh Bawn Supply DAC | Dáileadh mórdhíola leictreachais | Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin | 37.5% |
| Electricity Exchange DAC | Seirbhísí bainistíochta leictreachais | Droichead Nua, Co. Chill Dara | 50% |
| Sundew Solar DAC | Giniúint cumhachta | A Dó, An Geata, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3 | 50% |

[1]Scairsheilbh arna sealbhú go díreach ag Bord na Móna cpt.





## 25. Oibleagáidí maidir le sochar scoir

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Margadhluach iomlán na sócmhainní scéime pinsin | 351,368 | 319,559 |
| Luach láithreach oibleagáide sochar sainithe | (334,554) | (296,840) |
| Barrachas dliteanas scéime thar shócmhainní | 16,814 | 22,719 |
| Sciar na gcomhaltaí den bharrachas ar scéim RWESS | (9,225) | (8,009) |
| Dliteanas maidir le sochar scoir fostaithe roimh cháin | 7,589 | 14,710 |

Cuimsítear sa ghlansócmhainn sochar sainithe €7.6 milliún (2020: €14.7 milliún) scéimeanna pinsin sochar sainithe i staid sócmhainní dar luach €10.7 milliún (2020: €17.6 milliún) scéimeanna sochair shainithe in easnamh €3.1 milliún (2020: €2.8 milliún). Taispeántar an tsócmhainn agus an dliteanas pinsin ar leithligh i gclár comhardaithe an Ghrúpa mar €10.7 milliún agus €3.1 milliún faoi seach.

### (a) Tuairisc ar Scéimeanna Pinsin Bhord na Móna

Feidhmíonn an Grúpa trí scéim pinsin ranníocacha sochar sainithe, lena gcumhdaítear tromlach na bhfostaithe. Déantar na scéimeanna go léir a chistiú le ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na baill araon. Tá na ranníocaíochtaí bunaithe ar chomhairle ó achtúire cáilithe gairmiúil agus faightear an chomhairle sin go tráthrialta ag meánrátaí díolaíochtaí inphinsin.

Is iad na trí scéim atá i bhfeidhm:

> Scéim Aoisliúntais Ghinearálta na bhFostaithe Ginearálta (GESS), lena gcumhdaítear lucht bainistíochta, fostaithe gairmiúla agus fostaithe cléireachais;

> Scéim Aoisliúntais na Fostaithe a Dhéanann Oibreacha Rialta (RWESS), lena gcumhdaítear na catagóirí eile fostaithe; agus

> Scéim Pinsin BnM Fuels, lena gcumhdaítear fostaithe a tháinig chun bheith ina bhfostaithe de chuid an Ghrúpa nuair a fuarthas an Coal Distributors Group, Stafford North East, Sutton Group agus Sheehan and Sullivan.

Ar scor ó cheann de na scéimeanna sochar sainithe, bíonn ball i dteideal pinsean atá cothrom leis an líon blianta seirbhíse inphinsin arna roinnt ar 80 den ghlantuarastal scoir agus aisce atá cothrom le 3/80 den tuarastal scoir le haghaidh gach bliana seirbhíse inphinsin.

Ina theannta sin, dhámh Bord na Móna cpt sochair phinsin neamhchistithe ar fhostaithe áirithe atá ar scor lena n-áirítear iar-phríomhfheidhmeannaigh agus a gcleithiúnaithe. Aithnítear an costas amach anseo ar na pinsin sin a chistiú sa chlár comhardaithe ar luach €3.1 milliún, bunaithe ar luacháil achtúireach ar an 31 Márta 2021 (2020: €2.8 milliún).

**Luachálacha achtúireacha na scéimeanna agus an staid ina bhfuil siad ó thaobh cistiú**

Amhail an 31 Márta 2021, ba é an cóimheas idir luach cóir na sócmhainní agus an oibleagáid i leith sochar sainithe ná 105.0% (2020: 107.7%). Leis an modh achtúireach a úsáidtear (modh comhlán), cinntear ráta ranníocach lenar cheart go bhféadfaí ciste a chur ar fáil ar leor é chun sochair na mball a íoc, dá gcoinneofaí leis an ráta sin go dtí go n-imeoidh an duine deiridh de na baill atá sa scéim faoi láthair ar scor. Is iad na boinn tuisceana is mó a théann i bhfeidhm ar thorthaí na luachála achtúirí na boinn tuisceana sin a bhaineann leis an toradh ar infheistíochtaí agus leis an ráta méadaithe sa luach saothair.

Is é an 31 Márta 2020 dáta na luachála cistiúcháin is déanaí do na scéimeanna GESS agus RWESS, agus is é an 1 Aibreán 2018 dáta na luachála do scéim BnM Fuels. Déantar na luachálacha sin a nuashonrú leis na sonraí ón daonáireamh is déanaí. Sna luachálacha achtúireacha i leith scéim GESS agus scéim RWESS, glacadh leis go dtuillfidh infheistíochtaí na scéimeanna toradh ar infheistíochtaí a mbeidh a fhíor-ráta 1.2% agus 1.65% faoi seach. Sna luachálacha achtúireacha is déanaí le haghaidh GESS, RWESS agus BnM Fuels ba é luach margaidh infheistíochtaí na scéimeanna ná €320.7 milliún.

Sna luachálacha achtúireacha is déanaí ar na trí scéim sin, léiríodh an méid seo a leanas:

1. Easnamh €5.5 milliún ar scéim GESS
2. Barrachas €3.5 milliún ar scéim RWESS
3. Easnamh €0.6 milliún ar scéim BnM Fuels

Amhail an 31 Márta 2020, tar éis méaduithe amach anseo ar thuilleamh agus ar phinsin arna n-íoc a chur san áireamh, léirigh na luachálacha gur leordhóthanach luach achtúireach shócmhainní iomlána na scéimeanna chun cumhdach a dhéanamh ar 96%, 102% agus 95% de na sochair a fabhraíodh do bhaill na scéimeanna GESS, RWESS agus BnM Fuels faoi seach (Aibreán 2018) ar na dátaí luachála.

Ríomhtar dliteanais trí úsáid a bhaint as an modh comhiomlán, a mheastar mar mhodh oiriúnach do scéimeanna pinsin sochair shainithe atá dúnta d'iontrálaithe nua agus a mbeifí ag súil leis an meánmhéadú aoise. Tá easnamh anois ar scéimeanna GESS agus BnM Fuels agus tá barrachas ar an RWESS, nuair a dhéantar luach iomlán shócmhainní na scéime faoi seach a chur i gcomparáid le luach achtúireach shochair fhabhraithe na mball.

Tá moladh cistiúcháin i bhfeidhm ó 2010 chun aghaidh a thabhairt ar shochair na scéime RWESS, faoina n-íocann an Grúpa agus na baill ghníomhacha suim bhliantúil bhreise atá cothrom le 1.5% dá dtuarastal inphinsin.

## 25. Oibleagáidí maidir le sochar scoir ar lean

Na sochair mhéadaithe arna soláthar do na baill ghníomhacha sin, le feidhm ón 1 Eanáir 2010, fabhraítear iad maidir le seirbhís sa todhchaí ón 1 Eanáir 2010 go dtí seascadú breithlá gach baill. Ba é luach reatha an chostais mheasta ar an 31 Márta 2021 ná €3.8 milliún. Níor aithníodh aon dliteanas sa bhreis ar dhliteanas IAS 19 i gcomhréir le ceanglais chuntasaíochta IAS 19 agus IFRIC 14.

D'fhaomh an Bord, na scairshealbhóirí, na baill ghníomhacha agus an Bord Pinsean moladh cistiúcháin GESS i mBealtaine 2015 chun dul i ngleic leis an easnamh sa scéim. B'éigean roinnt athruithe a dhéanamh ar an scéim faoin socrú cistithe athbhreithnithe, eadhon:

(i) Reo tuarastail inphinsin ar feadh trí bliana ó Aibreán 2013 go dtí Aibreán 2016.
(ii) Teorainn leis na tuarastail inphinsin go dtí Samhain 2023, bunaithe ar an bpraghasinnéacs tomhaltóirí nó uasráta méadaithe 2%, cibé acu is ísle.
(iii) Laghdú 10% ar shochair iarchurtha na mball faoi Alt 50.
(iv) Tuarastal inphinsin: Coigeartú faoi Alt 50 ar phinsin atá á n-íoc de réir reachtaíocht na bliana 2013 maidir le hord tosaíochta.
(v) Tá an scéim fós ar oscailt i ndáil le fabhrú sa todhchaí.

Chomh maith leis na hathruithe ar an scéim, déanfaidh an Grúpa íocaíochtaí €36 milliún (tá €33.2 milliún íoctha go dtí seo) thar thréimhse ocht mbliana, agus rinneadh íocaíocht €10.2 milliún i mBealtaine 2015 agus íocaíochtaí €5.1 milliún i mBealtaine 2016, Bealtaine 2019, Bealtaine 2.6 agus Bealtaine 2020. Níor aithníodh aon dliteanas breise i leith na gceangaltas cistithe sa bhreis ar dhliteanas IAS 19 i gcomhréir le ceanglais chuntasaíochta IAS 19 agus IFRIC 14.

Tá scéim pinsin BnM Fuels dúnta i leith fabhrú amach anseo le feidhm ó Mheitheamh 2013. Comhaontaíodh moladh cistiúcháin faofa gach páirtí i ndáil le ranníocaíochtaí €2.3 milliún ón nGrúpa agus déanfar íocaíochtaí bliantúla go dtí mí na Nollag 2023. San áireamh i bhfabhruithe eile (Nóta 16) tá dliteanas breise €0.4 milliún (2020: €0.4 milliún) a aithníodh os cionn dhliteanas IAS 19 i gcomhréir le ceanglais chuntasaíochta IAS 19 agus IFRIC 14.

Tá an Grúpa ag súil le ranníocaíochtaí €2.9 milliún a íoc lena phleananna sochar sainithe sa bhliain dar críoch an 30 Márta 2022.

| | Dliteanas sochar sainithe | | Luach cóir shócmhainní an Phlean | | Glanluach oibleagáide sochar sainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gluaiseacht sa ghlandliteanas sochar sainithe** | **31 Márta 2021 €'000** | **25 Márta 2020 €'000** | **31 Márta 2021 €'000** | **25 Márta 2020 €'000** | **31 Márta 2021 €'000** | **25 Márta 2020 €'000** |
| Iarmhéid ag tús na bliana airgeadais | (304,850) | (351,116) | 319,558 | 337,371 | 14,708 | (13,745) |
| **Ar áireamh sa ráiteas ioncaim** | | | | | | |
| Costais seirbhíse reatha | (849) | (1,454) | - | - | (849) | (1,454) |
| Costas úis | (4,929) | (4,248) | - | - | (4,929) | (4,248) |
| Ioncam úis | - | - | 5,353 | 4,107 | 5,353 | 4,107 |
| Costas seirbhíse roimhe seo – ciorrúcháin1 | - | (2,066) | - | - | - | (2,066) |
| | (5,778) | (7,768) | 5,353 | 4,107 | (425) | (3,661) |
| **Ar áireamh san Ioncam Cuimsitheach eile** | | | | | | |
| Atomhais Gnóthachan (caillteanas) achtúireach a eascraíonn as: | | | | | | |
| Toimhdí airgeadais | (46,409) | 26,596 | - | - | (46,409) | 26,596 |
| Coigeartú i ndáil le taithí | (3,306) | 14,479 | - | - | (3,306) | 14,479 |
| Toimhdí déimeagrafacha | - | - | - | - | - | - |
| Brabús ar shócmhainní an phlean gan ioncam úis san áireamh | - | - | 38,279 | (9,640) | 38,279 | (9,640) |
| Tionchar comhalta | (1,216) | (7,077) | - | - | (1,216) | (7,077) |
| | (50,931) | 33,998 | 38,279 | (9,640) | (12,652) | 24,358 |
| **Eile** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí | (1,113) | (1,579) | 1,113 | 1,579 | - | - |
| Ranníocaíochtaí a d'íoc an fostóir | - | - | 5,958 | 7,756 | 5,958 | 7,756 |
| Sochair íoctha | 18,893 | 21,615 | (18,893) | (21,615) | - | - |
| | 17,780 | 20,036 | (11,822) | (12,280) | 5,958 | 7,756 |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana airgeadais** | **(343,779)** | **(304,850)** | **351,368** | **319,558** | **7,589** | **14,708** |

[1]Baineann an costas ciorraithe le hathstruchtúrú dícharbónaithe an ghnó móna a laghdaigh na blianta a mbeifí ag súil leo ó thaobh sheirbhís na bhfostaithe reatha amach anseo de.





## 25. Oibleagáidí maidir le sochar scoir ar lean

### (a) Tuairisc ar Scéimeanna Pinsin Bhord na Móna ar lean

| (a) Sócmhainní an phlean | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Urrúis chothromais | 47,083 | 53,047 |
| Urrúis fiachais | 146,169 | 122,071 |
| Maoin | 15,812 | 19,493 |
| Eile | 142,304 | 124,947 |
| | 351,368 | 319,558 |

Tá praghsanna luaite i margaí gníomhacha i leith na n-urrús cothromais agus na mbannaí go léir. Is iad rialtais Eorpacha a d'eisigh na bannaí rialtais go léir, agus tá rátáil BBB, AAA nó AA ag baint leo. Tá na sócmhainní maoine lonnaithe in Éirinn. Áirítear leis na hinfheistíochtaí sna scéimeanna RWESS, GESS agus BnM Fuels leithdháileadh níos mó do bhannaí atá ag teacht le próifíl roinnt oibleagáidí sochair. Faoin straitéis infheistíochta, tá sé beartaithe scaradh ó chothromais agus na cistí a bhogadh chuig bannaí agus sócmhainní comhfhreagracha fadtéarma eile.

### (b) Straitéis Infheistíochta

(i) GESS – Tá sé beartaithe gluaiseacht chuig staid fritháirimh 100% thar théarma an phlean cistiúcháin go dtí 2023. Úsáideann an scéim bainistíocht éighníomhach i leith cothromas agus bannaí araon, agus úsáidtear bainisteoirí gníomhacha i leith cistí fáis dearbhthoraidh/éagsúlaithe agus sócmhainní fadtéarma malartacha. Faoi láthair, cuimsítear sa sealúchas 55% sócmhainní comhfhreagracha, 41% sócmhainní fáis, agus 4% sócmhainní aistrithe, agus déanfaimid iad sin a ath-leithdháileadh ar chomhoiriúnú bunaithe ar dhálaí an mhargaidh.

(ii) RWESS – faoi láthair, cuimsítear sa leithdháileadh sócmhainní 38% sócmhainní comhfhreagracha, 29% sócmhainní fáis, agus 33% sócmhainní aistrithe, agus déanfar iad sin a ath-leithdháileadh ar chomhoiriúnú bunaithe ar dhálaí an mhargaidh.

(iii) Scéim BnM Fuels – Faoi láthair tá sciar 77% ag an scéim i sócmhainní meaitseála agus 23% i sócmhainní fáis. Úsáideann an scéim bainistíocht éighníomhach i leith cothromas agus bannaí araon, agus úsáidtear bainisteoirí gníomhacha i leith cistí fáis dearbhthoraidh/éagsúlaithe.

### Oibleagáid sochair shainithe

| (i) Boinn tuisceana achtúireacha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 0.90% | 1.70% |
| Ráta boilscithe (CPI) | 1.50% | 0.50% |
| Ráta méadaithe ar thuarastail | 2.00% | 1.00% |
| Ráta méadaithe ar phinsin á n-íoc – RWESS | 1.20% | 0.70% |
| Ráta méadaithe ar phinsin á n-íoc – GESS | 0.00% | 0.00% |
| **RWESS** | | |
| **Ionchas saoil ag 65 bliana d'aois do phinsinéirí atá 65 bliana d'aois faoi láthair** | | |
| Fir | 21.8 | 21.7 |
| Mná | 24.2 | 24.0 |
| **Eile** | | |
| **Ionchas saoil ag 65 bliana d'aois do phinsinéirí atá 65 bliana d'aois faoi láthair** | | |
| Fir | 21.8 | 21.7 |
| Mná | 24.2 | 24.0 |
| **RWESS** | | |
| **Ionchas saoil ag 65 bliana d'aois do phinsinéirí atá 45 bliana d'aois faoi láthair** | | |
| Fir | 24.1 | 24.1 |
| Mná | 26.2 | 26.1 |
| **Eile** | | |
| **Ionchas saoil ag 65 bliana d'aois do phinsinéirí atá 45 bliana d'aois faoi láthair** | | |
| Fir | 24.1 | 24.1 |
| Mná | 26.2 | 26.1 |

Amhail an 31 Márta 2021, ba é 13 bliana meán-ré ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe (2020: 13 mbliana).

## 25. Oibleagáidí maidir le sochar scoir ar lean

### (b) Straitéis Infheistíochta ar lean

(ii) Anailís íogaireachta

Maidir le hathruithe a d'fhéadfadh tarlú le réasún, ag an dáta tuairiscithe, ar cheann de na boinn tuisceana achtúireacha ábhartha, gan aon athrú ar na boinn tuisceana eile, rachaidís sin i bhfeidhm ar an oibleagáid sochair shainithe de réir na méideanna atá léirithe.

| Tionchar na mílte euro ar oll-oibleagáidí sochair shainithe | 2021 | % |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (méadú 0.25%) | (11,054) | -3% |
| Boilsciú maidir le tuarastal (méadú 0.25%) | 1361 | 0% |
| Méadú ar phinsin (méadú 0.25%) | 9314 | 3% |

| Tionchar na mílte euro ar oll-oibleagáidí sochair shainithe | 2020 | % |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (méadú 0.25%) | (9,058) | -3% |
| Boilsciú maidir le tuarastal (méadú 0.25%) | 905 | 0% |
| Méadú ar phinsin (méadú 0.25%) | 7,840 | 3% |

Cé nach gcuirtear san áireamh san anailís dáileadh iomlán na sreafaí airgid a bhfuil súil leo faoin bplean, is neasléiriú é ar íogaireacht na mbonn tuisceana a chuirtear i láthair.

### (c) Rioscaí Pinsin

Seo a leanas na rioscaí a bhaineann leis na pleananna pinsin:

**Luaineacht Sócmhainní**

Déantar dliteanais an Phlean a ríomh ar bhonn ráta lascaine atá socraithe i ndáil leis an toradh ó bhannaí corparáide; beidh easnamh i gceist más lú iad sócmhainní an Phlean ná an toradh sin. Tá sciar mór cothromas agus cistí dearbhthoraidh ag na Pleananna, agus meastar gur fearr a dhéanfaidh siad ná bannaí corparáide san fhadtéarma, cé go gcuirfidh siad leis an luaineacht agus leis an riosca sa ghearrthéarma. Faoi mar a thagann na Pleananna in aibíocht, is dócha go laghdóidh Iontaobhaithe na bPleananna an leibhéal riosca infheistíochta trí bhreis airgid a infheistiú i sócmhainní is fearr a oireann do na dliteanais.

Mar gheall gur dliteanais fadtéarma atá ar na Pleananna agus mar gheall ar neart na Cuideachta tacaíochta, creideann na hIontaobhaithe gur gné iomchuí de straitéis fhadtéarma na nIontaobhaithe chun an plean a bhainistiú go héifeachtúil is ea infheistíocht leanúnach éigin i gcistí cothromais agus cistí dearbhthoraidh.

**Athruithe ar an Toradh ó Bhannaí**

Má thagann laghdú ar an toradh ó bhannaí corparáide, cuirfidh sé sin le dliteanais na bPleananna. Ina theannta sin, tiocfaidh méadú ar shócmhainní na bPleananna mar gheall ar laghdú ar thorthaí bannaí corparáide a mhéid go bhfuil infheistíochtaí déanta i mbannaí corparáide faoi Phlean. Tá bannaí corparáide ag na Pleananna ar an dáta luachála, ach tá leibhéal na hinfheistíochta i mbannaí corparáide réasúnta beag.

**Riosca Boilscithe**

Tá cuid de na dliteanais phinsin nasctha le boilsciú, agus beidh dliteanais níos mó ina dtoradh ar bhoilsciú níos airde (cé go bhfuil teorainneacha i bhfeidhm ar an leibhéal méaduithe boilscitheacha chun an plean a chosaint ar bhoilsciú as cuimse).

**Ionchas Saoil**

Is é atá i gceist le formhór d'oibleagáidí an Phlean sochair a chur ar fáil ar feadh shaol an bhaill. Mar sin, tiocfaidh méadú ar dhliteanais an phlean mar thoradh ar ionchas saoil níos mó.

**Riosca infheistíochta**

Tá dea-éagsúla déanta ar na hinfheistíochtaí, rud a fhágann nach n-imreofaí tionchar ábhartha ar an leibhéal foriomlán sócmhainní dá dteipfeadh ar aon infheistíocht amháin. Déantar sócmhainní an Phlean a infheistiú i réimse leathan cineálacha sócmhainní lena n-áirítear cothromais, bannaí, maoin agus bannaí dearbhthoraidh.





## 26. Nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara

### (a) Idirbhearta leis an bpríomhlucht bainistíochta

(i) Cúiteamh a íoctar leis an bpríomhlucht bainistíochta

Is iad an príomhlucht bainistíochta na stiúrthóirí arna gceapadh faoi na ceanglais um páirteachas lucht oibre, stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, agus an stiúrthóir feidhmiúcháin agus na daoine sin a bhíonn ag tuairisciú go díreach dóibh sin. Cuimsítear na nithe seo a leanas leis an gcúiteamh a bhí inchurtha i leith na ndaoine sin:

| | 31 Márta 2021<br>€'000 | 25 Márta 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe | 1,849 | 2,178 |
| Sochair iarfhostaíochta | 179 | 204 |
| Sochair foirceanta | 112 | 419 |
| | 2,140 | 2,801 |

(ii) Leasanna an phríomhlucht bainistíochta

Féach Nóta 5 le haghaidh faisnéis faoi leasanna na stiúrthóirí i ngnáthscaireanna na Cuideachta.

(iii)Idirbhearta de chuid an phríomhlucht bainistíochta

Ní dhearna aon duine den phríomhlucht bainistíochta idirbhearta seachas iad siúd a nochtar thuas.

### (b) Máthairchuideachta agus páirtí rialaithe deiridh

Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é an Grúpa. Is i seilbh an Aire Airgeadais atá 95% den scairchaipiteal eisithe (aistríodh scaireanna an Aire chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Airí agus Rúnaithe, 2011). Is i seilbh an phlean úinéireachta stoic atá ag Bord na Móna do na fostaithe atá an 5% eile, thar ceann na bhfostaithe. Tá gnáthscair amháin i seilbh an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

### (c) Idirbhearta eile le páirtithe gaolmhara

Cuireadh deireadh le hidirbhearta idir an chuideachta agus a fochuideachtaí, ar páirtithe gaolmhara iad, nuair a rinneadh an comhdhlúthú agus ní nochtar na hidirbhearta sin sa nóta seo.

**Comhlaigh agus Comhfhiontair**

Soláthraíonn an Grúpa seirbhísí dar luach €0.4 milliún (2020: €0.9 milliún) i réimsí na pleanála, bainistíochta tionscadal, dlí, airgeadais agus riaracháin dá chomhlaigh agus dá chomhfhiontair. Déantar na seirbhísí sin a mhuirearú i gcomhréir leis na socruithe a comhaontaíodh idir scairshealbhóirí na gcomhlach agus na gcomhfhiontar. Tharla díolacháin bhreise €0.3 milliún chun leictreachas a sholáthar chomh maith le ceannacháin €0.1 milliún chun seirbhísí a sholáthar agus socraíodh i rith na bliana iad.

Bhí €23.5 milliún dlite don ghrúpa ó na comhlaigh agus na comhfhiontair ar an 31 Márta 2021 (2020: €27.0 milliún). I rith na bliana tugadh iasachtaí scairshealbhóirí €1.3 milliún chuig Oweninny Power 2 DAC (2020: €nialas).

**Eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann**

I ngnáthchúrsa an ghnó, dhíol an Grúpa earraí agus maoin le heintitis faoi rialú Rialtas na hÉireann agus sholáthair sé seirbhísí dóibh.

Tá comhaontú fadtéarmach i bhfeidhm ag an nGrúpa le BSL maidir le móin agus bithmhais a dhíol leis na stáisiúin chumhachta agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthar dóibh. Bhí luach €10.4 milliún ar sholáthar na seirbhísí seo sa bhliain go dtí an 31 Márta 2021 (2020: €54.3 milliún) agus bhí €0.1 milliún san iomlán dlite don Ghrúpa as na hearraí agus na seirbhísí seo ar an 31 Marta 2021 (2020: €0.4 milliún). Dhíol an Grúpa leictreachas le BSL i rith na bliana ar suim €0.7 milliún, agus bhí €0.1 milliún de sin infhaighte ag deireadh na bliana.

Soláthraíonn an Grúpa seirbhísí coimhdeacha d'Eirgrid faoi théarmaí conartha soláthair, sa bhliain dar críoch 31 Márta 2021 b'ionann na seirbhísí seo agus €4.3 milliún agus ní raibh aon chuid de sin infhaighte ag deireadh na bliana. Ceannaíonn an Grúpa seirbhísí tarchurtha ó Eirgrid freisin agus b'ionann méid na seirbhísí a ceannaíodh agus a socraíodh sa bhliain agus €3.4 milliún.

Sa bhliain dar críoch 31 Márta 2021 cheannaigh an Grúpa earraí ó Coillte ar suim €3.6 milliún i rith na bliana agus ní raibh aon chuid de iníoctha ag deireadh na bliana.

D'fhostaigh an Grúpa Uisce Éireann i soláthar seirbhísí cóireála agus diúscartha láisteáite i rith na bliana. B'ionann soláthar na seirbhísí seo agus €0.7 milliún agus bhí €0.1 milliún iníoctha ag an nGrúpa ag deireadh na bliana.

Ó am go ham, cuireann an Grúpa airgead ar taisce le hinstitiúidí airgeadais faoi rialú an Stáit. Ag deireadh na bliana bhí €0.9 milliún i dtaisce ag an nGrúpa (2020: €0.9 milliún) le hinstitiúidí den sórt sin.

## 26. Nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara ar lean

### (c) Idirbhearta eile le páirtithe gaolmhara ar lean

Eintitis eile

Sa bhliain go dtí Márta 2021, fuarthas seirbhísí dar luach €0.3 milliún ó AMCS, soláthraí bogearraí/crua-earraí d'aonad gnó na hAisghabhála Acmhainní (2020: €0.1 milliún). Tá Elaine Treacy, duine de Stiúrthóirí Bhord na Móna cpt, ar fhoireann ardbhainistíochta AMCS.

Tá Duncan O'Toole, duine de stiúrthóirí Electricity Exchange, ina stiúrthóir freisin ar Captured Carbon Ltd. Ceannaíonn Captured Carbon Ltd cumhacht ó EPL faoi chonradh maidir le difríochtaí. Sa bhliain go dtí Márta 2021, taifeadadh díolacháin dar luach €0.6 milliún (2020: €1.0 milliún) agus ceannacháin dar luach €0.1 milliún (2020: €0.1 milliún).

Níor íoc an Chuideachta díbhinní ar bith le linn na bliana dar chríoch an 31 Márta 2021 ná le linn na bliana dar chríoch an 25 Márta 2020.

## 27. Ionstraimí airgeadais agus bainistíocht riosca

| | Suim Ghlanluacha | | | Luach Cóir | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 31 Márta 2021 | Sócmhainní ar chostas amúchta €'000 | Dliteanais de réir an chostais amúchta €'000 | Suim ghlanluacha iomlán €'000 | Leibhéal 1 €'000 | Leibhéal 2 €'000 | Leibhéal 3 €'000 | Iomlán €'000 |
| Infháltais trádála | 40,683 | - | 40,683 | - | 40,683 | - | 40,683 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 18,119 | - | 18,119 | 18,119 | - | - | 18,119 |
| Ioncam fabhraithe | 31,091 | - | 31,091 | - | 31,091 | - | 31,091 |
| Infháltais eile | 9,076 | - | 9,076 | - | 9,076 | - | 9,076 |
| Suimeanna iníoctha trádála | - | (20,999) | (20,999) | - | (20,999) | - | (20,999) |
| Suimeanna iníoctha eile | - | (55,882) | (55,882) | - | (55,882) | - | (55,882) |
| Saoráid creidmheasa imrothlaigh | - | - | - | - | - | - | - |
| Nóta iasachta neamhurraithe (nóta 19) | - | (495) | (495) | - | (495) | - | (495) |
| Rótharraingtí | - | (3,560) | (3,560) | (3,560) | - | - | (3,560) |
| | 98,969 | (80,936) | 18,033 | 14,559 | 3,474 | - | 18,033 |

| 25 Márta 2020 | Iasachtaí agus infháltais €'000 | Dliteanais de réir an chostais amúchta €'000 | Suim ghlanluacha iomlán €'000 | Leibhéal 1 €'000 | Leibhéal 2 €'000 | Leibhéal 3 €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Infháltais trádála | 37,149 | - | 37,149 | - | 37,149 | - | 37,149 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 36,657 | - | 36,657 | 36,657 | - | - | 36,657 |
| Ioncam fabhraithe | 14,484 | - | 14,484 | - | 14,484 | - | 14,484 |
| Infháltais eile | 5,983 | - | 5,983 | - | 5,983 | - | 5,983 |
| Suimeanna iníoctha trádála | - | (13,019) | (13,019) | - | (13,019) | - | (13,019) |
| Suimeanna iníoctha eile | - | (54,052) | (54,052) | - | (54,052) | - | (54,052) |
| Saoráid creidmheasa imrothlaigh | - | (24,522) | (24,522) | (24,522) | - | - | (24,522) |
| Nóta iasachta neamhurraithe (nóta 19) | - | (495) | (495) | - | (495) | - | (495) |
| Rótharraingtí | - | (10,634) | (10,634) | (10,634) | - | - | (10,634) |
| | 94,273 | (102,722) | (8,449) | 1,501 | (9,950) | - | (8,449) |

Luachanna córa a mheas

Mínítear thíos na príomh-mhodhanna agus na príomhthoimhdí a úsáidtear chun luachanna córa sócmhainní agus dliteanas airgeadais a mheas.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim lena n-áirítear taiscí bainc gearrthéarma

I gcás taiscí bainc gearrthéarma agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, ar cinn iad go léir ag a bhfuil aibíocht níos lú ná trí mhí, meastar go léirítear leis an luach anonn garmheastachán réasúnach ar an luach cóir.

Suimeanna iníoctha agus infhála trádála agus eile

I gcás na suimeanna infhála agus iníoctha a bhfuil téarma níos lú ná aon bhliain amháin fágtha ina leith, nó ag a bhfuil iarmhéideanna éilimh, is garmheastachán réasúnach ar an luach cóir é an tsuim ghlanluacha lúide lamháltas bearnúcháin, nuair is iomchuí.

Iasachtaí

Déantar luach cóir na n-iasachtaí a ríomh ar bhonn sreafaí airgid lascainithe príomhshuime agus úis sa todhchaí.





## 27. Ionstraimí airgeadais agus bainistíocht riosca ar lean

### (a) Bainistíocht riosca airgeadais

Fágann oibríochtaí an Ghrúpa go nochtar é ar rioscaí airgeadais éagsúla lena n-áirítear riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca margaidh. Tá creat bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa lena bhféachtar le teorainn a chur le tionchar na rioscaí sin ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Tá sé ina bheartas ag an nGrúpa na rioscaí sin a bhainistiú ar bhealach neamh-amhantrach.

Tugtar faisnéis sa nóta seo ar neamhchosaint an Ghrúpa ar gach ceann de na rioscaí thuas agus ar na cuspóirí, na beartais agus na próisis atá i bhfeidhm chun na rioscaí a thomhas agus a bhainistiú. Áirítear nochtuithe cainníochtúla agus cáilíochtúla eile ar fud an nóta seo.

Is ar Bhord Stiúrthóirí na Cuideachta atá an fhreagracht fhoriomlán as creat bainistíochta riosca an Ghrúpa a chur ar bun agus as maoirseacht a dhéanamh air.

Cuirtear beartais bainistíochta riosca an Ghrúpa ar bun chun na rioscaí atá ag an nGrúpa a shainaithint agus anailís a dhéanamh orthu, chun teorainneacha agus rialuithe riosca iomchuí a leagan amach, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar chomhlíonadh na dteorainneacha. Déantar athbhreithniú rialta ar bheartais agus ar chórais bainistíochta riosca chun athruithe ar dhálaí an mhargaidh agus ar ghníomhaíochtaí an Ghrúpa a léiriú. Tá sé ina aidhm ag an nGrúpa, trína chaighdeáin agus a nósanna imeachta oiliúna agus bainistíochta, timpeallacht rialála dhea-rialaithe, dhearfach a chothú ina dtuigeann na fostaithe go léir na róil atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu.

Déanann Coiste Riosca agus Iniúchóireachta an Ghrúpa maoirseacht ar an gcaoi a ndéanann an lucht bainistíochta monatóireacht ar chomhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca an Ghrúpa, agus déanann an Coiste athbhreithniú ar leordhóthanacht an chreata bainistíochta riosca i ndáil leis na rioscaí atá ag an nGrúpa. Cabhraíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí le Coiste Riosca agus Iniúchóireachta an Ghrúpa i leith na maoirseachta sin. Déanann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithnithe rialta agus athbhreithnithe ad hoc ar rialuithe agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, agus tugtar tuairisc don Choiste Riosca agus Iniúchóireachta faoi thoradh an athbhreithnithe sin.

### (b) Riosca creidmheasa

Is é is riosca creidmheasa ann an riosca caillteanais airgeadais don Ghrúpa a thiocfaidh chun cinn má mhainníonn custaiméir nó contrapháirtí in ionstraim airgeadais a oibleagáidí conartha a chomhlíonadh. Tagann sé chun cinn go príomha ó shuimeanna infhála an Ghrúpa ó chustaiméirí agus ó airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

Léirítear le suimeanna glanluacha na sócmhainní airgeadais an neamhchosaint creidmheasa uasta.

Saintréithe ar leith gach custaiméara is mó a théann i bhfeidhm ar neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca creidmheasa. Mar sin féin, déanann an lucht bainistíochta breithniú freisin ar na tosca a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar riosca creidmheasa an bhoinn custaiméirí, lena n-áirítear an riosca mainneachtana a bhaineann leis an tionscal agus leis an tír ina bhfuil custaiméirí ag feidhmiú.

Tá beartas creidmheasa curtha ar bun ag an nGrúpa faoina ndéantar grinnfhiosrúchán ar gach custaiméir nua ó thaobh acmhainneacht creidmheasa de sula dtairgtear téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha íocaíochta agus seachadta an Ghrúpa dó. Mar chuid den athbhreithniú a dhéanann an Grúpa, féachtar ar rátálacha seachtracha agus teistiméireachtaí trádála más ann dóibh. Bunaítear teorainneacha creidmheasa i leith gach custaiméara agus déantar athbhreithniú bliantúil orthu, nó athbhreithniú ar bhonn eile más gá. Déantar teorainneacha creidmheasa a fhaomhadh trí mhaitrís faofa ina bhfuil daoine den Fhoireann Ardbhainistíochta, sa ghnó agus san Ionad Grúpa araon. Faoin monatóireacht ar riosca creidmheasa custaiméirí, déantar custaiméirí a ghrúpáil de réir a saintréithe, lena n-áirítear an áit a bhfuil siad, an tionscal lena mbaineann siad, a gcúlra trádála leis an nGrúpa, agus aon deacrachtaí airgeadais a bhain leo roimhe sin.

Ba é seo a leanas an neamhchosaint ar riosca creidmheasa i gcás suimeanna infhála trádála agus sócmhainní conartha de réir réigiún geografach ar an 31 Márta 2021.

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | 22,331 | 25,788 |
| An Ríocht Aontaithe | 15,308 | 9,123 |
| An chuid eile den Eoraip | 3,044 | 4,909 |
| | 40,683 | 39,820 |

## 27. Ionstraimí airgeadais agus bainistíocht riosca ar lean

### (b) Riosca creidmheasa ar lean

**Measúnú ar an gcaillteanas creidmheasa ionchasach i ndáil le custaiméirí ar leith**

Baineann an Grúpa úsáid as maitrís lamháltais chun caillteanais chreidmheasa ionchasacha na suimeanna infhála trádála ó chustaiméirí ar leith a thomhas, lena gcuimsítear líon an-mhór iarmhéideanna beaga.

Ríomhtar na rátaí caillteanais le modh ráta rollta atá bunaithe ar an dóchúlacht atá ann go rachadh suim infhála trí chéimeanna éagsúla rédhliteachta go dtí go ndéanfaí í a dhíscríobh. Ríomhtar rátaí rollta ar leithligh don neamhchosaint i ndeighleoga éagsúla bunaithe ar na saintréithe coiteanna riosca creidmheasa seo a leanas – réigiún geografach, aois na gaolmhaireachta leis an gcustaiméir, agus an cineál táirge arna cheannach.

Tá faisnéis sa tábla seo a leanas ar an neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus caillteanais chreidmheasa ionchasacha i gcás suimeanna infhála trádála agus sócmhainní conartha ó chustaiméirí ar leith amhail an 31 Márta 2021 agus an 25 Márta 2020.

| | Meánráta caillteanais ualaithe | Oll-luach de réir na leabhar €'000 | Lamháltas caillteanais €'000 | Creidmheas lagaithe |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | | | | |
| Reatha (nach bhfuil dlite thar téarma) | 0.2% | 32,253 | 65 | No |
| 1–30 lá thar téarma | 4.0% | 6,025 | 241 | No |
| 31–60 lá thar téarma | 10.0% | 943 | 94 | No |
| 61–90 lá thar téarma | 25.0% | 50 | 13 | No |
| Breis is 90 lá thar téarma | 66.0% | 1,412 | 932 | No |
| | | **40,683** | **1,345** | |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | | | | |
| Reatha (nach bhfuil dlite thar téarma) | 0.2% | 30,932 | 62 | No |
| 1–30 lá thar téarma | 4.0% | 3,718 | 149 | No |
| 31–60 lá thar téarma | 9.5% | 1,171 | 111 | No |
| 61–90 lá thar téarma | 20.0% | 502 | 100 | No |
| Breis is 90 lá thar téarma | 66.0% | 826 | 545 | No |
| | | **37,149** | **967** | |

Tá na rátaí caillteanais bunaithe ar an gcaillteanas creidmheasa iarbhír i rith na bliana seo a chuaigh thart. Déantar na rátaí sin a iolrú faoi thosca scálacha le léiriú a thabhairt ar dhifríochtaí idir dálaí eacnamaíocha i rith na tréimhse inar bailíodh na sonraí stairiúla, dálaí reatha, agus léargas an Ghrúpa ar dhálaí eacnamaíocha thar shaolré ionchais na suimeanna infhála.

**Gluaiseachtaí sa lamháltas don bhearnú i ndáil le suimeanna infhála trádála**

Is é seo a leanas an ghluaiseacht sa lamháltas don bhearnú i ndáil le suimeanna infhála trádála agus sócmhainní conartha i rith na bliana.

| | €'000 |
|---|---|
| **Iarmhéid an 25 Márta 2020** | **967** |
| Caillteanas lagaithe aitheanta | 607 |
| An fhoráil a úsáid | (229) |
| **Iarmhéid an 31 Márta 2021** | **1,345** |

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**

Bhí €14.6 milliún ag an ngrúpa in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Márta 2021 (2020: 26.1m). Tá an t-airgead tirim agus na coibhéisí airgid thirim ar taisce le contrapháirtithe bainc agus comhpháirtithe institiúide baincéireachta a bhfuil rátáil BBB+ nó níos airde acu, bunaithe ar rátálacha de chuid Standard & Poors.

Rinneadh an bearnú ar airgead tirim a thomhas ar bhonn caillteanais ionchasaigh thar thréimhse 12 mhí, agus léirítear leis aibíocht ghearr na neamhchosaintí. Measann an Grúpa go bhfuil riosca creidmheasa íseal ag baint leis an airgead tirim agus na coibhéisí airgid thirim dá chuid, bunaithe ar rátálacha creidmheasa seachtracha na gcontrapháirtithe.

Úsáideann an Grúpa cur chuige comhchosúil chun measúnú a dhéanamh ar chaillteanais chreidmheasa ionchasacha ar airgead tirim agus coibhéisí airgid agus chun measúnú a dhéanamh i leith urrúis fiachais.





## 27. Ionstraimí airgeadais agus bainistíocht riosca ar lean

### (c) Riosca leachtachta

Is é atá i gceist le riosca leachtachta an riosca go mbeidh deacracht ag an nGrúpa a oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite. Is é cur chuige an Ghrúpa i dtaobh an leachtacht a bhainistiú ná a chinntiú go mbeidh a dhóthain leachtachta aige i gcónaí chun a dhliteanais a íoc nuair a bheidh siad dlite, faoi ghnáthdhálaí agus faoi dhálaí anáis araon, gan caillteanais dho-ghlactha a thabhú ná gan an baol a bheith ann go ndéanfaí dochar do cháil an Ghrúpa.

**Leachtacht atá ar fáil**

Tá na saoráidí rótharraingthe agus iasachta neamhtharraingthe ag an ngrúpa

| Saoráid | Méid tarraingthe amhail ar an 31 Márta 2021 €'000 | Iomlán na Saoráide €'000 | Saoráid neamh-tharraingthe atá ar fáil €'000 |
|---|---|---|---|
| Saoráid creidmheasa imrothlaigh | - | 125,000 | 125,000 |
| Rótharraingt bhainc | 3,560 | 40,000 | 36,440 |
| Iomlán | 3,560 | 165,000 | 161,440 |

Rinne an Chuideachta agus fochuideachtaí áirithe "Socrú Ciste Airgid" lena bpríomhbhaincéirí. Áirítear leis an socrú sin máistir-chomhaontú glanluachála airgid i ndáil le cuntais shonraithe atá cuimsithe faoin gcomhaontú sin. Tá gach fochuideachta Éireannach san áireamh sa socrú sin.

**Aibíochtaí conarthacha**

Is iad seo a leanas aibíochtaí conarthacha dhliteanais airgeadais an Ghrúpa, lena n-áirítear íocaíochtaí úis measta.

| Amhail ar an 31 Márta 2021 | Suim ghlanluacha €'000 | Sreafaí airgid conarthacha €'000 | Níos lú ná 1 bhliain amháin €'000 | 1-2 bhliain €'000 | 2 bhliain-5 bliana €'000 | Breis is 5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí: | | | | | | |
| Saoráid creidmheasa imrothlaigh | - | - | - | - | - | - |
| Iomlán | - | - | - | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 76,881 | (76,881) | (76,881) | - | - | - |
| Rótharraingt bhainc | 3,560 | (3,560) | (3,560) | - | - | - |
| Iomlán | 80,441 | (80,441) | (80,441) | - | - | - |

| Amhail ar an 25 Márta 2020 | Suim ghlanluacha €'000 | Sreafaí airgid conarthacha €'000 | Níos lú ná 1 bhliain amháin €'000 | 1-2 bhliain €'000 | 2 bhliain-5 bliana €'000 | Breis is 5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí: | | | | | | |
| Saoráid creidmheasa imrothlaigh | 25,000 | (25,000) | (25,000) | - | - | - |
| Iomlán | 25,000 | (25,000) | (25,000) | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 67,071 | (67,071) | (67,071) | - | - | - |
| Rótharraingt bhainc | 10,634 | (10,634) | (10,634) | - | - | - |
| Iomlán | 77,705 | (77,705) | (77,705) | - | - | - |

## 27. Ionstraimí airgeadais agus bainistíocht riosca ar lean

### (d) Riosca margaidh

Is é is riosca margaidh ann an riosca go rachaidh athruithe ar phraghsanna margaidh agus innéacsanna, amhail ráta malairte eachtraí agus rátaí úis, i bhfeidhm ar ioncam an Ghrúpa nó ioncam na Cuideachta nó ar luach na n-ionstraimí airgeadais atá ar seilbh acu.

**Riosca ráta malairte eachtraí**

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca malairte eachtraí aistriúcháin ar a chuid oibríochtaí sa Ríocht Aontaithe agus riosca ráta malairte idirbhirt ar cheannacháin agus ar dhíolacháin. Ní mheastar gurb ábhartha don Ghrúpa é éifeacht an aistriúcháin ar riosca oibríochta eachtraí agus riosca ráta malairte idirbhirt ar cheannacháin agus ar dhíolacháin.

| | 31 Márta 2021 | | 25 Márta 2020 | |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 USD | €'000 GBP | €'000 USD | €'000 GBP |
| Infháltais trádála | - | 1,716 | 133 | 6,985 |
| Suimeanna iníoctha trádála | (413) | (546) | (21) | (847) |
| **Glan-neamhchosaint an chláir chomhardaithe** | **(413)** | **1,170** | 112 | 6,138 |
| Réamh-mheastachán maidir le díolacháin sna sé mhí amach anseo | - | 4,262 | - | 26,032 |
| Réamh-mheastachán maidir le ceannacháin sna sé mhí amach anseo | - | (244) | - | (14,578) |
| Réamh-mheastachán maidir leis an nglan-neamhchosaint idirbheart | - | 4,018 | - | 11,454 |
| Conarthaí réamh-mhalairte | - | - | - | (6,557) |
| **Glan-Neamhchosaint Thuartha** | **-** | **4,018** | **-** | **4,897** |

Cuireadh na rátaí malairte suntasacha seo a leanas i bhfeidhm i rith na bliana:

| | Meánráta | | Spotráta ag deireadh na bliana | |
|---|---|---|---|---|
| | 2021 | 2020 | 2021 | 2020 |
| USD | 1.1665 | 1.1115 | 1.1725 | 1.0827 |
| GBP | 0.8921 | 0.8747 | 0.8521 | 0.9150 |

**Anailís ar íogaireacht**

Níl aon neamhchosaint ag an nGrúpa ag deireadh na bliana ar ghluaiseachtaí i ndollar na Stát Aontaithe. Dá n-éireodh an steirling ní ba láidre (ní ba laige) le hais an euro ar an 31 Márta 2021, rud a d'fhéadfadh tarlú le réasún, bheadh tionchar aige sin ar thomhas na n-ionstraimí airgeadais atá ainmnithe i steirling agus bheadh tionchar aige ar an gcothromas agus ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas de réir na méideanna atá léirithe thíos. Glactar leis san anailís seo nach dtagann aon athrú ar gach athróg eile, go háirithe rátaí úis, agus déantar neamhaird d'aon tionchar a bhaineann le réamh-mheastacháin ó thaobh díolachán agus ceannachán de.

| | Brabús nó caillteanas | | Cothromas, glan ar cháin | |
|---|---|---|---|---|
| | Treisiú | Lagú | Treisiú | Lagú |
| **Dé Céadaoin, an 31 Márta 2021** | | | | |
| GBP (Gluaiseacht +/-5%) | 118 | (108) | – | – |
| **Dé Céadaoin, an 25 Márta 2020** | | | | |
| GBP (Gluaiseacht +/-5%) | 411 | (374) | – | – |

## 28. Iar-theagmhais

Ar an 5 Bealtaine 2021, dhún an Grúpa socrú maoinithe tionscadail €100 milliún d'Fheirm Ghaoithe Chluain Críon atá lonnaithe i gContae Uíbh Fhailí. Ní gá coigeartú a dhéanamh air seo leis na Ráitis Airgeadais

Níor tharla aon teagmhas idir an dáta tuairiscithe agus an dáta a d'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar ghá é a nochtadh sna ráitis airgeadais agus/nó ar ghá na ráitis airgeadais a choigeartú dá bharr.

## 29. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí ráitis airgeadais na Cuideachta ar an 22 Meitheamh 2021.





# Ráitis Airgeadais Eintitis na Cuideachta

Don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021

# Clár Comhardaithe na Cuideachta

## amhail ar an 31 Márta 2021

| | Nóta | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 30 (c) | 4,084 | 5,706 |
| Sócmhainní ceart úsáide | | 29 | 101 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 30 (d) | 1,307 | 1,788 |
| Sócmhainní airgeadais | 30 (b) | 87,777 | 87,777 |
| Méideanna dlite ó chuideachtaí an ghrúpa | | 235,508 | 152,629 |
| Sócmhainn sochair scoir | 25 | 9,638 | 15,992 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 30 (g) | 844 | 1,117 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **339,187** | **265,110** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Infháltais trádála agus eile | 30 (e) | 26,337 | 27,612 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 768 | 44,780 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **27,105** | **72,392** |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **366,292** | **337,502** |
| **Cothromas** | | | |
| **Cothromas atá inchurtha i leith úinéirí na cuideachta** | | | |
| Scairchaipiteal | 20 | 82,804 | 82,804 |
| Scairphréimh | 20 | 1,959 | 1,959 |
| Cúlchiste aistrithe an airgeadra eachtraigh | | 17 | (247) |
| Tuilleamh coimeádta | | 88,291 | 80,838 |
| **Cothromas iomlán** | | **173,071** | **165,354** |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Oibleagáidí maidir le sochar scoir | 30 (i) | 3,133 | 2,850 |
| Iasachtaí | | 495 | 24,522 |
| Dliteanais ceart úsáide | | 1 | 41 |
| Méideanna dlite do chuideachtaí an ghrúpa | | 39,000 | - |
| Forálacha | 30 (h) | 5,992 | 7,102 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 30 (g) | 1,205 | 1,999 |
| **Iomlán na ndliteanas neamhreatha** | | **49,826** | **36,514** |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Dliteanais ceart úsáide | | 32 | 65 |
| Rótharraingt bhainc | | 11,684 | 1,197 |
| Forálacha | 30 (h) | 9,838 | 10,738 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 30 (f) | 121,841 | 123,634 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **143,395** | **135,634** |
| **Iomlán na ndliteanas** | | **193,221** | **172,148** |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **366,292** | **337,502** |

Is bunchuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a théann leo.

Thar ceann an Bhoird

| | |
|---|---|
| **Geoffrey Meagher** | **Tom Donnellan** |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |

22 Meitheamh 2021





# Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas

## don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021

| | Scair-chaipiteal €'000 | Scair-phréimh €'000 | Cúlchiste fálaithe ar an sreabhadh airgid €'000 | Cúlchiste airgeadra eachtraigh €'000 | Tuilleamh coimeádta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | 82,804 | 1,959 | (214) | - | 54,794 | 139,343 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | | | | | |
| Brabús don bhliain | - | - | - | - | 5,321 | 5,321 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | | |
| Atomhais ar dhliteanas le sochar sainithe | - | - | - | - | 20,723 | 20,723 |
| Fálú ar an sreabhadh airgid – cuid éifeachtach d'athruithe ar an luach cóir | - | - | 214 | - | - | 214 |
| Cúlchiste airgeadra eachtraigh – gluaiseacht in oibríochtaí eachtracha | - | - | - | (247) | - | (247) |
| **Idirbhearta le húinéirí na cuideachta** | | | | | | |
| Díbhinní a íocadh le scairshealbhóirí | - | - | - | - | - | - |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 82,804 | 1,959 | - | (247) | 80,838 | 165,354 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | | | | | |
| Brabús don bhliain | - | - | - | - | 17,953 | 17,953 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | | |
| Atomhais ar dhliteanas le sochar sainithe | - | - | - | | (10,500) | (10,500) |
| Fálú ar an sreabhadh airgid – cuid éifeachtach d'athruithe ar an luach cóir | - | - | - | | - | - |
| Cúlchiste airgeadra eachtraigh – gluaiseacht in oibríochtaí eachtracha | - | - | - | 264 | - | 264 |
| **Idirbhearta le húinéirí na cuideachta** | | | | | | |
| Díbhinní a íocadh le scairshealbhóirí | - | - | - | - | - | - |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **82,804** | **1,959** | **-** | **17** | **88,291** | **173,071** |

Is bunchuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a théann leo.

## 30.(a) Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais aonair na Cuideachta i gcomhréir le FRS 101 Creat um Nochtadh Laghdaithe ("FRS 101"). Agus ráitis airgeadais na Cuideachta á n-ullmhú, glacadh díolúintí áirithe um nochtadh atá ar fáil faoi FRS 101. Orthu sin tá:

> ráiteas ar shreabhadh airgid agus nótaí gaolmhara;

> nochtadh maidir le cúiteamh a íocadh le daoine den phríomhlucht bainistíochta;

> nochtadh maidir le hidirbhearta le fochuideachtaí faoi lánúinéireacht;

> nochtadh maidir le bainistíocht caipitil;

> faisnéis chomparáideach áirithe; agus

> éifeachtaí atá ag caighdeáin idirnáisiúnta nua um thuairisciú airgeadais, ar cinn iad nach ngabhann éifeacht leo go fóill.

Toisc go bhfuil an nochtadh coibhéiseach sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, ghlac an Chuideachta na díolúintí faoi FRS 101 atá ar fáil i leith an nochta seo a leanas freisin:

> Nochtadh áirithe a cheanglaítear faoi IFRS 13 Tomhas Cóirluacha agus an nochtadh a cheanglaítear faoi IFRS 7 Nochtadh Ionstraimí Airgeadais;

> Nochtadh áirithe a cheanglaítear faoi IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí agus IFRS 16 Léasanna.

## 30.(b) Sócmhainní airgeadais

| | Fochuideachtaí | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2021 | Scaireanna neamhliostaithe €'000 | Stoc iasachta inchomhshóite €'000 | Iasachtaí €'000 | Iomlán €'000 |
| Ag tús na bliana airgeadais | 11 | - | 87,766 | 87,777 |
| Aisíoctha le linn na bliana | - | - | - | - |
| **Ag deireadh na bliana airgeadais** | **11** | **-** | **87,766** | **87,777** |

| | Fochuideachtaí | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2020 | Scaireanna neamhliostaithe €'000 | Stoc iasachta inchomhshóite €'000 | Iasachtaí €'000 | Iomlán €'000 |
| Ag tús na bliana airgeadais | 11 | - | 87,766 | 87,777 |
| Aisíoctha le linn na bliana | - | - | - | - |
| **Ag deireadh na bliana airgeadais** | **11** | **-** | **87,766** | **87,777** |

An 31 Márta 2021, rinneadh athbhreithniú ar shuim ghlanluacha na hinfheistíochta i ngnóthais fochuideachta le haghaidh bearnúcháin i gcomhréir lenár mbeartais chuntasaíochta. Níor aithníodh aon chaillteanas maidir le bearnú in 2021 (2020: €nialas). Tá liosta de ghnóthais fochuideachta an eintitis leagtha amach i nóta 24.





## 30.(c) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| 2021 | Talamh portaigh, draenáil agus foirgnimh tháirgthe €'000 | Iarnród, gléasra agus innealra €'000 | Talamh ruílse, riarachán agus foirgnimh thaighde €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán an Ghrúpa €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 559 | 2,984 | 11,629 | 846 | 16,018 |
| Méideanna breise | - | 93 | - | - | 93 |
| Diúscairtí/scoir | - | (15) | (341) | - | (356) |
| Aistrithe ionghrúpa | - | (138) | (1,821) | - | (1,959) |
| Aistrithe amach sócmhainní atá á dtógáil | - | - | 598 | (598) | - |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **559** | **2,924** | **10,065** | **248** | **13,796** |
| **Dímheas agus lagú** | | | | | |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | - | 2,845 | 7,467 | - | 10,312 |
| Muirear dímheasa | - | 77 | 562 | - | 639 |
| Diúscairtí/scoir | - | (15) | - | - | (15) |
| Aistrithe ionghrúpa | - | (116) | (1,108) | - | (1,224) |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **-** | **2,791** | **6,921** | **-** | **9,712** |
| **Suim ghlanluacha** | | | | | |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **559** | **133** | **3,144** | **248** | **4,084** |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 559 | 139 | 4,162 | 846 | 5,706 |

| 2020 | Talamh portaigh, draenáil agus foirgnimh tháirgthe €'000 | Iarnród, gléasra agus innealra €'000 | Talamh ruílse, riarachán agus foirgnimh thaighde €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán an Ghrúpa €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | 559 | 2,924 | 10,563 | 918 | 14,964 |
| Méideanna breise | - | 60 | - | 994 | 1,054 |
| Aistrithe amach sócmhainní atá á dtógáil | - | - | 1,066 | (1,066) | - |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | **559** | **2,984** | **11,629** | **846** | **16,018** |
| **Dímheas agus lagú** | | | | | |
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | - | 2,725 | 6,934 | - | 9,659 |
| Muirear dímheasa | - | 120 | 533 | - | 653 |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | **-** | **2,845** | **7,467** | **-** | **10,312** |
| **Suim ghlanluacha** | | | | | |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | **559** | **139** | **4,162** | **846** | **5,706** |
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | 559 | 199 | 3,629 | 918 | 5,305 |

# Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais na Cuideachta
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 30.(d) Sócmhainní doláimhsithe

| 2021 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Bogearraí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ag tús na bliana | 255 | 30,468 | 30,723 |
| Méideanna breise | 309 | 158 | 467 |
| Aistrithe amach sócmhainní atá á dtógáil | (269) | 269 | - |
| **Ag deireadh na bliana** | **295** | **30,895** | **31,190** |
| **Amúchadh agus lagú** | | | |
| Ag tús na bliana | - | 28,935 | 28,935 |
| Muirear don bhliain | - | 948 | 948 |
| Lagú (nóta 7) | - | - | - |
| **Ag deireadh na bliana** | **-** | **29,883** | **29,883** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| **Amhail ar an 31 Márta 2021** | **295** | **1,012** | **1,307** |
| Amhail ar an 25 Márta 2020 | 255 | 1,533 | 1,788 |

| 2020 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Bogearraí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ag tús na bliana | - | 30,214 | 30,214 |
| Méideanna breise | 459 | 50 | 509 |
| Aistrithe amach sócmhainní atá á dtógáil | (204) | 204 | - |
| **Ag deireadh na bliana** | **255** | **30,468** | **30,723** |
| **Amúchadh agus lagú** | | | |
| Ag tús na bliana | - | 24,611 | 24,611 |
| Muirear don bhliain | - | 1,672 | 1,672 |
| Lagú (nóta 7) | - | 2,652 | 2,652 |
| **Ag deireadh na bliana** | **-** | **28,935** | **28,935** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| **Amhail ar an 25 Márta 2020** | **255** | **1,533** | **1,788** |
| Amhail ar an 27 Márta 2019 | - | 5,603 | 5,603 |

## 30.(e) Suimeanna infhála trádála agus eile

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | - | 3 |
| Réamhíocaíochtaí | 1,249 | 1,084 |
| Méideanna atá dlite ag cuideachtaí an ghrúpa | 21,814 | 23,803 |
| Méideanna atá dlite ag comhfhiontair | 2,072 | 939 |
| Infháltais eile | 811 | 474 |
| Ioncam fabhraithe | 149 | - |
| Cáin bhreisluacha | 242 | 1,309 |
| **Iomlán** | **26,337** | **27,612** |



Bord na Móna Cpt

# Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais na Cuideachta
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 30.(f) Suimeanna iníoctha trádála agus eile

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha trádála | 1,984 | 1,747 |
| Fabhruithe | 4,515 | 9,603 |
| Ioncam iarchurtha | - | 131 |
| Deontais chaipitil | - | 354 |
| Suimeanna iníoctha eile | 2,157 | 1,045 |
| Méideanna dlite do chuideachtaí an ghrúpa | 111,512 | 109,114 |
| Creidiúnaithe i ndáil le cáin agus leas sóisialach | 1,673 | 1,640 |
| **Iomlán** | **121,841** | **123,634** |
| **Cuimsítear le creidiúnaithe i ndáil le cáin agus leas sóisialach:** | | |
| Cáin ioncaim a asbhaintear faoi ÍMAT | 784 | 757 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasta | 889 | 883 |
| Cáin chorparáide | - | - |
| **Iomlán** | **1,673** | **1,640** |

## 30.(g) Cáin iarchurtha

| | 31 Márta 2021 €'000 | 25 Márta 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainn cánach iarchurtha ag tús na bliana airgeadais | 882 | (1,020) |
| Aitheanta sa bhrabús nó sa chaillteanas | 916 | (1,505) |
| Aitheanta san ioncam cuimsitheach eile | (1,437) | 3,407 |
| **(Sócmhainn)/dliteanas cánach iarchurtha ag deireadh na bliana** | **361** | **882** |

## 30.(h) Soláthairtí

| 2021 | Athchóiriú na timpeallachta €'000 | Atheagrú agus iomarcaíocht €'000 | Árachas €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ag deireadh na bliana | 2,115 | 5,953 | 9,772 | 17,840 |
| Forálacha a rinneadh sa bhliain | - | - | 1,843 | 1,843 |
| Forálacha a úsáideadh sa bhliain | - | (1,073) | (1,280) | (2,353) |
| Soláthairtí a scaoileadh i gcaitheamh na bliana | - | - | (1,500) | (1,500) |
| **Ag deireadh na bliana** | **2,115** | **4,880** | **8,835** | **15,830** |
| **Méideanna dlite mar seo a leanas:** | | | | |
| Reatha | 2,115 | 4,880 | 2,843 | 9,838 |
| Neamhreatha | - | - | 5,992 | 5,992 |
| **Iomlán** | **2,115** | **4,880** | **8,835** | **15,830** |

| 2020 | Athchóiriú na timpeallachta €'000 | Atheagrú agus iomarcaíocht €'000 | Árachas €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ag deireadh na bliana | 2,115 | 7,582 | 9,913 | 19,610 |
| Forálacha a rinneadh sa bhliain | - | 2,722 | 2,400 | 5,122 |
| Forálacha a úsáideadh sa bhliain | - | (4,351) | (2,541) | (6,892) |
| **Ag deireadh na bliana** | **2,115** | **5,953** | **9,772** | **17,840** |
| Méideanna dlite mar seo a leanas: | | | | |
| Reatha | 2,115 | 5,953 | 2,670 | 10,738 |
| Neamhreatha | - | - | 7,102 | 7,102 |
| **Iomlán** | **2,115** | **5,953** | **9,772** | **17,840** |

Le haghaidh tuilleadh sonraí a bhaineann leis an soláthar thuas, féach Nóta 18 i ráitis airgeadais an ghrúpa.

# Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais na Cuideachta
don bhliain dar chríoch an 31 Márta 2021 ar lean

## 30.(i) Dliteanais ciste pinsin

Tá dhá scéim pinsin a gcoinnítear cuntas orthu i gclár comhardaithe Bhord na Móna cpt (RWESS agus GESS). Ina theannta sin, aithnítear an scéim neamhchistithe ar an gclár comhardaithe freisin. Tá an tríú scéim pinsin (scéim pinsin BnM Fuels) aitheanta ar chlár comhardaithe Bord na Móna Fuels Limited. Tá faisnéis curtha ar fáil faoi na scéimeanna pinsin sin i gcomhréir le Nóta 25 a ghabhann leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Toisc nach bhfuil aon difríochtaí ábhartha idir an fhaisnéis a thugtar sna nótaí comhdhlúite agus faisnéis na cuideachta, roghnaíodh gan an fhaisnéis sin a mhacasamhlú.

## 30.(j) Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 22 Meitheamh 2021.

[1]Ní fhoilsítear Caighdeáin agus beartais áirithe go seachtrach

Bord na Móna,
An Phríomhshráid, Droichead Nua,
Co. Chill Dara, W12 XR59

T. (045) 439000
R. info@bnm.ie
U. www.bnm.ie